



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Acadamh na  
hOllscolaíochta Gaeilge



LÉANN TEANGA  
AN REIVIÚ

2014

## Clár

Eagarfhocal.....	1
<b>Réamhrá</b>	
Alan Tittle.....	2
<b>Aistriúchán ar leabhar cócaireachta: An Próiseas agus na Dúshláin</b>	
Anna Lee.....	5
<b>Machnamh ar Eispéireas na Foghlama Aisioncronaí</b>	
Belinda McHale.....	25
<b>Iniúchadh ar an Tionchar a Imríonn Club Gaeilge i Meánscoil Lán-Bhéarla ar Inspreagadh Daltai i Leith Fhoghlaim na Gaeilge</b>	
Tammy Ní Laoire.....	35
<b>Conspóidí an Ghúim: Léargas óna Chartlann</b>	
Dorothy Ní Uigín.....	50
<b>An Tairbhe agus na Dúshláin a bhaineann le CLIL a chur i bhfeidhm i mBunscoileanna Lán-Bhéarla</b>	
Fergus Seoighe.....	64
<b>Aistriúchán a rinne Gabriel Rosenstock ar ‘T’m so Lonesome I Could Cry’ le Hank Williams</b>	
Gabriel Rosenstock.....	63
<b>Léirmheas ar an leabhar <i>Translation in the Digital Age</i> le Michael Cronin</b>	
Catherine Francis, Cillian Hanaphy, Maria Nic Chochláin, Siobhán Ní Chualáin, Máire Rós Ní Loingsigh agus Helen Ó Catháin.....	77
<b>Léirmheas ar an iris <i>Journal of Multilingual and Multicultural Development</i> Imleabhar 35, Eagrán 2, 2014</b>	
Bríd Ní Chualáin, Ben Ó Ceallaigh agus Declan Quinn.....	81
<b>Beathaisnéisí na Scríbhneoirí 2014.....</b>	<b>85</b>
<b>Beathaisnéisí na Mac Léinn 2014.....</b>	<b>87</b>



## Eagarfhocal

Bhur gcéad fáilte chuig an dara heagrán de *Léann Teanga: An Reiviú*, iris a fhoilsítear go bliantúil mar chuid den chúrsa MA (Léann Teanga) le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Is iad an t-aistriúchán, an tsochtheangeolaíocht, an teangeolaíocht, agus teagasc teangacha na réimsí éagsúla léinn a bhíonn faoi chaibidil san iris seo. Anois agus an t-eagrán is déanaí den iris seo foilsithe, táthar ag súil go mbeidh toradh na hoibre sin mar acmhainn luachmhar do lucht acadúil na Gaeilge agus do mhic léinn trí chéile amach anseo.

Tá an Coiste Eagarthóireachta go mór faoi chomaoin acu siúd ar fad a chuir comhairle orainn agus a thug cabhair agus cúnadh dúinn *An Reiviú* a chur in eagar. Is mór an onóir dúinn gur ghlac an tOllamh Alan Titley lenár gcuireadh réamhrá a scríobh don eagrán seo.

Tá muid an-bhuíoch de na scríbhneoirí uile a d'fhreagair an glaoch agus a roinn a gcuid eolais, taighde agus ama go fial flaithiúil linn, agus leis na piarmheasúin a chinntigh ardchaighdeán na hirise. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d'fhoireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge idir stiúrthóirí, léachtóirí agus theagascóirí an chúrsa MA (Léann Teanga) a bhí sásta a gcuid ama agus a gcuid saineolais a roinnt linn i gcónaí, agus le foireann riaracháin agus tacaíochta Áras na Gaeilge as a gcabhair agus a gcomhoibriú. Caithfear dearthóir an tsuimh idirlín, Shannon Reeves, a lua chomh maith as an tsárobair a rinne sé arís i mbliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn a rá go bhfuil muid buíoch de Thaibhdhearc na Gaillimhe as ucht a bheith toilteanach tacú lenár n-iarracht dioscúrsaí acadúla a roinnt leis an bpobal agus glacaimid buíochas le Foras na Gaeilge a rinne urraíocht ar sheoladh na hirise – is mór againn an mhúinín a léiríonn an tacaíocht don togra nua-aoiseach ar-líne seo – agus díol misnigh, tá súil againn, don Choiste a bheidh ag teacht i gcomharbacht orainn in 2015.

### Coiste Eagarthóireachta – Léann Teanga: An Reiviú

*Catherine Francis, Cillian Hanaphy, Maria Nic Chochláin,  
Bríd Ní Chualáin, Siobhán Ní Chualáin, Máire Rós Ní Loingsigh,  
Helen Ó Catháin, Ben Ó Ceallaigh, Declan Quinn*



## Réamhrá

*Le Alan Titley*

<https://doi.org/10.13025/yb70-3a43>

Rud amháin ar féidir a bheith deimhnitheach ina thaobh maidir le saol intleachtúil na hÉireann de ná go bhfuil eolas agus taithí ag lucht na Gaeilge ar chúrsaí teanga. Nuair a bhí an t-athrú mór teanga ar siúl sa tír ón 18ú haois i leith ba bheag an machnamh córasúil a deineadh air. Is fíor gur aithin pobal na Gaeilge cad a bhí ar bun, ach ar éigean gur dhúisigh sé smaointe ar bith i measc an chinsil Bhéarla. Nuair a thosnaigh ‘an athbheochan’ is léir gur caitheadh dua thar a bheith díocasach le ceisteanna teanga ach ar éigean go raibh aon phioc de sin tógtha ar phrionsabail eolaíochtúla.

Is é atá tarlaithe le scór éigin bliain anuas, agus go háirithe laistigh de leath an ama sin, ná go bhfuil machnóirí na Gaeilge ag cruinniú an eolais atá bailithe acu le ceithre ghlúin ar ais agus a bhfuil ar siúl amuigh ansin go hidirnáisiúnta d’fhonn dioscúrsa nua teangeolaíochta a chruthú. Is é nár chuireamar treise go leor leis, dar liom, ná go raibh tréan taithí againn ar dhálaí teangacha a mhúineadh, a shealbhú, a fhoghlaim, is a chailliúint.

Léiriú follasach ar an eolas agus ar an taithí sin is ea an iris seo, céim bheag mhór chun staidéar teanga a chur ar bhonn níos daingne agus ar leathnú a dhéanamh ar ár gcuid tuiscintí isteach. Tá idir fhadhbanna teoiriciúla agus cheisteanna praiticiúla i lúib an eagráin seo, agus iad uile bunaithe ar thaighde mionchúrsach ar deacair cur ina gcoinne, fara léirmheasanna ar leabhair ar gá eolas a bheith ina dtaobh don té ar mhaith leis a bheith bord ar aon lena bhfuil ar siúl sa réimse seo eolais.

Is mór an moladh go bhfuil cuid de na haistí anseo bunaithe ar thaighde eimpíreach, ar staidéar sa ghort. Orthu sin, go háirithe, tá na haistí ag Fergus Seoighe agus ag Tammy Ní Laoire a dhéanann trácht eolgaiseach ar thurgnaimh

a bhain le leathnú na Gaeilge ar shlíte éagsúla sa bhunscoil agus sa mheánscoil faoi seach. Ar shlí amháin, gan amhras, ní cúrsaí iontais na torthaí a fhionnann siad – go dtéann teagmháil le Gaeilge lasmuigh den ghnáthrang chun tairbhe na foghlama. Tá a leithéid seo á áiteamh ar feadh na mblianta ag daoine gur lag leo múineadh na teanga i suímh fhoirmeálta amháin. Tá de bhuntáiste ag na haistí seo ná go léiríonn siad ar mhodh eolaíochtúil go n-oibríonn a leithéid, agus gur féidir, dá réir sin, iad a chur chun fónaimh turgnaimh agus pleananna eile amach anseo. Ba dhóigh leat gur cheart iad a bheith mar ghairm scoile ag lucht pleanála oideachais feasta.

Tá aiste Anna Lee ar na deacraí a leanann aistriúchán ar leabhar cócaireachta ina eiseamláir den saghas seo staidéir. Cuireann di gan aon róbhraca an chuid riachtanach faoi theoiric an aistriúcháin – an rud atá le déanamh faoi theoiric an aistriúcháin ná glacadh le ceann amháin díobh agus scaoileadh le cách eile – agus gabhann láithreach chun na bhfadhbanna praiticiúla, agus is iad atá iomadúil. Roimhe sin, áfach, admháonn gur bhain sí leas as an gcaighdeán athbheithnithe, agus n’headar nach é seo an chéad admháil dá sórt ar chlár na cruinne! Tá sí iontach soiléir, leis, maidir leis na hacmhainní teanga agus aistriúcháin ar bhain sí leas astu, agus is mór an áis an méid seo do dhuine ar bith a leanfaidh an bóthar céanna, go fiú lasmuigh de raon na cócaireachta. Is é an mionmhíniú a leanann fadhbanna beaga an aistriúcháin is mó is díol suime, áfach, mar i ngnó an aistriúcháin is iad na fadhbanna is lú na cinn is mó chomh maith céanna.

Ba cheart go gcuirfí spéis faoi leith sa chur síos atá ag Dorothy Ní Uigín ar chuid de na conspóidí a lean bunú an Ghúim, mar cé go raibh an Gúm ina ‘ghallán Sóivéadach’ (i bhfocail an Chadhnaigh) agus ina phríomhfhoilsitheoir na Gaeilge ar feadh breis agus tríocha éigin bliain, is caol ar fad an scagadh ceart atá déanta air go nuige seo. Is fíor go bhfuil seo ag athrú ábhairín le suim bhlianta anuas, anois go bhfuil teacht ar na comhaid sa Chartlann Náisiúnta, comhaid ar bhain Dorothy lánleas astu le haghaidh na haiste seo. Díríonn sí go háirithe ar an teannas a bhí ann idir orgán an stáit agus na foilsitheoirí príobháideacha, agus go sonrath ar na haighnis a bhí ann timpeall ar Sháirséal agus Dill a bhris múnla na foilsitheoireachta nuair a bunaíodh iad. Tráchtann sí go suimiúil, leis, ar cheist an chló agus ar na cogáí a fearadh timpeall ar an gcló Rómhánach agus ar an gcló Gaelach, ar thug Earnán de Blaghd ‘Elizabethan print’ air, go cruinn, caithfear a rá. Nuair a deir daoine nach bhfuil difear ar bith idir Fine Gael agus Fianna Fáil is féidir ceist an chló a tharraingt anuas mar bhréag orthu!

D’admhódh Dorothy féin nach bhfuil anseo ach scríobadh ar screamh maidir leis an nGúm de, agus taispeánann sí an tslí leis an aiste seo. Cé go raibh Seosamh

Mac Grianna cáinteach go mór ar an nGúm, mar shampla, rinne siad a seacht ndícheall dó ó thaobh airgid de; agus cé go raibh Máirtín Ó Cadhain níos binbí fós, ba é féin a chéad rinne teagmháil leo, agus bhí breá sásta leabhair a chur faoina mbráid chomh déanach le lár na gcaogaidí go dtí go bhfuair sé post i gColáiste na Tríonóide. Ní féidir dearmad a dhéanamh go raibh príomhscólairí na Gaeilge ag obair i gcomhpháirt leis an nGúm ón tús, ina measc siúd An Seabhac, agus Tórna, an té a mhaígh nach raibh ach leathchéad duine a raibh léamh na Gaeilge acu sa chló Gaelach sa tír tar éis an Ghorta (rud nach raibh fíor, gan amhras). Seans gurb é tromán na haiste ag Dorothy ná gur cheart do dhuine éigin stair na foilsitheoireachta Gaeilge san 20ú haois a scríobh.

Tagann ceisteanna teicniúla agus ríomhaireachta i gceist san aiste ag Belinda McHale ina machnamh ar eispéireas na foghlama aisioncraí, agus sa léirmheas ag cuid de na heagarthóirí ar an leabhar *Translation in the Digital Age* le Michael Cronin araon. Cur chuige nua i bhfoghlaim teangacha atá idir chomáin phléite anseo, ceann acu ag trácht ar eolas praiticiúil agus ar an toradh a bhí air; agus an ceann eile ag gluaiseacht go teoriciúil ar fud an domhain, mar is dual do Mhichael Cronin, arb é an saineolaí is mó é ar theoiricí an aistriúcháin abhus é agus nach maolaíonn ar a pheann dá réir. Is é atá sa léirmheas eile atá leis seo ná beachtaíocht ar an *Journal of Multilingual and Multicultural Development* ina leathnaítear ar scóip ár machnaimh chomh fada leis an Afraic Theas, le hOileáin Fiji, leis na Stáit Aontaithe agus eile. Is de shuimiúlacht, áfach, ná go dtógtar an plé ar ais arís is arís chun na hÉireann agus chun na Gaeilge, rud a fhágann gur saibhrede ár dtuiscint ag an eitilt thar lear.

As lár na teoirice agus an taighde seo, tá aon iarracht phraiticiúil de cheird an aistriúcháin, gan nótaí, gan tráchttaireacht. Is é sin an leagan de ‘I’m so lonesome’ le Hank Williams a d’aistrigh Gabriel Rosenstock. Is fada Gabriel ag aistriú scothfhillíocht na hEorpa agus an domhain go Gaeilge, agus le tamall anuas tá leaganacha d’amhráin atá i mbéal an phobail á dtiontú aige. Bheifeá ag súil go mbeadh an leagan uaidh cruinn agus fileata in éineacht. Is í an t-aon cheist ná an féidir í a chanadh? Is féidir! Bhain mé féin triail as, agus sheol go binn...

Is í éagsúlacht na hirise seo a léiríonn fairsinge agus fiúntas an eolais atá againn maidir le staidéar teanga de in Éirinn. Tá an t-eolas sin bunaithe ar an nGaeilge den chuid is mó. Cé gur den traidisiún sin na staidéir atá anso, léiríonn siad go bhfuil cur amach ag glúin óg taighdeoirí ní hea amháin ar na modhanna is mó gearradh, ach ar a bhfuil ar siúl ar fud an tsaoil mhóir chomh maith céanna.

*Alan Titley*



## **Aistriúchán ar leabhar cócaireachta: An Próiseas agus na Dúshláin**

*Le Anna Lee*

<https://doi.org/10.13025/sf4x-7450>

### **Réamhrá**

Tá an t-alt seo bunaithe ar an aistriúchán anótáilte a rinneadh ar shleachta roghnaithe as an *Avoca Café Cookbook*. Tugadh faoin togra seo mar ábhar miontráchtas don chúrsa MA (Léann Teanga). San alt seo pléitear gnéithe spéisiúla den bhuntéacs, den spriochtéacs agus cinntí tábhachtacha a bhí le déanamh maidir le téarmaíocht, focail iasachta agus modhanna aistriúcháin. Baineadh leas as múnla Jean-Paul Vinay agus Jean Darbelnet, a phléitear go mion sa leabhar *Introducing Translation Studies: Theories and Applications* le Jeremy Munday (2012), chun an tráchttaireacht a dhéanamh ar an aistriúchán.

### **Comhthéacs**

Roghnaíodh an téacs thuasluaite i ngeall ar an dúshlán a bhain lena aistriú agus an éagsúlacht stíleanna atá ann. Bhíothas ag iarraidh téacs praiticiúil a aistriú atá dírithe ar úsáid shóisialta teanga mar gheall ar thábhacht an tsealbhaithé shóisialta do mhionteangacha amach anseo. Is cinnte gur gníomhaíocht shóisialta í an chócaireacht. Maíonn Conchúr Ó Giollagáin (2012) nach mairfidh mionteanga ar bith gan ‘dlús criticiúil cainteoirí baile mionteanga agus forás sóisialta na n-óg sa mhionteanga.’ Ina cheann sin, tá tábhacht ag baint le hábhar atá reatha agus úsáideach a aistriú.

Bhí ceist ann mar gheall ar chóipcheart an ailt seo toisc go bhfoilsítear *Léann Teanga: An Reiviú* mar iris ar líne. Chuathas i dteagmháil le húdar an leabhair, Hugo Arnold, chun cead a lorg uaidh cuid den bhuntéacs a fhoilsiú leis an alt seo. Rinneadh cinneadh i gcomhar leis an údar agus Stiúrthóir Avoca, Simon Pratt, gan na hoidis iad féin a fhoilsiú ar líne, agus mar sin, ní fheictear cuid de na samplaí a phléitear sna míreanna roghnaithe den spriocthéacs a fhoilsítear leis an alt seo.

### **Cur Chuige don Aistriúchán, Anailís ar an mBuntéacs & Teoiric an Aistriúcháin**

Maíonn Antain Mac Lochlainn (2000: 26) go bhfuil dhá mheon i gceist maidir le cur chuige an aistritheora, iad siúd ‘a mhaíonn gur dual don aistritheoir a bheith dílis don bhuntéacs – idir chiall agus fhriotail’ agus iad siúd ‘a mhaíonn gur ar an léitheoir ba chóir don aistritheoir a aird a dhíriú agus aistriúchán a sholáthar de réir choinbhinsiúin teanga agus chultúir an léitheora, fiú más gá gnéithe den bhuntéacs a íobairt chuige sin.’ Tá cumhacht an aistritheora soiléir ón méid atá le rá ag Mac Lochlainn ach caithfidh an t-aistritheoir aird a thabhairt ar an dualgas atá air mar a mhaíonn Ó Ruairc (1997: 47):

Is é príomhchuspóir an aistriúcháin téacs an údair sa bhunteanga a chur ar fáil don léitheoir sa sprioctheanga ionas nach gá dó an buntéacs féin a léamh ach go bhfuil teachtaireacht an údair faighte aige amhail is dá mbeadh sé léite aige sa bhunteanga féin.

Caithfear, mar sin, díriú ar mheon an aistritheora ghairmiúil agus tú ag tabhairt faoi phársa aistriúcháin chun spriocthéacs críochnúil, ar ardchaighdeán a sholáthar, atá dílis don bhuntéacs. Is fiú go mór suntas a thabhairt do ghnéithe cultúrtha agus a leithéid a chabhróidh leis an spriocléitheoir tuiscint cheart a bhaint as an spriocthéacs aistrithe.

### **An Chaighdeán Athbhreithnithe**

Baineadh leas as rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil Athbhreithnithe (2012) den chuid is mó agus an t-aistriúchán idir lámha, agus tugadh aird freisin ar threoir stíle an Ghúim. Tá líon mór figiúirí sna hoidis sa bhuntéacs agus de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe, ‘I gcás gur i bhfigiúirí a scríobhtar na huimhreacha, moltar an t-athrú tosaigh is cuí don fhiúir deiridh a chur i bhfeidhm ar fhoirm chúil an ainmfhocail de réir chóras na mbunuihmreacha’ (2012: 164). Measadh



go mbeadh an cur chuige sin míshlachtmhar agus ciotach ó thaobh stíl agus cuma an aistriúcháin de, agus dá bhrí sin, leanadh treoír an Ghúim, ‘Ní chuirtear séimhiú ná urú ar ainmfhocail i ndiaidh na bhfigiúirí ó 20 amach’. Chuige sin, tá, mar shampla, 36 briosca in ionad 36 bhriosca sa spriochtéacs ach 8 n-unsá, mar shampla, i gcás na n-uimhreacha faoi bhun 20.

## Acmhainní Teanga

Fuarthas roinnt comhairle an-luachmhar ón bpríomhchócaire aitheanta, Brian Ó Domhnaill. Pléifear an chomhairle seo níos déanaí i dtaobh téarmaíochta faoi leith agus focail iasachta go háirithe. Baineadh úsáid as cúpla acmhainn tacaíochta le linn phróiseas an aistriúcháin – *Lámhleabhar Bia agus Dí* a d’fhoilsigh Foras na Gaeilge in 2003, an foclóir *Eacnamaíocht Bhaile* a d’fhoilsigh an Gúm i 1982 agus *Lámhleabhar Miondíola*, a d’fhoilsigh Foras na Gaeilge in 2003. Úsáideadh na hacmhainní seo uile chun éagsúlacht na dtéarmaí atá ar fáil a fheiceáil agus chun an réiteach is fearr nó is nádúrtha a aimsiú.

Chomh maith leis na hacmhainní thuasluaite, baineadh leas as Foclóir Néill Uí Dhónaill (1977) agus as leagan leictreonach den fhoclóir sin, WinGléacht. Is úsáideach an acmhainn í an leagan leictreonach i dtaobh a thapúlachta agus a áisiúlachta. Baineadh leas as *English – Irish Dictionary* a scríobh Tomás de Bhaldraithe (1959). Idir an dá fhoclóir bhíothas in ann a chinntiú nach raibh débhríocht i gceist nó aon easaontú maidir le bríonna comhchosúla a bheith ag focail.

Ina theannta sin, baineadh úsáid as na hacmhainní ar-líne [www.focal.ie](http://www.focal.ie) agus [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie). Tá rogha leathan téarmaíochta le fáil ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie) agus tá neart focal nua-aimseartha liostaithe ar an suíomh. Seoladh an suíomh [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) go hoifigiúil in 2013 agus cé nach bhfuil an t-ábhar uile le feiceáil ar an suíomh go fóill, tá plé cuimsitheach ar chomhthéacs na bhfocal agus na bhfrásaí atá ar an suíomh anois agus cuirfear leis an stór focal go rialta i rith 2014 ([www.focloir.ie](http://www.focloir.ie)).

## Seánra na Cócaireachta

Is féidir gníomhaíocht an-sóisialta a dhéanamh den chócaireacht agus tá traidisiún láidir cócaireachta sa tír seo – páistí ag foghlaim na scileanna ó thuismitheoirí agus ó sheantuismitheoirí. Itheann daoine béilí le chéile go laethúil agus bíonn béilí speisialta ann chun ócáidí a cheiliúradh le teaghlaigh nó le cairde. Deir Fitzgibbon (1968: v), ‘*the aromas from the kitchens of our childhood remain when many other*

*things are forgotten.*' Is iomaí cócaire iomráiteach idirnáisiúnta a fheictear ar an teilifís agus níl easpa cócairí clúiteacha anseo in Éirinn ach oiread, Darina agus Rachel Allen a oibríonn sa scoil chócaireachta iomráiteach *Ballymaloe Cookery School* agus Brian Ó Domhnaill atá bainteach leis an mbialann Danny Minnies in Anagaire, Co. Dhún na nGall, a bhfuil duaiseanna<sup>1</sup> buaite aici.

Tá líon ollmhór leabhar ar fáil i seánra na cócaireachta, a chlúdaíonn gach réimse den chócaireacht, in ainneoin gur traidisiún í a roinntear ó bhéal de ghnáth. Deir Wheaton, luaite ag Máirtín Mac Con Iomaire agus Dorothy Cashman (2011:82), faoi leabhair chócaireachta, *'the exceptional written record of what is largely an oral tradition'*. Tháinig sé chun solais réasúnta tapa nach bhfuil mórán ábhair scríofa sa seánra seo i nGaeilge, cé go bhfuil lámhscríbhinní ón tír seo le feiceáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a théann siar chomh fada le 1690 (Mac Con Iomaire & Cashman, 2011).

Ní rabhthas ábalta teacht ar mhórán leabhar i nGaeilge a bhaineann go díreach le seánra na cócaireachta seachas aistriúchán ar an leabhar *A Little Irish Cookbook*, is é sin *Leabhar Beag Cócaireachta Éireannach* le John Murphy atá imithe as cló. Thángthas ar dhá fhoinse sa bhreis, an cnuasach oideas, *Neam Neam* a foilsíodh in 2006, ar son Scoil Náisiúnta Shailearna, Co.na Gaillimhe. Leabhar eile a fuarthas is ea *"Is Furasta Fuint..."* le *Fear as na Minna*. D'éascair an leabhar seo as mír chócaireachta ar an gclár *Siamsán Maidine* (Ní Chéidigh Uí Chonghaile, 1991: 5). Bhí na leabhair seo ina gcabhair maidir le cur i láthair an spriochtéacs, cúrsaí stíle agus téarmaíochta. Tá téacsleabhair scoile san ábhar Eacnamaíocht Bhaile ar fáil ach measadh, cé go raibh treoir le baint astu, nach raibh na leabhair seo sa seánra céanna i ndáiríre, ach i seánra na leabhar scoile.

## Anailís ar an mbuntéacs

Tá Hugo Arnold ag scríobh faoi chúrsaí bia le 20 bliain anuas agus tá os cionn 20 leabhar foilsithe aige. Scríobh Arnold an leabhar seo le cúnaimh Leylie Hayes atá ina príomhchócaire feidhmiúcháin le Avoca.<sup>2</sup> Foilsíodh an leabhar seo in 2000 chun na hoidis ab fharr leo in Avoca a roinnt leis na custaiméirí agus leabhar sárdhiola atá ann.<sup>3</sup>

1 Aimsíodh an t-eolas seo ag: <http://www.dannyminnies.ie/>


2 Aimsíodh an t-eolas seo ar <http://www.hugoarnold.com/writing/> agus <http://www.hugoarnold.com/about/> agus sa leabhar Avoca Café Cookbook.

3 Aimsíodh an t-eolas seo ar <http://www.avoca.ie/home/products/?mid=17&sid=100&pid=185>.

### *Friotal agus Réim an Bhuntéacs*

Den chuid is mó, tá friotal an bhuntéacs coinnithe simplí ag an údar agus níl téarmaíocht róchasta i gceist. Tá na hoidis leagtha amach go soiléir agus is furasta iad a leanúint. Cé go bhfuil an buntéacs soiléir agus sothuigthe, tá na codanna réamhráiteacha ag tús na gcaibidlí níos casta agus bhí deacrachtaí ag baint corrúair leis an leagan Béarla; mar shampla bhí cuid den bhuntéacs inar dúradh, ‘sourcing vegetables will hardly be a hardship’ (Arnold, 2000: 99). Measadh go bhfuil an Béarla beagán ciotach anseo, rud atá neamhghnách sa bhuntéacs. Tugadh faoi deara freisin difríochta litriú: Gerty (2000: 140) agus Gertie (2000: 149). Úsáidtear téarmaí iasachta sa bhuntéacs go rialta mar shampla: *couscous* agus *frittata*.

Rangaíonn Katharina Reiss cineálacha téacsanna de réir na bpríomh-fheidhmeanna atá acu agus seo a leanas mar a rangaíonn Reiss téacsanna scríofa: faisnéiseach, léiritheach agus oibríoch. Téacs faisnéiseach a aistríodh de réir thriantán Reiss (a fheictear thíos). ‘*Informative text type. ‘Plain communication of facts’: information, knowledge, opinions, etc. The language dimension used to transmit the information is logical or referential, the content or ‘topic’ is the main focus of the communication*’ (Munday 2012: 112). An cuspóir atá ag na hoidis ná an léitheoir a threorú chun mias a chur i gcrích agus an t-eolas ar fad chun an cuspóir sin a chomhlíonadh a thabhairt don léitheoir. Ar an iomlán, téacs faisnéiseach atá ann ach is féidir rian an téacs léiritheach a fheiceáil freisin de dheasca an stíl phearsanta agus na píosaí athfhriotal atá ann. Ach tá tábhacht ag baint le breathnú ar an téacs ina iomláine agus a chinntiú nach gcailltear réim agus stíl an bhuntéacs san aistriúchán.



*Leagan amach an Bhuntéacs*

Naoi gcaibidil ar fad atá sa bhuntéacs, 192 leathanach agus 120 oideas atá sa leabhar ina iomláine. Clúdaítear gné faoi leith i ngach caibidil: anraithí, sailéid, iasc agus sicín, feoil, príomhchúrsaí glastrúla, aráin, am tae agus milseoga, anlann goinbhlasta agus ilnithe. Ag tús na gcaibidlí, tá píosa scríofa i stíl inste mar gheall ar an gcineál bia atá i gceist sa chaibidil sin. Anuas air sin, tá giota athfhriotail tugtha ag tús na gcaibidlí.

11,102 focal ar fad den bhuntéacs a aistríodh. Roghnaíodh réimse oidis éagsúla ionas nach mbeadh athrá i gceist agus chun an méid is mó téarmaí agus focail dhifriúla a aistriú.

**Teoiric an Aistriúcháin**

Is iomaí leabhar ar theoiric an aistriúcháin atá ar fáil don aistritheoir gairmiúil agus don mhac léinn aistriúcháin. Cuirtear an-chomhairle orthu siúd atá gafa le cúrsaí aistriúcháin i leabhair Antain Mhic Lochlainn. Cuireann Mac Lochlainn (2000: 5) comhairle phraiticiúil ar an aistritheoir, molann sé an buntéacs a léamh ó thús go deireadh agus luann sé go bhfuil nós aige, ‘líne a chur faoi gach focal is gach frása a mheasaim a mbeidh deacrachtaí ag baint leo’, comhairle bhunúsach d’aistritheoir ar bith agus nós a cuireadh i bhfeidhm agus an t-aistriúchán seo idir lámha. Tá sé tábhachtach suntas a thabhairt don mhéid atá scríofa go sainiúil ag Mac Lochlainn (ibid.) ar an aistriúchán go Gaeilge. Pléitear (ibid.) an easpa soiléireachta maidir leis an nGaeilge uaireanta agus na hathruithe atá tagtha chun cinn ó foilsíodh Foclóir de Bhaldraithe (1959) go dtí gur foilsíodh Foclóir Uí Dhónaill (1977) agus ó shin i leith. Pléitear cineálacha téacsanna idir téacsanna faisnéise, léitheoirlárnaithe agus léiritheacha/líteartha agus is féidir ceangal a fheiceáil idir an rangú seo agus triantán Reiss. Cuireann Mac Lochlainn comhairle phraiticiúil ar fáil don aistritheoir in ionad teoiric dhlúth, mar shampla, i dtaca le réim deir sé, ‘ach cuimhnigh air go bhfuil i bhfad níos mó i gceist seachas frása nó focal éigin a aimsiú sa Ghaeilge a chuireann coincheap an bhuntéacs Béarla in iúl’ (2000: 29). Bhí tábhacht ar leith leis an gcomhairle sin don aistriúchán seo, go háirithe leis an stíl inste atá ag tús na gcaibidlí agus gan an réim sin a chailleadh.

Baineann leabhar Jeremy Munday (2012), go sonrath le réimse an aistriúcháin scríofa. Bhí an plé a dhéanann Munday ar straitéisí aistriúcháin Vinay agus Darbelnet, lárnach don togra seo. Shainaithin Vinay agus Darbelnet dhá straitéis tríd an anailís chomparáideach a rinne siad idir an Fhraincis agus an Béarla (1958): aistriúchán díreach agus aistriúchán indíreach. Áirítear na modhanna seo

a leanas leis an aistriúchán díreach: iasacht, lomaistriúchán agus aistriúchán litriúil (Munday, 2012). San aistriúchán indíreach, áirítear na modhanna seo a leanas: trasuíomh (riachtanach nó roghnach), modhnú (riachtanach nó roghnach), comhfhreagairt agus athchóiriú. Déantar plé níos mine ar seo sa tráchttaireacht ar phróiseas an aistriúcháin.

## Modhanna aistriúcháin Vinay agus Darbelnet

Rangaíonn Vinay agus Darbelnet modhanna aistriúcháin idir aistriúchán díreach agus indíreach. Is iad na modhanna aistriúcháin díreacha ná iasacht, lomaistriúchán agus aistriúchán litriúil. Is iad na modhanna aistriúcháin indíreacha ná trasuíomh, modhnú agus comhfhreagairt.

Is éard atá i gceist le hiasacht ná frása sa bhunteanga a aistriú díreach go dtí an spriothéanga, cosúil le ‘à la carte’ a tháinig isteach go díreach ón bhFraincis – frása a úsáidtear ar bhiachláir. Tháinig an modh aistriúcháin seo chun cinn sa spriothéacs de bharr go dtarlaíonn sé i dtaca le cúrsaí bia go minic; luann Munday (2012: 86) *sushi* mar shampla den iasacht. Fuarthas comhairle maidir le téarmaí iasachta ón bpríomhchócaire, Brian Ó Domhnaill, ar ríomhphost agus dúirt sé an méid seo a leanas: ‘Tá téarmaíocht na Fraince idirnáisiúnta anois agus iad fite i ngach teanga cosúil leis an Bhéarla’. Phléigh Ó Domhnaill an focal *roulade* agus deir sé, ‘D’fhágfainn sin’. Sa spriothéacs, tá an focal iasachta *frittata* ón Iodáilis le feiceáil. Cé gur leagan d’uibheagán é an *frittata*, measadh, toisc go bhfuil idirdhealú déanta idir uibheagán agus *frittata* sa bhuntéacs, go mbeadh sé ní ba chruinne an t-idirdhealú seo a léiriú sa spriothéacs. Glacadh le comhairle Uí Dhomhnaill arís i dtaca le *roulade*, ‘thiocadh leat rolagán a úsáid ach sé *roulade* a déaradh daoine ag caint Gaeilge sa chistin sa bhaile’. Luaigh Ó Domhnaill freisin ‘maidir le sauté is é an rud is nádúrtha, sautéáil, mar shampla na hoinniúin a sautéáil’, agus tá sautéáil in úsáid sa spriothéacs. Roghnaíodh cúsús, an leagan traslitríthe den fhocal a úsáid toisc gur furasta a aithint gur *couscous* an focal atá i gceist. Cé go bhfuil sé tábhachtach rialtacht a chur i bhfeidhm san fhocláíocht, measadh go raibh sé tábhachtach a bheith solúbtha toisc go bhféadfaí spriothéacs mínádúrtha a réiteach ag iarraidh rialtacht ródhocht a chur i bhfeidhm. Rinneadh machnamh dian ar na focail Iodálacha, *pasta*, *pizza* agus *lasagne* toisc go bhfuil leaganacha Gaeilge ar fáil dóibh – ‘pasta’ ‘píotsa’ agus ‘lasáinne’. Rinneadh cinneadh ‘pasta’ a chur i nGaeilge agus ‘pizza’ agus ‘lasagne’ a fhágáil mar fhocail iasachta. Ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie) tugtar ‘pasta’ mar fhocal firinsneach Gaeilge agus cé go bhfuil an litriú mar an gcéanna

san Iodáilis agus sa Ghaeilge is féidir rialacha ghramadach na Gaeilge a chur i bhfeidhm air, mar shampla, ‘den phasta’. Roghnaíodh na leaganacha iasachta ar an ábhar go mbeadh siad in úsáid sa ghnáthchaint, mar an gcéanna le *roulade* a luaigh Brian Ó Domhnaill. Chomh maith leis sin, bheadh fuaimniú éagsúil le cur i bhfeidhm sna leaganacha Gaeilge agus bheadh baol ann go gcuirfeadh sin bac ar léamh nádúrtha an spriochtéacs.

An bhrí atá le lomasitriúchán ná ‘*a special kind of borrowing where the SL<sup>4</sup> expression or structure is transferred in a literal translation. For example, the French calque science-fiction for the English*’ (2012: 87). Tháinig lomaistriúchán chun cinn nuair a bhí ‘*oven-proof dish*’ le haistriú agus nuair nár aimsíodh focal dó. Feictear ‘uiscedhíonach’ ar ‘*water-proof*’ i bhfoclóir de Bhaldrathe (1959: 831) agus i bhfoclóir Uí Dhónaill (1977: 1300). Tá ‘*lasairdhíonach*’ (*flameproof*) agus ‘*osándíonach*’ (*hoseproof*) le feiceáil ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie). Bunaithe ar na samplaí thuas agus ag cur ‘riail na d-n-t-l-s’ (Mac Murchaidh, 2002: 15) san áireamh, beartaíodh an téarma oigheandíonach a úsáid. Chuathas i dteagmháil leis an gCoiste Téarmaíochta maidir leis seo agus fuarthas an faomhadh seo a leanas: ‘Mholaimis oigheandíonach ar an téarma seo’ agus tá ‘oigheandíonach’ le feiceáil ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie) anois.

Maidir leis an aistriúchán litriúil, deir Munday (2012: 87), ‘*This is ‘word-for-word’ translation, which Vinay and Darbelnet describe as being most common between languages of the same family and culture*’. Is aistriúchán litriúil é an sampla seo a leanas, ‘*English ST: I left my spectacles on the table downstairs. French TT: J’ai laissé mes lunettes sur la table en bas*’ (2012: 87). Rangaítear Béarla agus Gaeilge mar theangacha Ind-Eorpacha ach is teanga Ghearmánach é an Béarla agus is teanga Cheilteach í an Ghaeilge, ([www.ethnologue.com](http://www.ethnologue.com)). Ní bhíonn aistriúchán litriúil sásúil go minic ag aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus a mhalairt. Deir Antain Mac Lochlainn, a scríobhann mar gheall ar aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge,

Bhí an ceart ag Seosamh Ó Murchú nuair a mhol sé d’aistritheoirí friotal dúchasach Gaeilge a aimsiú a chuireann coincheapa an Bhéarla in iúl, ach baineann contúirtí áirithe leis an gcur chuige céanna. An chontúirt is mó go n-aistrefaí an Béarla le friotal a thagann salach ar réim an bhuntéacs, (2000: 30).

---

4 An bhrí atá le SL anseo ná source language

Áitíonn Mac Lochlainn, nach féidir aistriúchán litriúil a úsáid mar phríomhmhodh idir Béarla agus Gaeilge ach go bhfuil dualgas eile ar an aistritheoir, ‘a bheith dílis do réim an bhuntéacs’ agus ‘dá leibhéal deacrachta’ (2000: 31).

Aistríodh ‘*without compare*’ go litriúil sa chéad dul síos mar seo a leanas, ‘gan chomparáid’. Measadh go raibh an t-aistriúchán sin rólitriúil agus go raibh lorg an Bhéarla le sonrú air. Roghnaíodh an t-aistriúchán seo a úsáid, ‘nach bhfuil a shárú le fáil’. Aistriúchán indíreach atá déanta anois agus is aistriúchán níos dúchasáí atá anseo. D’oibrigh an modh litriúil i gcás eile sa spriochtéacs leis an aistriúchán seo, ‘Measc isteach an finéagar agus doirt an meascán seo ar an gcúscús’ sa spriochtéacs. An bunleagan a bhí ann ná, ‘*Stir in the vinegar and pour this mixture over the couscous*’. Níl ach éagsúlacht amháin le sonrú agus sin é áit na haidiachta taispeántaí ‘*this*’ nó ‘*seo*’ sa spriochtéacs – tá an aidiacht thaispeántach i ndiaidh an ainmfhocail, struchtúr atá éigeantach i gcomhréir na Gaeilge.

Cuireadh trasuíomh i bhfeidhm go rialta sa spriochtéacs agus is éard atá i gceist leis ná, ‘*a change of one part of speech for another (e.g. noun for verb) without changing the sense*,’ (Munday, 2012: 87). Míníonn Munday (2012) go bhfuil Vinay and Darbelnet den tuairim gurb é an trasuíomh an t-athrú struchtúrach is coitianta a úsáideann aistritheoirí. Feictear trasuíomh roghnach sa spriochtéacs, ‘Tá scoth na cócaireachta le fáil i Maracó, cuid den chócaireacht is fearr ar domhan’. An rud atá sa bhuntéacs ná, ‘*Moroccan cuisine is undoubtedly one of the great cuisines of the world*’. Níor cuireadh leagan aistrithe de ‘*undoubtedly*’ sa spriochtéacs – síltear go léiríonn an ráiteas ‘cuid den chócaireacht is fearr ar domhan’, an bunsmaoineamh céanna agus an easpa amhrais a chuireann ‘*undoubtedly*’ in iúl. Tá struchtúr na habairte athraithe agus tá sí mínithe ar bhealach éagsúil ón bhuntéacs.

Athraíonn modhnú séimeantaic nó mar a deir Munday (2012) ‘point of view’ na bunteanga. ‘Vinay and Darbelnet place much store by modulation as ‘the touchstone of a good translator’, whereas transposition ‘simply shows a very good command of the target language’ (Munday, 2012: 88). Maíonn Munday (2012), cé go bhfuil cásanna ann go ndéantar aistriúchán litriúil nó le trasuíomh agus iad ceart ó thaobh na gramadaí de, is féidir leo a bheith amscái nó mí-oiriúnach sa sprioctheanga. Feictear modhnú san aistriúchán seo ‘Cuimsítear meascán aisteach sa chaibidil seo’ le haghaidh ‘*This is something of a catch-all chapter*’. Tá bailiúchán d’oidis agus treoracha sa chaibidil seo nach bhfuil baint acu go díreach le réimsí na gcaibidlí eile. Sa leagan aistrithe, níl an t-ainmfhocal cáilithe ag aidiacht, ní hionann seo agus an méid atá sa bhunleagan. Mothaíodh

go mbeadh ‘caibidil uileghabhálach’ nó a leithéid ciotach agus débhríoch. Tá an briathar ‘cuimsigh’ láidir toisc go gcuireann sé in iúl go gclúdaítear ‘meascán’ oideas agus teoracha sa chaibidil.

Is éard atá i gceist le comhfhreagairt ‘cases where languages describe the same situation by different stylistic or structural means. *Équivalence is particularly useful in translating idioms and proverbs*’, (2012: 89). Tugann Munday (2012: 89) an sampla de chomhfhreagairt, ‘*the sense, though not the image, of comme un chien dans un jeu de quilles [lit. ‘like a dog in a game of skittles’] can be rendered as like a bull in a china shop*’. Tháinig comhfhreagairt chun cinn sa spriochtéacs ón bhfrása seo, ‘*It wasn’t exactly plain sailing from then on*’ (2000: 10) agus thángthas ar an bhfrása ‘Tá réidhe an achair leis anois’ i bhfoclóir Uí Dhónaill (1977: 5) ar ‘*he is making good progress now*’. Cuireadh an frása sin in oiriúint don leagan Béarla mar seo a leanas, ‘Ní hé go raibh réidhe an achair leo ó shin i leith! D’fhéadfaí aistriúchán díreach a úsáid anseo ach ní bheadh cuma dhúchasach air.

Athraíonn athchóiriú tagairt chultúrtha sa spriochtéacs nuair nach bhfuil gné den bhunchultúr le sonrú sa sprioc-chultúr, (Munday, 2012). Míníonn Munday (2012) gur léirigh Vinay agus Darbelnet an modh seo leis an sampla de chluiche cruicéid i mBéarla a aistriú go tagairt faoin ‘Tour de France’ sa Fhraincis. Téacs Éireannach a aistríodh agus cuideachta Éireannach atá in Avoca. Tagairtí cultúrtha a bhaineann le hÉirinn a fheictear mar sin sa bhuntéacs agus sa spriochtéacs. Maíonn Nettle & Romaine (2000: 5), ‘*it has been said that Irish, for instance, was murdered by English*’ ach tá ceangal dlúth idir an Ghaeilge agus an Béarla agus má tá téacs Béarla le haistriú go Gaeilge – atá scríofa i gcomhthéacs sochaí na hÉireann – níor chóir go dtiocfadh athchóiriú chun cinn go minic mar mhodh aistriúcháin.

## Pointí Suimiúla

### *Comhréir agus Gramadach*

I dtaobh liostaí na gcomhábhar atá mar chuid de na hoidis bhí ceist ann ar chóir iad a chuir sa tuiséal ginideach nó sa tuiséal tabharthach, ceist a síleadh a bhain le stíl ar dtús, mar shampla ‘50g/2oz butter’ a aistriú go ‘50g/2 unsa ime’ nó ‘50g/2 unsa d’im’. Mar a tharla sé, tá treoir ar fáil maidir leis an gceist seo sa leabhar *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (Ó hAnluain, 1999: 79), ‘Is gnách *de* + an tabharthach in ionad an ghinidigh má ghabhann aidiacht leis an ainmfhocal ábhair: *fáinne d’ór loiscthe*.’ Mar sin, sa chás thuas, an leagan molta ná



‘50g/2 unsa ime’, ach sa chás go bhfuil ‘50g/2oz plain flour’ le haistriú, an leagan molta ná ‘50g/2 unsa de phlúr pléineáilte’. Cuireadh an treoir seo i bhfeidhm sa spriochtéacs agus chabhraigh sé cuma shlachtmhar a chur ar an spriochtéacs.

Bhí cinneadh le déanamh maidir le ceist chomhréire eile, an gcuirfí an tuiséal tabharthach i bhfeidhm ar fhocail iasachta, mar shampla ‘*gratin*’. I gcomhar le stiúrthóir an tráchtais, rinneadh cinneadh nach nós gnásúil a bheadh ann é sin a dhéanamh agus an réiteach is fearr ná iad a fhágáil lom, mar shampla, ‘leis an *gratin*’ in ionad leis an *ngratin*. Tógadh an cinneadh seo ar chúis phraiticiúil freisin – cad a dhéanfaí i gcás focail iasachta, mar shampla ‘*Caesar*’, nach mbeifí ábalta úrú a chur air. Ní théann sé le fuaimniú na Fraincise ‘g’ a chur roimhe. Ar an bhforas sin, ní bheadh sé sásúil riail gramadaí teanga amháin a chur i bhfeidhm ar fhocail iasachta ó theanga eile de bharr baic teanga agus fuaimnithe.

Tháinig ceist ghramadaí eile chun cinn, is í sin, úsáid na bhforainmneacha nó mar a tharlaíonn sa spriochtéacs, glacadh leis go bhfuil an forainm intuigthe agus gan é a scríobh go saineiúil. Feictear an sampla seo sa spriochtéacs, ‘Bain amach as an oigheann agus cuir isteach na prátaí milse ansin agus cuir ar ais isteach san oigheann go ceann 30 nóiméad.’ Níor úsáideadh forainm i gcásanna mar seo agus meastar go dtéann seo le gontacht agus stíl an bhuntéacs. Treoracha atá i gceist anseo agus níl an stíl inste a fheictear in áiteanna eile sa spriochtéacs le sonrú anseo. Tá sé intuigthe ó na treoracha a thagann roimhe sin go mbaintear an soitheach leis na comhábhair ann amach as an oigheann agus go gcuirtear na prátaí milse leis.

### *Téarmaíocht*

Tháinig roinnt pointí suimiúla téarmaíochta chun cinn agus an t-aistriúchán idir lámha. Feictear an focal ‘*chop*’ sa bhuntéacs go rialta. Ar cheann de na sainmhínithe a thugtar ar *chop* ar [www.collinsdictionary.com](http://www.collinsdictionary.com), tá ‘*cut into pieces*’. I bhfoclóir Béarla – Gaeilge de Bhaldraithe (1959: 117) feictear ‘mionghearraim (glasraí)’. Tá an míniú seo a leanas ar ‘mionghearr’, i bhfoclóir Uí Dhónaill (1977: 865), ‘*Cut fine, shred, mince, chop*.’ Má bhreathnaítear ar ‘*cut*’ ar [www.collinsdictionary.com](http://www.collinsdictionary.com), tá ‘*chop*’ liostaithe mar théarma comhchiallach faoi. Tá gaol éigin idir ‘*cut*’ agus ‘*chop*’ mar sin. An fhadhb a bhí ann ná idirdhealú a dhéanamh idir ‘*chop*’ agus ‘*finely chop*’ sa spriochtéacs. De réir *WinGléacht*, tá ‘*gearr*’ ar cheann de na briathra a chuimsíonn ‘*cut*’. Luaitear ‘*To chop (meat) fine*, feoil a ghearradh go mion’ i bhfoclóir de Bhaldraithe (1959: 254). Cuireadh an t-eolas thuas san áireamh agus rinneadh cinneadh chun ‘*gearr*’ a úsáid do ‘*chop*’ agus ionas go

mbeadh an t-idirdhealú soiléir ‘gearr go mion’ a úsáideadh mar aistriúchán ar ‘*finely chop*’. Síleadh nach mbeadh sé sásúil ‘mionghearr’ a cháiliú le haidiacht chun ‘*finely*’ nó ‘*fine*’ a léiriú.

Thángthas ar mhírialtacht maidir leis an bhfocal ‘*chilli*’. ‘Cillí’ atá i bhfoclóir de Bhaldráithe (1959: 115), ar *WinGléacht* agus ar [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie); feictear an litriú ‘sillí’ ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie) agus tá an litriú ‘cil’ san fhoclóir *Eacnamaíocht Bhaile* (An Roinn Oideachais, 1982: 22) agus sa *Lámhleabhar Bia agus Dí* (Foras na Gaeilge, 2003:31) agus ‘cillithe’ atá ar ‘*chillis*’ sa *Lámhleabhar Miondiola* (Foras na Gaeilge, níl bliain luaite: 84). Ós rud é go bhfuil an litriú ‘cillí’ le feiceáil i móramh na bhfoinsí agus san fhoinsé is nuáí, cloíodh leis an litriú sin sa spriochtéacs.

Ceist téarmaíochta a bhí tugtha faoi deara sular thosaigh próiseas an aistriúcháin ná conas an focal ‘*serve*’ a láimhseáil. Meastar go bhfuil ‘riar’, a chloistear go minic ar an bhfocal ‘*serve*’, lom mar fhocal i gcás bia nó méise. Chuathas i mbun taighde chun frása ní ba dhúchasáí agus ní b’oiriúnaí don chócaireacht a aimsiú. Thángthas ar ‘(i) bia a chur ar bord; (ii) bia a riaradh’ agus ‘anraith a leagan chuig duine’ i bhFoclóir de Bhaldráithe (1959: 646). Tá an téarma ‘riar’ i dtaca le bia le faomhadh ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie). Ar an suíomh [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie), feictear ‘ba cheart go mbeadh sé te nuair a chuirtear chun boird é’ ar ‘*it should be served hot*’. Sa leabhar *Neam Neam* (Scoil Náisiúnta Shailearna, 2006), feictear an frása ‘Cuir chun boird’ freisin. ‘Dáil’ atá le feiceáil sa leabhar *Is Furasta Fuint...* Roghnaíodh ‘cuir chun boird’ a úsáid den chuid is mó sa spriochtéacs toisc go raibh sé i leabhar atá scríofa ag pobal Gaeltachta. Lena cois sin, tá an leagan seo le feiceáil ar [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie). In áiteanna nach raibh ‘cuir chun boird’ inghlactha tá ‘riar’ in úsáid toisc go bhfuil sé in úsáid mar théarma ar ‘*serve*’ in *Foclóir Béarla – Gaeilge* de Bhaldráithe.

### *Logainmneacha*

Fadhb a bhí le sárú agus an spriochtéacs á réiteach is ea an chaoi ar cheart logainmneacha atá in úsáid ag cuideachtaí tráchtála mar bhranda, cosúil le *Avoca* agus *Ballymaloe* a láimhseáil. Úsáidtear *Avoca* ar dhá bhealach éagsúla sa bhuntéacs, chun an baile a chur in iúl agus chun ainm branda an chaifé a léiriú. Rinneadh cinneadh toisc gur ainm branda aitheanta é *Avoca* nach n-aistreofaí é, ach sa chás go raibh *Avoca* luaite sa bhuntéacs i dtaca leis an mbaile go n-aistreofaí é go ‘Abhóca’, mar atá ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).

## Dúshláin

Bhí dúshláin teicneolaíochta le sárú le linn phróiseas an aistriúcháin ach an dúshlán ba mhó a bhí ann ná lorg an Bhéarla a sheachaint sa spriothéacs. Bhí dúshlán i gcónaí leis an aistriúchán ach bhí sé ní b'éasca é a láimhseáil de réir a chéile. Tar éis athléamh á dhéanamh ar an spriothéacs agus nuair a fuarthas aiseolas ó stiurthóir an tráchtais, rinneadh giotáí a leasú nuair a ceapadh go raibh lorg an Bhéarla orthu. An chéad aistriú a bhí ar *'Hot soup and cars don't mix'* ná 'Mar a tharlaíonn sé ní mheascann anraith te agus gluaisteán' ach níl an leagan seo atá ródhílis don Bhéarla soiléir. Feictear an leagan leasaithe seo sa spriothéacs, 'Ach ní mhairfidh pota anraith the i ngluaisteán ar feadh i bhfad'. Bhí comhairle Vinay agus Darbelent ar intinn i gcónaí go háirithe i dtaobh aistriúcháin atá rólteartha a sheachaint, baol atá ann go háirithe le haistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge. Ceird faoi leith atá ann toisc gurb í an bunteanga go minic, seachas an spriothéanga, teanga dhúchasach an aistritheora:

De ghnáth bíonn an spriothéanga (an teanga a bhfuil an téacs le haistriú chuici) ó dhúchas ag an aistritheoir... agus mioneolas aige ar an mbunteanga (an teanga ina bhfuil an téacs scríofa). I gcás na Gaeilge is é a mhalairt is fear de ghnáth, óir is ó Bhéarla go Gaeilge an t-aistriúchán agus is fearr i bhfad an t-eolas atá ag an aistritheoir at an mbunteanga ná ar an spriothéanga. Is aistritheoir as an gnách é an t-aistritheoir go Gaeilge (Ó Ruairc, 1997: 6).

## Conclúid

Thug an tionscadal seo léargas iontach ar obair an aistritheora ghairmiúil. Treisíodh an tábhacht a bhaineann le hathléamh a dhéanamh ar pháirt aistriúcháin tar éis é a fhágáil ar leataobh ar feadh tamaill. Feictear botúin chló agus fadhbanna teanga nuair a dhéantar athléamh ar spriothéacs aistrithe. Treisíodh freisin an tábhacht a bhaineann le taighde críochnúil a dhéanamh chun na frásaí agus téarmaí is dúchasaí agus is oiriúnaí a aimsiú. Go minic, faightear réimse téarmaí nó focail de dheasca an taighde sin agus bíonn cinneadh ciallmhar le déanamh ag an aistritheoir.

Roghnaíodh an buntéacs seo toisc go raibh dúshláin faoi leith ag baint leis an téacs seo a aistriú. Bhíothas ag iarraidh téacs praiticiúil a aistriú atá sothuigte agus cruinn a sholáthar ionas go mbeadh daoine ábalta an teanga a úsáid mar chuid de ghníomhaíocht laethúil shóisialta – an chóicareacht. Pléann Maolmhaodhóg

Ó Ruairc (1997:30) gairm an aistriúcháin agus an ról a bhí aige i gcónaí in ainneoin gur ceapadh ar feadh tamall gur gníomh a bhí ann ‘chun teanga iasachta a theagasc nó a fhoghlaim’ agus deir sé ‘Ní hionann é a thuilleadh agus an ceacht a dhéantar ar scoil mar chuid de rang teanga’. Ar an ábhar sin, is féidir a áitiú go gcabhróidh téacsanna dea-aistrithe le teanga cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun cinn i measc pobal cainte, ach go háirithe teanga atá leochaileach ó thaobh líon na gcainteoirí atá aici.

## Leabharliosta

### Leabhair

- An Gúm (2007) *Treoracha d'Aistritheoirí*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Arnold, H., & Hayes, L. (2000) *Avoca Café Cookbook*. Cill Mhantáin: Avoca Handweavers Limited.
- Fitzgibbon, T. (1968) *A Taste of Ireland in Food and Pictures*. Londain: Pan Books Ltd.
- Mac Lochlainn, A. (2000) *Cuir Gaeilge Air*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Mac Murchaidh, C. (2002) *Cruinnscriobh na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Munday, J. (2012) *Introducing Translation Studies: Theories and Applications*. Third Edition. Londain: Routledge.
- Nettle, D., & Romaine, S. (2000) *Vanishing Voices: The Extinction of the World's Languages*. Oxford; Nua-Eabhrac: Oxford University Press.
- Ní Chéidigh Uí Chonghaile, M. (1991) *"Is Furasta Fuint..." le Fear as na Minna*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnachta.
- Ó hAnluain, L.A. (1999) *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*. Eagrán Nua. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ó Ruairc, M. (1997) *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Ó Ruairc, M. (2007) *Aistrigh Leat*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Scoil Náisiúnta Shailearna. (2006) *Neam Neam*. Gaillimh: Scoil Náisiúnta Shailearna.

Tithe an Oireachtais. (2012) *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil: Caighdeán Athbhreithnithe*. Baile Átha Cliath: Seirbhís Thithe an Oireachtais.

### **Alt Nuachtáin**

Ó Giollagáin, C. (2012) Cearta teanga, pobal mionteanga agus polasaí an Stáit. *Irish Times*, 15 Feabhra.

### **Ailt Irisle**

Mac Con Iomaire, M. agus Cashman, D. (2011) Irish Culinary Manuscripts and Printed Cookbooks: A Discussion. *Petits Propos Culinaires* 94, Ich. 81-101.

### **Foclóirí agus Innill Chuardaigh**

An Roinn Oideachais (1982) *Eacnamaíocht Bhaile/Home Economics*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Foras na Gaeilge (2003) *Lámhleabhar Bia agus Dí*. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge.

Foras na Gaeilge (2003) *Lámhleabhar Miondiola: A simple guide to the use of the Irish Language in the retail industry*. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge.

De Bhaldraithe, T. (1959) *English – Irish Dictionary*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Dónaill, N. (1977) *Foclóir Gaeilge – Béarla*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

[www.collinsdictionary.com](http://www.collinsdictionary.com)

[www.focal.ie](http://www.focal.ie)

[www.focloir.ie](http://www.focloir.ie)

[www.logainm.ie](http://www.logainm.ie)

**Suíomhanna Gréasáin**

<http://www.dannyminnies.ie/>

<http://www.ethnologue.com/country/IE/languages/>

## Aguisín: Sampla den spriochtéacs taobh leis an mbuntéacs

An Buntéacs	An Spriochtéacs
<p><b>VEGETABLE MAIN COURSES</b></p> <p>‘When vegetables are prepared as they are here I want for nothing else; robust flavours and brilliant colours – paradise’</p> <p>Vegetables form the core of what we do in the cafes, alongside the salads, with a great many customers opting for a meat-free meal without realising it. This runs very much in line with the general trend away from the tradition of meat and two vegetables which used to be so prevalent throughout the country.</p> <p>But perhaps it can also be accounted for by the change in what we eat. Gone are the days when vegetables were steamed cabbage and soggy Brussels sprouts. Now you can choose from roasted red peppers and grilled aubergines to steamed root vegetables tossed in spiced and herbed butter, from lasagnes and all manner of pasta dishes to bakes, gratins, stews and casseroles that take their inspiration from China and Japan, Italy and Spain, South America and Australia.</p> <p>It is no accident that we use whole boxes of red and yellow peppers, inky-black aubergines and lush, green courgettes. Like, seemingly, the rest of the world, we have taken Italy to our hearts and why not? This is a country that does really understand vegetables. The Italian obsession with herbs, too, has rubbed off on us and herbs are now a hallmark of many of the dishes served in the cafes.</p>	<p><b>PRÍOMHCHÚRSAÍ GLASRAÍ</b></p> <p>‘Nuair a ullmhaítear glasraí ar an gcaoi a ndéantar anseo, níl aon rud eile uaim; blasanna láidre agus dathanna iontacha – cócaireacht neamhaí’</p> <p>Tá glasraí mar chroílár na hoibre a dhéantar sna caiféanna, in éineacht leis na sailéid. I nghan fhios dóibh féin roghnaíonn an-chuid custaiméirí béile gan feoil ar bith. Tá seo ag dul leis an gclaonadh atá ann anois bogadh ón traidisiún fadseasta atá sa tír seo – feoil a chur chun boird le dhá ghlásra.</p> <p>Ach b’fhéidir go bhfuil an t-athrú atá tagtha ar an méid a ithimid thíos leis seo. Is fada uainn na laethanta nuair ab ionann glasraí is cabáiste galaithe agus bachlóga Bruiséile báite. Tá rogha anois idir piobair dhearga rósta, ubhthorthaí griollta agus glasraí fréimhe galaithe, suaithe in im blaistithe le spíosraí agus luibheanna. Idir <i>lasagne</i>, gach cineál méise agus bÁCála pasta, <i>gratins</i>, stobhaigh, agus casaróil a chumtar le hinspioráid ón tSín agus ón tSeapáin, ón Iodáil agus ón Spáinn, ó Mheiriceá Theas agus ón Astráil.</p> <p>Ní haon ionadh go n-úsáidimid boscaí iomlána de phiobair dhearga agus bhúí, ubhthorthaí ar dhath dúigh dhuibh agus cuirseid úra ghlasa. Cosúil leis an domhan mór, táimid tar éis glacadh go mór le tionchar chócaireacht na hIodáile, agus cén fáth nach nglacfadh? Tír í seo a thuigeann glasraí agus an dóigh cheart iad a ithe. Cosúil leis na hIodáiligh, táimid tar éis éirí an-cheanúil ar luibheanna agus bíonn luibheanna le blaíseadh in an-chuid de na miasa a riartar sna caiféanna.</p>

Our celebration of all things Italian is not to the detriment of our own cuisine, however, and ne Irish fondness for root vegetables is still apparent in dishes such as the potato and celeriac gratin on page 101, as well as our enthusiasm for savoury tarts and quiches, both extremely well suited to a café environment.

If you are lucky enough to have your own garden, sourcing vegetables will hardly be a hardship. For most of us, however, the dearth of greengrocers means the supermarket or corner shop. For all the criticism levelled against the large chains, they have brought good-quality vegetables, from humble roots to the more exotic, within our grasp. Don't be slavish, however; if what you want is not up to scratch, seek out an alternative and be prepared to cook something else. Wizened vegetables are good for no one.

Seasonality helps here – don't go searching for asparagus in winter, parsnips in summer or peppers when there is frost on the ground. That said, many vegetables have become year round with the advent of poly tunnels and imports. But who wants everything all the time? With vegetables particularly, there is every reason to celebrate the changing seasons as and when nature dictates, rather than when we pine for a change.

Ní dhéanann an cion atá againn ar bhia na hIodáile aon dochar dár gcócaireacht féin, áfach, agus tá ceanúlacht na nÉireannach ar an nglasra fréimhe soiléir go fóill i miasa cosúil leis an *gratin* práta agus soiliriac ar leathanach 101. Tá ár ndíograis i leith toirtíní agus quicheanna neamh-mhíse soiléir freisin, agus tá an dá rud seo oiriúnach le riaradh i gcaifé.

Má tá an t-ádh leat agus gairdín agat, ní bheidh mórán stró ag baint le glasraí a fháil. De bharr na siopaí glasraí ag dul i léig, áfach, ceannaíonn an mhórchuid d'inn glasraí san ollmhargadh nó sa siopa áise. In ainneoin an locht a fhaigheann daoine ar na siopaí sraithe móra seo, bíonn glasraí ar ardchaighdeán ar fáil dúinn idir glasraí fréimhe umhla agus an chuid atá níos andúchasaí. Ná bí sclábhánta, áfach; mura bhfuil an rud atá uait ar chaighdeán maith go leor, roghnaigh rud éigin eile agus cócaráil mias éagsúil. Níl maitheas ar bith i nglasraí seargtha.

Bíonn séasúracht ina chuidiú anseo – ná téigh ar thóir asparagais sa gheimhreadh, meacain bhána sa samhradh ná piobair nuair atá sioc ar an talamh. Ach anois, le teacht na bpolathollán agus na n-allmhairí, tá go leor glasraí ar fáil i rith na bliana ar fad. I ndáiríre cé atá ag iarraidh gach aon rud a bheith acu an t-am ar fad? I gcás glasraí go háirithe, is fiú na séasúir a cheiliúradh agus iad ag athrú agus gan a bheith ag dul sa tóir ar rudaí éagsúla de réir mar atá siad uainn.



**SUNDRIES**

‘Roasting peppers, toasting seeds and nuts, dry-frying spices, these are the kind of culinary lessons that make all the difference’

This is something of a catch-all chapter, home to the bits and pieces that do not belong elsewhere, or belong in more than one place. In many French recipe books this would be the first chapter, where many of the master recipes that go to make up other dishes reside. We have put it at the back on purpose because the kind of food we cook is not really that complicated. We do not build dishes, incorporating other recipes in their construction. Instead we take good ingredients and fashion them with speed and simplicity into something to eat. Our customers are hungry and want nourishing, simple food, not some culinary masterclass.

Our chefs tend to be cooks, not television- starring, multi-restaurant owners in search of another book deal. They cook because they like to, they do it well and enjoy the instant feedback from happy customers. People come to Avoca because they want a bowl of well-made soup, not to work their way through eight courses.

**ILNITHE**

‘Piobair a róstadh, siolta agus cnónna a thóstáil, spíosraí a thirimfhriochadh – ceachtanna a chuirfidh barr feabhais ar do chuid cócaireachta’

Cuimsítear meascán aisteach sa chaibidil seo, tá rudaí ann nach dtéann go nádúrtha i gcaibidlí eile nó a bhaineann le níos mó ná caibidil amháin. Chuirfí an chaibidil seo ag tús a lán leabhar cócaireachta Francach. Is anseo a chuirtear cuid mhór de na máistroidis atá mar chuid de na hoidis eile sa leabhar. Tá sé curtha i gcúl an leabhair d’aon turas againne toisc nach gcócarálaimid bia atá róchasta. Ní chuirimid miasa le chéile trí oidis eile a úsáid chun na miasa sin a dhéanamh. Ina ionad sin, tógaimid comhábhair mhaithe agus déanaimid rud éigin le hithe go tapa agus go simplí. Bíonn ocras ar ár gcustaiméirí agus tá bia folláin, simplí uathu – níl sárthaispeántas cócaireachta uathu.

Is gnáthchócairí iad ár bpríomhchócairí, ní príomhchócairí teilifíse iad, sraith bialanna acu agus iad ar thóir conradh le leabhar eile a fhoilsiú. Bíonn siad ag cócaireacht toisc go mbaineann siad taitneamh as, déanann siad go maith í agus baineann siad sult as an aiseolas a fhaightear láithreach ó chustaiméirí sásta. Tagann daoine chomh fada le Avoca toisc go dteastaíonn babhla anraith fholláin uathu, ní ar mhaithe le hocht gcúrsa a ithe.

And this is surely the kind of food people generally cook at home. This is the chapter that tells you how to dress a salad, make pastry and fry spices. It is the chapter which will show you how easy it is to cook on a Thursday night; a piece of grilled fish or chicken can be made into a feast with roasted peppers (page 185), a salsa incorporating some dry-fried spices (page 185), or served with a rich tomato sauce, which you Happen to have prepared earlier and have in your freezer (page 184). Culinary life does not need to be complicated.

Many large companies look to exercise control, particularly as they grow, but in our case the control is already invested in you, the customer. Tell us you don't like something often enough and it will come off the menu. In truth, most chefs have their own recipe for shortcrust pastry for example, so it will vary depending on whether you are eating in Moll's Gap or Powerscourt The one given in this chapter is the most widely used but there are variations. That is, we believe, a strength. How dull to eat the same pastry all the time. What is important is that it is good pastry.

This is not a cookery course and some areas have not been covered – roasting meat, for example, or working with eggs. But in an age when cookery books abound, it seemed a tad repetitious to deal with subjects that have been perfectly adequately covered elsewhere. The assumption made is that you want to eat good food and spend a little time preparing it – not hours, but enough time to enjoy a glass of wine and relax.

Caithfidh gurb é seo an cineál bia a bhíonn daoine ag cócaireacht sa bhaile den chuid is mó. Inseofar duit sa chaibidil seo conas sailéad a chóiriú, taosrán a dhéanamh agus spíosraí a fhriochadh. Taispeánfar duit sa chaibidil seo go mbíonn sé éasca bheith ag cócaireacht oíche Dhéardaoin; gur féidir féasta a dhéanamh as píosa éisc nó sicín le piobair rósta (leathanach 185), nó le *salsa* agus spíosraí tirimfhriochta fite tríd (leathanach 185) nó curtha chun boird le hanlann trátaí saibhir atá réamhullmhaithe agat agus sa reoitóir (leathanach 184). Ní gá go mbeadh cócaireacht casta ar chor ar bith.

Bíonn comhlachtaí móra ag iarraidh smacht a fháil go háirithe agus iad ag fás ach i gcás Avoca tá an smacht ag an gcustaiméir cheana féin. Má insítear dúinn sách minic nach dtaitníonn mias leis na custaiméirí bainfear den bhiachlár í. Chun an fírinne a rá, tá oideas le haghaidh taosráin le crústa briosc, mar shampla, ag gach príomhchócaire agus mar sin de ní hionann an taosrán i gCéim an Daimh agus Cúirt an Phaoraigh. Úsáidtear an ceann sa chaibidil seo den chuid is mó ach tá leaganacha éagsúla ann. Creidimid anseo go dtugann sin láidreacht dúinn. Bheadh sé iontach leamh an taosrán céanna a ithe i gcónaí. An rud atá tábhachtach ná go mbeidh an taosrán ar ardchaihghdeán.

Ní cúrsa cócaireachta é seo agus níl gach aon rud clúdaithe – feoil a róstadh, mar shampla, ná uibheacha a úsáid. Tá flúirse leabhar cócaireachta ar fáil sa lá atá inniu ann agus dar linn bheadh sé beagán athráiteach na rudaí seo a chlúdach sa leabhar seo agus iad clúdaithe i leabhair eile go fónta. Glactar leis go bhfuil tú ag iarraidh bia maith a ithe agus beagán ama a chaitheamh á ullmhú – gan uaireanta an chloig a chaitheamh air ach dóthain ama le sult a bhaint as gloine fiona agus tú ar do shuaimhneas.



## **Machnamh ar Eispéireas na Foghlama Aisioncronaí**

*Le Belinda McHale*

<https://doi.org/10.13025/gmdq-hr53>

### **Comhthéacs an Taighde**

Cuirtear níos mó béime, le blianta anuas, ar choincheapa na héagsúlachta, na hilghnéitheachta agus leathnú na rannpháirtíochta i dtimpeallachtaí tríú leibhéal ar fud an domhain, agus tá borradh mór tagtha faoin gcianfhoghlaim agus faoin bhfoghlaim chumaisc araon i réimsí éagsúla oideachais nach raibh siad coitianta iontu go dtí seo. Tagraíonn Haggis (2006) do na cineálacha *nua* mic léinn a thugann faoi chúrsaí a dhéanamh in institiúidí tríú leibhéal - an mac léinn aibí, an mac léinn faoi mhíbhuntáiste, an mac léinn ón iasacht agus an mac léinn neamhthraidisiúnta (522) agus d'fhéadfaí a áitiú gurb é an mac léinn ar-líne an cineál foghlaimora atá i gceist aici le 'neamhthraidisiúnta'. Is ar eispéireas foghlama an chineáil mhic léinn seo a bhunófar an t-alt seo, mar aon leis na dúshláin a bhí le sárú ag an údar seo agus dualgais an dearthóra modúil, an léachtóra agus an éascaitheora á gcomhlíonadh go comhuaineach aici.

Mar chuid den mhodúl sochtheangeolaíochta a bhí á theagasc ag an údar seo, socraíodh ar bhéim a leagan ar pháirtíocht chriticiúil leis an taighde agus leis an teoiric náisiúnta agus idirnáisiúnta atá foilsithe sa réimse seo cheana, mar aon le scileanna ceisteoireachta a chothú i measc na rannpháirtithe. Chuathas i muinín chomhairle Haggis (2006) agus an modúl á dheardh sa chaoi is go meallfadh sé forbairt na feasachta criticiúla:

*This critical awareness is best developed through processes which challenge the student. This challenge is usually offered through a) the stimulation of a good lecture on the subject, b) engagement with, and exchange of, ideas, expressed verbally in seminars, in response to reading, and c) processes of reading and thought involved in the creation of an academic essay (3).*

Rinneadh na léachtaí a sheachadadh i bhfoirm nótaí gach coicís ar an timpeallacht fhíorúil foghlama, *Blackboard*, agus an t-údar ag súil gur ‘stimulation’ de chineál éigin a bhí anseo do na rannpháirtithe. Iarradh orthu ansin ionramháil a dhéanamh ar ábhar na léachta mar aon le léitheoireacht bhreise a dhéanamh le go mbeidís in ann ceist a fhreagairt a bhain le hábhar na coicise sin ar an bhfóram plé - ‘engagement with ideas in response to reading’. Anuas ar an iontráil a bhí le scríobh ag gach rannpháirtí, bhí orthu teachtaireacht a scríobh chuig beirt eile ón ngrúpa céanna - ‘engagement with, and exchange of, ideas’ - coincheap a chuimsíonn an mhalairt tuairimí agus smaointe agus inar cheart go mbeadh an smaointeoireacht chriticiúil léirithe go trédhearcach ag na rannpháirtithe freisin. Tugadh deis do na rannpháirtithe teacht le chéile faoi thrí in aghaidh na bliana acadúla chun tuairimí a roinnt ‘verbally in seminars’ freisin mar gur ceapadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh deis acu blaiseadh a fháil den teagmháil aghaidh ar aghaidh chomh maith.

Chláraigh céad mac léinn don chúrsa seo, daoine gairmiúla den chuid is mó, atá ag obair i réimsí éagsúla de chuid phleanáil teanga na Gaeilge. Bhí sé réasúnta soiléir ón tús gur dhúshlán ann féin a bheadh i gceist leis an ngrúpa mór seo a bhainistiú ar líne agus a bheith cothrom chun dáta lena gcuid iontrálacha agus teachtaireachtaí ar an bhfóram plé. Bhíothas thar a bheith comhfhiosach faoi uileláithreach an chórais sa mhéid is nach raibh aon deireadh leis an monatóireacht, an áisitheoireacht ná an teagmháil ar-líne: ‘tutoring in an e-learning environment puts high stress on the teacher due to the ubiquity of the online system’ (Mishra & Sharma, 2007: 334). Tuigeadh freisin gur shuíomh orgánach a bheadh san fhóram plé agus go mbeadh tionchar an-mhór ag na rannpháirtithe ar dhinimic na ngrúpaí éagsúla, go háirithe agus gan ach trí sheisiún teagmhála aghaidh ar aghaidh idir iad agus an léachtóir. Tagraíonn Connolly (2008) don nóisean seo agus í ag plé dhearcadh an fhoghlaimora fhásta: ‘students created the atmosphere with a combination of their expectations of the teacher and the subject; their reasons for registering for the class; and their individual personalities and life experiences’ (70). Bhí amanna ann nuair a bhí an lámh in uachtar ag pearsantachtaí éagsúla ar an bhfóram plé, tharla sé go minic freisin gur leagadh i bhfad an iomarca béime ar

an taithí saoil a bhí ag na rannpháirtithe, fiú nuair a iarradh orthu snáitheanna éagsúla na hargóinte a scagadh i gcomhthéacs teoiriciúil. Déanfar iniúchadh níos grinne ar na tosca seo san alt seo agus breathnófar ar chuid de na dúshlán a bhí le sárú ag na rannpháirtithe iad féin chomh maith. Mar mhodh taighde, scaipeadh ceistneoirí ar rannpháirtithe an chúrsa trí mheán an ríomhphoist toisc éascaíocht an chuir chuige seo agus an cúrsa uile á sheachadadh ar líne. Ní dhearna, áfach, ach naoi nduine dhéag acu iad a chomhlánú agus a chur ar ais. Níor cuireadh aon iachall ar na mic léinn iad a chomhlánú. Bhíothas i mbun breathnóireachta ar an bhfóram plé chomh maith, áit a bhfacthas tuairimí agus cuir chuige na rannpháirtithe ar an láthair.

### **An curaclam ar-líne agus an pháirtíocht chriticiúil**

Déanfar an fhoghlaim ar-líne a scagadh i gcomhthéacs trí cinn de na cúig ghné a mhaíonn Haggis a d'fhéadfadh a bheith mar bhaic ar idirghníomhaíocht rathúil agus thaitneamhach le feidhmeanna agus próisis curaclaim. Laistigh den chéad bhac féideartha, tagraíonn sí d'easpa eolais na mac léinn ar phróisis agus ar chultúr na hacadúlachta:

*It is no longer possible to expect all students to enter university already knowing how to do things such as respond to a reading list and a set of essay questions, engage with new types of text genre, and adopt a critical stance in relation to ideas in published form' (2006: 6).*

Tá an easpa páirtíochta a luaitear thuas le sonrú i go leor comhthéacsanna tríú leibhéal, áit a mbíonn sé dúshlánach mic léinn a spreagadh i dtreo na smaointeoireachta neamhspleáiche agus criticiúla, ach bíonn sé níos dúshlánaí fós an cultúr foghlama seo a chothú i measc rannpháirtithe ar-líne nuair nach mbíonn an teagmháil aghaidh ar aghaidh i gceist ach faoi thrí in aghaidh na bliana acadúla. Ní hamháin sin, ach anuas ar an bpáirtíocht chriticiúil a bhí á mealladh, cur chuige iomlán nua a bhí i gceist le seachadadh an chúrsa d'fhormhór na mac léinn agus bhí roinnt frustrachais le brath ina measc maidir leis seo agus iad ag dul i dtaithí ar chóras agus ar mhúnla nua teagaisc agus foghlama:

'Is fearr liom an plé sa seomra ranga, mar a déarfá. Seanfhaiseanta, is dócha.'

'Teastaíonn am chun dul i dtaithí ar an gcóras. Tá an córas seo difriúil leis an seomra ranga mar a bhí cleachtadh againn air.'

‘...an éiginnteacht a bhíonn ann maidir le cad go díreach atá ag teastáil i gcuid de na freagraí’<sup>1</sup>.

Léirítear drogall na rannpháirtithe anseo thuas tabhairt faoi mhodh nua seachadta agus bhí an t-údar thar a bheith comhfhiosach faoi seo agus í ag iarraidh fhéidearthacht na mbraistintí scoiteachta a mhaolú trí iad a ghríosadh ar an bhfóram plé agus a bheith ar fáil ar líne aon uair a bhí ceisteanna acu. Bhí sé soiléir freisin go raibh go leor de na rannpháirtithe as cleachtadh leis na córais acadúla nó nár thuig siad go mbeadh bunús teoiriciúil leis an modúl agus mar sin, go mbeadh orthu ‘*critical stance in relation to ideas in published form*’ (Haggis, 2006: 6) a fhorbairt. Chruthaigh an easpa feasachta seo dúshlán don údar agus do na rannpháirtithe araon. Míníonn Haggis é seo agus í ag tagairt do Smith (1971):

*The experience of struggle and alienation that students can experience when attempting to wrestle with the challenges of responding to complex text and ideas can evoke emotional reactions which result in a kind of “tunnel vision” which can sabotage the possibility of building further understanding, or of any desire to engage with the text a second or third time’ (2006: 8).*

Feictear don údar seo, ach go háirithe i gcomhthéacs an ábhair thaighde seo, go bhfuil an chéad ghné de chuid chreatlach Haggis – ‘*student lack of familiarity with processes*’ (2006: 5) in-idirnasctha leis an dara agus an tríú ceann ar go leor bealaí. Tagraíonn sí don (2) réimse leathan cuspóirí mar aon leis na cineálacha éagsúla páirtíochta a bhíonn ag mic léinn agus (3) claonadh an disciplín féin (2006: 528). Bhí sé soiléir go raibh an dá ghné seo ag teacht salach ar a chéile sa mhéid is gur soiléiríodh bearna réasúnta mór idir leibhéal na páirtíochta criticiúla le dioscúrsa na sochtheangeolaíochta nuair ba cheart gurbh ag coinbhéirsiú a bheidís. Tá taithí fhairsing ag na rannpháirtithe seo uilig i dtimpeallachtaí éagsúla Gaeilge, taithí as a n-eascaíonn tuairimí láidre agus dearchthaí atá diongbháilte agus seasmhach, bunaithe ar a n-eispéireas pearsanta féin sa réimse ina bhfuil siad ag obair. An dúshlán ba mhó a bhí roimh an údar seo iad a mhealladh i dtreo na smaointeoireachta criticiúla agus an taithí sin agus na tuairimí láidre a scagadh i gcomhthéacs na teoirice náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhaireann sa réimse seo. Tugadh faoi deara go minic gur tugadh tús áite dá gcuid sóilipseachais féin, rud a d’fhág go raibh dearcadh sách srianta acu ar réaltacht an ábhair i gcomhthéacs an dioscúrsa idirnáisiúnta. I bhfocail eile, tháinig sé chun solais go minic gurbh ag brath ar n-eispéireas pearsanta féin a bhí siad seachas ag

1 Tá an rannpháirtí seo ag tagairt don ábhar a bhíonn le plé ar an bhfóram ar-líne gach coicis.

iarraidh é seo a shainmhíniú, a scrúdú agus a chur i gcomparáid leis an saineolas sochtheangeolaíochta atá sa ghort seo cheana féin. Léirmhíniú Haggis í féin é seo:

*Students may not wish to challenge their ideas, values and past experience, or such challenge may be perceived as threatening and uncomfortable. This does not mean that students cannot become engaged and questioning, but it may mean that such engagement needs to be carefully staged, and perhaps explored explicitly (2006: 7).*

Is léir gur bhraith na rannpháirtithe gur leor cur síos ar a dtaithí féin agus iad ag tabhairt faoin gcúir agus faoin gcúiteamh ar líne agus nach raibh gá í a cheistiú, ach tháinig sé chun solais anseo chomh maith gur airigh go leor díobh faoi bhagairt agus beagáinín míchompordach, mar a áitíonn Haggis thuas (2006) – ‘*threatening and uncomfortable*’, agus an méid seo eolais á nochtadh acu:

‘Uaireanta, bíonn drogall orm féin móran de chur síos a dhéanamh ar mo chúlra teanga de bhrí go bhfuil mé airdeallach ar cé eile a bheadh á léamh.’

‘Tá aithne acu [rannpháirtithe eile] ar a chéile ar bhonn gairmiúil, agus dá bharr, b’fhéidir nach dteastódh uathu an iomarca eolais a sholáthar i dtaca leo féin go pearsanta.’

‘D’fheicfinn go bhféadfadh rannpháirtithe bheith míchompordach faoi bheith ag nochtú tuairimí a d’fhéadfai a nascadh leis an eagraíocht a bhfuil siad ag obair inti.’

Léirítear cé chomh comhfhiosach faoi dhaoine eile is atá na rannpháirtithe anseo agus iad thar a bheith cosantach faoin stádas atá acu féin agus faoin eagraíocht ina bhfuil siad ag obair. Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid peirspictíochtaí, is léir gur ábhar cineál leochaileach í an Ghaeilge agus go raibh drogall orthu an iomarca eolais a thabhairt ar fhaitíos go ndéanfaí breithiúnas orthu féin nó ar an ionad ina raibh siad ag obair. Shoiléirigh duine amháin acu é seo agus é ag scrúdú chur chuige an mhodúil: ‘Is dóigh liom go bhfuil laigeacht áirithe ann, mar go mbíonn ort tuairim dhíreach a thabhairt ar thuairim duine eile, go mbraitheann an duine sin uaireanta gur ionsaí atá ann ar a thuairim seachas díreach malairt tuairime.’

Mar sin féin, as na naoi gcinn déag de cheistneoirí a ndearnadh scagadh orthu, tháinig sé chun solais gurbh é an mhalairt tuairimí ar an bhfóram plé an buntáiste ba mhó a bhain leis an modúl. Bhí gach aon duine de na rannpháirtithe ar aon tuairim faoi seo:

‘Faigheann tú léargas agus tuiscint ar dhearcthaí, fadhbanna, réitigh, smaointe éagsúla ó thobar leathan agus saibhir, i.e. lucht na Gaeltachta, lucht na Gaeilge, lucht na hollscoile, lucht na seirbhíse poiblí, tuismitheoirí, gníomhairí pearsanta, etc.’

‘Bhí mé in amhras faoi sular thosaigh sé ach creidim anois go n-oibríonn sé go maith.’

‘An rud is fearr ná an léargas difriúil ar an ábhar ó na rannpháirtithe éagsúla agus a dtuairimí féin curtha i láthair laistigh den ghrúpa.’

Tá sé soiléir ó thuairimí na rannpháirtithe gur éirigh leis an modúl méid áirithe páirtíochta a bhaint amach i measc na mac léinn iad féin ós rud é go ndearna siad na tascanna éagsúla a chur i gcrích go sásúil ar líne agus go raibh leibhéal idirghníomhaíochta ar an bhfóram plé chomh maith, fiú má bhí rian na cosantachta le brath anseo in amanna. Dá bhrí sin, d’éirigh leo na cuspóirí éagsúla a bhí acu a thabhairt le chéile agus iad sa tóir ar an sprioc chéanna, sprioc a léirmhíniúnn Connolly agus í ag tabhairt spleáchadh ar an tréimhse a chaith sí féin mar rannpháirtí ar-líne:

*As a group, we knew we were there with an identical purpose... We knew that we were the group in pursuit of this purpose, and that we had a connection with one another on the basis of the common purpose, and the recognition that we had an identity as the group of students (2008: 66).*

Tháinig an comhchuspóir seo a ndéanann Connolly tagairt dó chun solais, mar aon le fianaise pháirtíocht na mac léinn, in aiseolas na rannpháirtithe nuair a phléigh siad cuid de na dúshláin a bhí acu leis an modúl:

‘Bíonn orm srian a chur orm féin gan daoine a cheartú faoi nithe a bhfuil a fhios agam nach bhfuil fíor ar chor ar bith nó réalaíoch – caithfidh mé cuimhneamh nach é sin mo ról anseo.’



Is léir go bhfuil cur chuige machnamhach in úsáid ag an rannpháirtí seo agus mar sin, go bhfuil sí tar éis nasc a chruthú idir í féin agus ábhar an chúrsa, ach mar sin féin, is ag tagairt dá taithí phearsanta féin atá sí agus í á cur i gcomparáid le taithí rannpháirtithe eile seachas ag déanamh scagadh ar theoric na sochtheangeolaíochta. Thug rannpháirtí eile le fios nach raibh dóthain easaontais ná díospóireachta le sonrú ar an bhfóram plé agus í *'in pursuit of this purpose'* (Connolly, 2008: 66):

'An rud a chreidim go bhfuil sibh ag "seanmóireacht don chráifeach", agus mar sin, ní bhíonn mórán easaontais le sonrú. An fiú easaontas a chothú le daoine a ghríosadh?'

Tá an pháirtíocht a luann Haggis (2006) ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den fhoghlaim ar-líne agus moltar modúil a dhearadh le go n-éascóidh siad idirghníomhaíocht shioncronach agus aisioncronach araon (Mishra & Sharma, 2007: 335). Is í an idirghníomhaíocht aisioncronach a bhí mar bhunús an fhórait phlé. Is é an buntáiste is mó a bhaineann leis an gcineál idirghníomhaíochta seo go mbíonn deis ag na rannpháirtithe dul i ngleic leis an ábhar agus é a phróiseáil ina gcuid ama féin (Ming & Khoo-Seng, 2000). Maíonn Chesney & Ginty go soláthraíonn fóram plé aisioncronach deiseanna d'fhoghlaimoirí monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre féin mar aon le hobair na rannpháirtithe eile, agus go n-éascaíonn sé an tsúil siar mar gur féidir luath-iontrálacha a léamh agus a scagadh arís don dara huair (2011: 214). Toisc nach creatlach fíor-ama a bhíonn i gceist le seachadadh na léachtaí i gcás an chúrsa seo ná le gné na hidirghníomhaíochta ar an bhfóram plé, ba cheart go dtabharfadh sé seo deis do na rannpháirtithe tabhairt faoin bhfoghlaim mhachnamhach agus scileanna ardoird smaointeoireachta a fhorbairt. Tá sé níos dúshlánaí an cur chuige foghlama seo a mhealladh i rannpháirtithe a thugann faoin idirghníomhaíocht shioncronach. Dá bhrí sin, is mór an trua é ar bhealach go raibh easpa páirtíochta i measc na mac léinn le teoric na sochtheangeolaíochta agus go raibh claonadh ní ba mhó acu dul i muinín a dtaithí phearsanta agus scagadh á dhéanamh acu ar réaltacht shuibiachtúil amháin seachas iniúchadh a dhéanamh ar na sraitheanna éagsúla réaltachta as a n-éascaíonn an teoric infheidhmithe.

Déanann Chesney & Ginty (2011) tagairt do bhuntáiste eile a bhaineann leis an gcur chuige aisioncronach nuair a áitíonn siad go méadaítear na deiseanna sóisialithe i measc rannpháirtithe ar-líne i dtimpeallacht den sórt seo: *'social interactions that take place online can often bring about a reduction in feelings of isolation for learners studying at a distance from the campus, or for learners who feel*

*self-conscious'* (214). Ní léir anseo, áfach, ar éirigh leis an bhfóram a leithéid a chur i gcrích agus na rannpháirtithe ag lua na nithe seo a leanas: 'caithfidh tú a bheith cúramach gan ábhar duine eile a mhaslú', 'míchompordach', 'ionsaí pearsanta'. Caithfear a áitiú anseo, áfach, nár tháinig na mothúcháin seo chun solais nuair a d'fhreastail na rannpháirtithe ar na trí cheardlann ar phríomhchampus na hOllscoile agus go m'bhféidir go bhfuil buntáiste ag baint leis an soisialú aghaidh ar aghaidh toisc go n-éascaíonn sé soiléiriú, athrá agus an díospóireacht fhíor-ama.

### **Athbhreithniú ar an bpróiseas**

Chuathas i muinín ráiteas MacDonald Ross agus na torthaí foghlama á múnla don mhodúl seo:

*De-emphasise didactic tuition and summative assessment; set them tasks which stimulate their creative imagination; encourage them to work together co-operatively rather than competitively; give them regular and constructive feedback on their performance; encourage them to reflect on how their skills and understanding are improving (2008: 7)*

Ba é an dúshlán ba mhó a bhí le sárú san fhís seo aiseolas rialta agus cuiditheach a thabhairt do na rannpháirtithe, sprioc a bhí ag an údar ach ceann a bhí an-deacair a bhaint amach, de bhrí go raibh an oiread sin mac léinn ag tabhairt faoin gcúrsa agus toisc an oiread sin freagrachtaí eile a bheith ar an údar. Ba í samhail an údair aiseolas aonair déthaobhach a thabhairt do gach aon duine acu, aiseolas ó pheirspictíocht an oideora agus an éascaitheora araon, ach, faraor, níor éirigh léi an cuspóir seo a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, socraíodh go ndéanfaí obair na rannpháirtithe a mheas mar ghrúpa seachas mar dhuine aonair agus aiseolas a chur ar fáil don ghrúpa iomlán ansin. Ní rabhthas róthógtha leis an modh seo mar cé gur áitíodh cheana go mbíonn comhchuspóir ag na rannpháirtithe uile agus iad ag plé le díospóireachtaí ar-líne, ní ionann é sin agus a rá go bhfuil na riachtanais foghlama chéanna acu nó go bhfuil an caighdeán céanna acu ach oiread. Leagann MacDonald Ross béim air seo freisin:

*In learning groups, there are at least three, and maybe four entities getting together: the individual, the group, the facilitator and even the community of practice to which they belong. Each of these entities has different learning needs and responsibilities. The individuals have their own learning needs, and the group has collective learning needs, which, hopefully, are compatible, but may not be (2008: 85).*

Toisc nach mbíonn na riachtanais seo i gcónaí mar a chéile, moltar grúpa i bhfad níos lú a chlárú do chúrsa ar-líne den chineál seo sa chaoi is go dtabharfar cothrom na féinne dóibh ó thaobh aiseolais, tacaíochta agus dhul i dtaithí ar chultúr agus ar phróisis na hacadúlachta. Toisc go bhfuil rannpháirtithe an chúrsa ag obair i réimse na Gaeilge, cuid acu ar feadh na mblianta, is léir go mbeidís ag brath ar a gcuid saineolais féin agus iad ag freagairt ceisteanna ar an bhfóram plé, ach soiléiríodh san alt seo gur tugadh tús áite don saineolas agus don taithí phearsanta a bhí acu seachas sraitheanna éagsúla na teorice a scagadh agus a ionramháil. Samhlaítear gur athrú meoin den chuid is mó atá ag teastáil anseo toisc nach bhfuil cur amach ag go leor acu ar an timpeallacht acadúil ná ar chultúr na feasachta criticiúla. B'fhéidir go bhfuil sé ró-uaimhianach a bheith ag súil go n-athrófar an dearcadh seo laistigh de bhliain acadúil amháin, go bhféadfadh cultúr na smaointeoireachta seo a athmhúnlú agus súil ghéar chriticiúil a mhealladh ina áit; ach fiú má tá, caithfear teacht ar mhodh feiliúnach agus praiticiúil aiseolais don bhliain atá amach rompu chun na mic léinn a chumasú tabhairt faoin bpáirtíocht chriticiúil, go háirithe agus iad mar rannpháirtithe na foghlama 'neamhthraidisiúnta' (Haggis, 2006).

## Leabharliosta

### Leabhair

Connolly, B., (2008) *Adult Learning in Groups*. An Bhreatain: Open University Press.

Smith, F., (1971) *Understanding Reading*. Nua-Eabhrac: Holt, Rinehard and Winston.

### Ailt

Chesney, S., & Ginty, A., (2011) 'Computer Aided Assessment.' I: *Developing Effective Assessment in Higher Education. A Practical Guide*. An Bhreatain: Open University Press, 207-220.

Haggis, T., (2006) 'Pedagogies for diversity: retaining critical challenge amidst fears of 'dumbing down'. I: *Studies of Higher Education*. Londain: Routledge.

- Kung-Ming, T., & Khoon-Seng, S. (2000) 'Asynchronous vs. Synchronous Interactions'. *Encyclopedia of Distance Learning*. Imleabhar 1, 104-113.
- Mishra, S., & Sharma, R.C., (2007) 'E-learning, Best Practices and Lessons Learned: A Summary'. I: *Cases on Global E-Learning Practices. Successes and Pitfalls*. Londain: Information Science Publishing, 333-337.

### **Foinsí leictreonacha**

- MacDonald Ross, G., (2008) *Why my students don't plagiarise: a case study*. International Integrity and Plagiarism Conference. Ar fáil ar líne ag <http://www.plagiarismadvice.org/>.



## **Iniúchadh ar an Tionchar a Imríonn Club Gaeilge i Meánscoil Lán- Bhéarla ar Inspreagadh Daltaí i Leith Fhoghlaim na Gaeilge**

*le Tammy Ní Laoire*

<https://doi.org/10.13025/mg9r-5y32>

### **Comhthéacs an taighde**

Cuirtear béim ar leith ar an gcur chuige cumarsáideach i siollabas Gaeilge na meánscoile le breis agus fiche bliain anuas chun 'go mbainfeadh foghlaimeoirí úsáid as an teanga chun críche cumarsáide' (Ó Laoire, 2006: 6). Moltar go mbeadh na daltaí gníomhach sa phróiseas foghlama, go mbeadh na ceachtanna deartha i dtreo is go bhfuil an oiread deiseanna le tapú ag na daltaí cumarsáid a dhéanamh lena chéile sa sprioctheanga 'i suíomhanna fíorchumarsáide bunaithe ar mhalartú eolais a chruthú sa seomra ranga' (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta). Leagtar béim freisin ar aird na ndaltaí a tharraingt ar an bhfeasacht teanga agus ar chultúr na Gaeilge, chomh maith le suim san oidhreacht Ghaelach i gcoitinne a chothú iontu.

Chomisiúnaigh an CNCM plépháipéar in 2006 dar teideal '*Curriculum provision for Irish in post-primary education*' le hiniúchadh a dhéanamh ar staid sholáthar na Gaeilge sna meánscoileanna. D'éascair an plépháipéar sin as tatal phlépháipéir Little (2003) agus tuarascálacha na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (Smyth *et al.*, 2004, 2006) maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim Ghaeilge agus dearcadh daltaí meánscoile ina leith. Soiléiríodh go raibh 32% de dhaltaí dara bliana arbh í an Ghaeilge an t-ábhar ba mhó nár

thaitin leo ar scoil agus gurbh í an Ghaeilge an t-ábhar ba dheacra do 46% de na daltaí a ceistíodh. Ba í an Ghaeilge a luadh, chomh maith, mar an t-ábhar ba lú fiúntais (46% de dhaltaí) le hais na n-ábhar eile. Mhol plépháipéar an CNCM in 2006 gur cheart athstruchtúrú a dhéanamh ar an gcuraclam i dtreo is go mbeadh níos mó ábharthachta ag an nGaeilge le saol laethúil na ndaltaí (2006: 7). Eisíodh siollabas nuashonraithe don Ghaeilge san Ardteist in 2010 chun freastal a dhéanamh ar aidhmeanna leasaithe na Comhairle Curaclaim, ina mbeadh i bhfad ní ba mhó béime ar labhairt na Gaeilge. De bharr na n-athruithe a tháinig i bhfeidhm, tá luacháil 40% ag dul do bhéaltriail na hArdteiste ó 2012 le hais 25% mar a bhíodh ann roimhe sin. De réir thorthaí na hArdteiste ó 2012, tháinig ardú 11% ar líon na ndaltaí a roghnaigh an cúrsa Ardleibhéil Gaeilge ó 2011, agus ar líon na ndaltaí a ghnóthaigh grád A,B,C ag an Ardleibhéil (87%), le hais an 84% ar an meán sna trí bliana roimhe sin (An Roinn Oideachais & Eolaíochta, 2012).

Tá comhartha ceiste ann maidir le héifeachtacht shiollabas na Gaeilge, áfach, chun ‘scileanna teanga na bhfoghlaimeoirí a bhuanú, a dhoimhniú agus a fhorbairt a thuilleadh...i dtreo is go mbeidh ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol dátheangach’ (CNCM). Bíodh is gur chuir Conradh na Gaeilge fáilte roimh an mbeart ar ardú a dhéanamh ar líon na marcanna a bhí le tabhairt don bhéaltriail san Ardteist, dúradh nár leor sin ann féin i gcur chun cinn fhoghlaim rathúil na Gaeilge. Mar fhreagairt ar fhógairt an Aire Oideachais in 2007 faoi na marcanna breise don bhéaltriail ag an am, dúirt Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Dáithí Mac Cárthaigh, go rabhthas ‘ag díriú ar leibhéil amháin den fhadhb agus ag déanamh neamhairde ar na leibhéil eile. Is gá múineadh agus foghlaim na Gaeilge a fhorbairt ag an trí leibhéil ar bhonn iomlanaíoch [sic], i.e. sna bunscoileanna, ag an dara leibhéil agus sna coláistí oiliúna’ (2007). Molann Conradh na Gaeilge gur chóir ‘dhá shiollabas a fhorbairt don Ghaeilge ag an dara leibhéil le dhá pháipéar scrúdaithe ar leith don Ardteist agus don Teastas Sóisearach (“Teanga na Gaeilge”, ag múineadh agus ag measúnú na scileanna tuisceana, labhartha, léite agus scríofa ag baint leasa as an bhFráma Coiteann Eorpach mar thagairt agus “Litríocht na Gaeilge” le déanamh ag mic léinn ardleibhéil amháin)’ (ibid). Léirigh an eagraíocht Ghaelscolaíochta, Gaelscoileanna Teo., inní faoi ardú na marcanna don bhéaltriail, go háirithe agus an baol ann go n-ardófaí sciar na marcanna don bhéaltriail tuilleadh. Bheadh an beart sin ‘tubaisteach do thodhchaí na teanga’, dar leo (2011: 33). Léirítear i dtuairimí eile go bhfuil simpliú nó dúrú á dhéanamh ar an nGaeilge leis an gcúrsa nua - ‘níor cheart fiúntas an tsiollabais a mheas de réir torthaí arda, ach de réir cumas cainte agus tuisceana na ndaltaí’

(Delap, 2013). Idir an dá linn, tá athbheithniú ar bun ag an CNCM ar shiollabas Gaeilge an Teastais Shóisearaigh i láthair na huaire mar chuid d'ollchóiriú chlár an Teastais Shóisearaigh.

Go deimhin, níl sé réalaíoch a bheith ag súil leis gur féidir le scoileanna sealbhú na Gaeilge a bhaint amach go rathúil bunaithe ar shiollabas nua scoile a chur i bhfeidhm. Níl sna hiarrachtaí atá ar siúl sna scoileanna ach gné ar leith d'iliomad gnéithe ar chóir a bheith á soláthar ag an Rialtas chun spriocanna na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30 a bhaint amach d'fhonn 'a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla' (Rialtas na hÉireann, 2010: 3). Mar a mhaíonn Baker:

*A school can initiate second language acquisition in the minority language. However, not all students will continue to use the school-learned language throughout life, including in parenting their children. Even when a child successfully learns minority language oracy and literacy skills in school, unless there is considerable support in the community and the economy outside school, the language may wither. A classroom-learned second language may become a school-only language (Baker, 2011: 61).*

## **Inspregadh**

Tá Gardner (1972, 1985) ar dhuine de na mórcheannródaithe taighde i réimse shealbhú na dara teanga. Tá clú bainte amach ag Dörnyei sa réimse seo chomh maith, le beagnach tríocha bliain anuas. Tá taighde Gardner maidir le cúiseanna foghlama na dara teanga lárnaithe i bprionsabail na síceolaíochta sóisialta. Is é sin, an tsuim a léiríonn an foghlaimeoir i sochaí agus i gcultúr an phobail teanga eile mar chúis an inspregtha i bhfoghlaimeoir na dara teanga. Gan an t-inspregadh, is deacair a shamhlú conas a d'fhéadfaí an dara teanga a shealbhú (Dörnyei, 2005: 65).

Sainmhínítear an t-inspregadh 'intreach' mar fhonn nádúrtha an duine rud éigin a dhéanamh toisc na suime inmheánaí. Dar le Gardner agus Lambert (1972), (luaite in Arnold, 1999: 13) i gcomhthéacs spriocanna foghlama na dara teanga, go bhféachtar ar an inspregadh intreach mar ghné chomhtháiteach d'fhonn an fhoghlaimeora a bheith páirteach, nó bainteach le pobal na sprioctheanga sin. Bíonn bunús sóisialta agus comhchaidrithe i gceist leis. Maíonn Dörnyei gurb ionann a bheith spregtha ar bhonn intreach chun an dara teanga a fhoghlaim agus a léiriú go bhfuil meas ag an bhfoghlaimeoir ar chultúr agus ar shlí mhaireachtála an phobail sin (Dörnyei, 2005: 96). Tacaíonn Nic Ealagóid, leis

an tuairim sin chomh maith. Deir sí go bhfuil ‘...bunús idirphearsanta leis an ngné chomhtháthaíoch a lorgaíonn cairdeas agus ionannú le grúpa eile’ (2007: 26). Is é sin an coincheap sochoideachasúil a chuir Gardner (1985) chun cinn os cionn fiche bliain roimhe sin.

Dar le Williams agus Burden, (1997: 125) go mbíonn go leor den inspreagadh bunaithe ar an luach meabhairbhraite a chuireann an foghlaimeoir é féin ar fhoghlaim na dara teanga. Is féidir leis an inspreagadh intreach agus eistreach, sé sin an fonn atá ar an bhfoghlaimeoir ‘...to get a reward or avoid punishment...’ (Deci & Ryan, 1985: 245), a bheith ag feidhmiú as lámha a chéile, rud a chabhraíonn le leibhéal féinmhuiníne an fhoghlaimeora a ardú le linn an phróisis foghlama. Leagann taighde Clément *et al.* (luaite i Dörnyei, 2005: 73) béim ar thábhacht na féinmhuiníne don inspreagadh i gcoitinne. Mhaígh Gardner go mbainfeadh an foghlaimeoir teanga luach agus tairbhe ní ba dhoimhne as an bpróiseas foghlama ag brath ar mhéid na hiarrachta a d’infheisteofaí ann, ba chuma ar chúiseanna intreacha nó eistreacha a bheadh i gceist leis an spreagadh: ‘*Individuals who are truly motivated not only strive to learn the material but also seek out situations where they can further practice*’ (Gardner, 1985: 169).

## **An cur chuige taighde**

Is chuige seo gur beartaíodh Club Gaeilge a bhunú sa mheánscoil lán-Bhéarla ina bhfuil an t-údar ag obair, le féachaint an ardódh a leithéid de ghníomhaíocht sheach-churaclaim leibhéal inspreagtha agus braistint féiniúlachta na ndaltaí i leith na Gaeilge. De bharr go bhfuil ‘tionchar níos láidre ná riamh ag córas scrúdaithe agus ag córas na bpointí ar mhúinteoirí agus ar a dtéann amach sa seomra ranga’ (Ó Laoire, 2006: 4), theastaigh ón údar iarracht a dhéanamh dearcadh na ndaltaí i dtaobh na Gaeilge a aistriú ó ábhar scoile amháin go teanga bheo ábharthach agus fhiúntach taobh amuigh den seomra ranga. Theastaigh ón údar, chomh maith, deiseanna treisithe Gaeilge a chur ar fáil do na daltaí i dtimpeallacht níos nádúrtha ná an gnáthsheomra ranga chun ‘féinmheas agus féinmhuinín na bhfoghlaimeoirí’ chomh maith le ‘meon dearfa i leith na teanga a chothú’ (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2010: 1), mar a dúirt Murtagh (2006):

*...the more students use Irish outside of school, the higher their achievement in Irish and the higher their motivation to learn Irish and their interest in learning it. (55-56)*



Bíodh is go raibh an t-údar ag réachtáil an Chlub Gaeilge taobh *istigh* d'am scoile, bhíothas ag súil leis go mbainfí torthaí dearfacha amach leis an gclub mar acmhainn thacúil thaitneamhach do na daltaí i bpróiseas sealbhaithe na teanga. Mar chuid den taighde cáilíochtúil, réachtáladh grúpa fócais le rannpháirtithe an Chlub Gaeilge agus scaipeadh ceistneoirí orthu freisin, ceistneoirí a bhí deartha i dtreo is gur ceisteanna oscailte a bhí i gceist le saoirse a thabhairt do na rannpháirtithe a dtuairimí féin a chur in iúl ina bhfocail féin. Chuathas i muinín dhialann mhachnamhach an údair ar mhaithe le luach breathnaithe a thabhairt don taighde thar ceann na sé mhí ina raibh sé ar bun. Dáileadh 51 ceistneoir ar na daltaí go léir a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge i gcaitheamh na bliana. Bhí 22 ceist le freagairt ag na rannpháirtithe maidir lena dtuairimí i leith na Gaeilge go ginearálta, chomh maith lena dtuairimí i leith an Chlub Gaeilge. Rinneadh 29 (57%) ceistneoir a chomhlánú. D'éascair eolas luachmhar ó na tuairimí a léiríodh sa cheistneoir ann féin ach síleadh gurbh fhiú grúpa fócais a réachtáil chun eolas ní ba dhoimhne a fháil faoi mheon na rannpháirtithe i leith an Chlub Gaeilge, ar leibhéal a bheadh ní ba phearsanta agus ní ba nádúrtha dóibh féin. Maidir le roghnú na rannpháirtithe don ghrúpa fócais, roghnaíodh na daltaí ba mhó a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge. Bhí sé tábhachtach chomh maith go mbeadh ar a laghad dalta amháin as gach bliainghrúpa páirteach sa ghrúpa fócais agus go mbeadh cothromaíocht inscne ann freisin. Roghnaíodh deichniúr daltaí bunaithe ar na critéir sin.

## Úsáid cluichí i bhfoghlaim teanga

Is próiseas fada casta é sealbhú na dara teanga ina mbíonn iliomad tosca ag imirt tionchair ar rath an fhoghlaiméora (Douglas Brown, 2000: 1; Tarone, 2006: 153). Tá cothú na cumarsáide thar a bheith riachtanach chun sealbhú rathúil a bhaint amach. Bhíothas ag súil le deiseanna réalaíocha a thabhairt do na daltaí a gcuid Gaeilge a chleachtadh i dtimpeallacht thaitneamhach, áit nach mbeadh béim ar cheachtanna ná ar an teagasc foirmeálta, ach áit ina bhféadfadh na daltaí am a chaitheamh go sóisialta lena chéile, i mbun cumarsáide sa sprioctheanga agus 'meon dearfa i leith na teanga a chothú' dá bharr (CNCM, 2013). Aithnítear go forleathan go bhfuil ról tábhachtach agus éifeachtach ag cluichí teanga struchtúrtha i bhfoghlaim teangacha (Wright, *et al.*, 2006; Chen, 2005; Huyen & Nga, 2003; Lee, 1979). Spreagann cluichí agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha na foghlaiméoirí le taitneamh agus spraoi a bhaint as an bpróiseas foghlama agus cabhraíonn na cluichí leis an bhfoghlaim ar leibhéal níos bríche chun cumarsáid

sa sprioctheanga a mhealladh. Baintear úsáid as, agus cleachtaítear na scileanna gabhchumais agus ginchumais agus na cluichí á n-imirt, agus tarlaíonn go leor den sealbhú go neamh-chomhfhiosach, ina mbíonn aird agus úsáid teanga na bhfoghlaimeoirí dírithe ar an imirt seachas ar an bhfoghlaimeoirí teanga féin (Chen, 2005: 1). Cuireann úsáid cluichí go mór le hatmaisféar taitneamhach a chothú, go háirithe má bhíonn gné den iomaíochas i gceist leis na cluichí, rud a spreagann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht mar thréith de nádúr an duine (Chen, 2005: 1; Huyen & Nga, 2003: 8,14; Lee, 1979: 1). Cabhraíonn cluichí le hábhar imní agus strus i bhfoghlaimeoirí na teanga a laghdú chomh maith.

## Dul chun cinn sa Ghaeilge

Reáchtáil an t-údar an Club Gaeilge uair sa tseachtain, i rith am lóin, ar feadh tréimhse 45 nóiméad. Cuireadh tús leis an gcéad seisiún den Chlub Gaeilge ag tús mhí na Samhna 2012 agus lean sé ar aghaidh go dtí lár mhí Aibreáin 2013. Reáchtáladh réimse imeachtaí éagsúla idirghníomhacha, ar nós cluichí Scrabble®, cluichí cártaí, biongó, crosfhocail, focail chuardaigh agus cluichí éagsúla tomhais, sna seisiúin. Roghnaíodh cluichí ar leith a úsáid sa Chlub Gaeilge a chuirfeadh le stór focal agus le cumas na ndaltaí feidhmeanna teanga a chleachtadh. Bhain na daltaí an-taitneamh as a bheith ag imirt Scrabble®, ag cumadh focal, nó ag iarraidh raon a gcumas foclóra a léiriú le linn na himeachtaí. Nuair a tosaíodh ag imirt Scrabble® i dtús ama, b'fhocail ghairide ba mhó ar éirigh leis na daltaí a chur le chéile ar an gclár. Diaidh ar ndiaidh, áfach, tháinig feabhas ar chumas raon na bhfocal a bhí á gcur síos. Tugadh faoi deara freisin go raibh an friotal teanga san idirphlé a bhí ar bun ag na daltaí ag tarlú ar bhonn níos nádúrtha. Bhí leibhéal féinmhuiníne maidir le húsáid na teanga le sonrú i measc na ndaltaí a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge go rialta, ach go háirithe. Ba léir dóibh nach gnáthrang Gaeilge a bhí i gceist leis an gClub Gaeilge agus go bhféadfaidís dul i muinín pé Gaeilge a bhí acu gan aon chúis struis leo.

Is ábhar spéise é an oiread tuisceana agus ionbhá a léirigh formhór na rannpháirtithe don Ghaeilge mar chuid luachmhar dá n-oidhreacht, dá gcultúr agus dá bhféiniúlacht. Mar sin féin, a mhalairt de thuairim a léiríodh maidir lena n-eispéireas foghlama sa seomra ranga. Is í an chéad cheist a cuireadh sa cheistneoir ná *'An maith leat an Ghaeilge? Cén fáth?'* Ní raibh ach beirt as an tríocha rannpháirtí a d'admhaigh nár thaitin an Ghaeilge leo, de bharr deacrachta foghlama, dar leo.

Is iad seo a leanas roinnt de na tuairimí a léiríodh i leith na Gaeilge. Socraíodh gan aon cheartúcháin ghramadaí a dhéanamh ar ráitis na ndaltaí.

- *'Is maith liom Gaeilge mar is teanga don tír é.'*
- *'Is aoibhinn liom Gaeilge! Ceapaím gur pháirt as mó chultúr féin agam agus is ána-tabhachtach é san aithne Éireannacht.'*
- *'I like Irish as a language, but I don't like being taught Irish. I don't believe that language should be taught like other parts of the curriculum, driven in.'*
- *'Yes, because I like the sound of the language.'*
- *'I don't mind Irish but it's not my favourite subject because the way it's taught, it's not as fun as learning other subjects such as English or Spanish.'*
- *'Yes, because it's nice to know our country's language.'*
- *'I like Irish as a language but not as a subject, i.e. speaking, etc. but not studying An Trial/short stories/writing aistí.'*
- *'I like Irish because it's an interesting language and it's an important part of our history and culture.'*

Bhain an dara ceist leis an gcéad cheann ach go rabhtas ag iarraidh léargas éigin a fháil ar na tosca a d'imir tionchar ar leibhéal inspreagtha na rannpháirtithe i bhfoghlaim na Gaeilge. Is í an cheist a cuireadh ná *'An bhfuil sé tábhachtach duit an Ghaeilge a fhoghlaim? Cén fáth?'* Bhain an chuid is mó de na tuairimí a léiríodh don cheist sin le tábhacht na Gaeilge a dheimhniú arís ó thaobh cúrsaí oidhreacht, féiniúlachta agus cultúrtha de, ach aithníodh níos mó eagsúlachta sna tuairimí a léiríodh chomh maith. Ceapadh nach raibh mórán úsáid phraiticiúil ar bhonn fadtéarmach ag baint leis an teanga dóibh. Dúirt cúigear gurbh é an t-aon tábhacht a bhain le foghlaim na Gaeilge ná pas a fháil sna scrúduithe agus bhí cúigear eile den tuairim chéanna nárbh fhiú í a fhoghlaim de bharr nach labhraítear an Ghaeilge go forleathan, nó ar éigean, dar leo.

Seo a leanas sampla de roinnt de na tuairimí áirithe sin:

- *'No, because I will never continue it on after school, and yes, because it's the native language.'*
- *'No, you're not going to use it in the future.'*
- *'No, because most of the people in Ireland don't speak Irish.'*

- *'Not really, I'm only learning it to pass my exams in the future... I won't probably speak Irish again after that.'*
- *'Yes, because you need it to pass the exams.'*
- *'Yes, because I like being able to speak good Irish even though I'm not Irish.'*

Is í an tríú ceist a cuireadh orthu ná *'Cén fáth ar fhreastail tú ar an gClub Gaeilge?'* Dúirt formhór na rannpháirtithe (55%) gur theastaigh uathu a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Shíl seachtar rannpháirtithe gur bhealach taitneamhach spráiuil a bheadh ann i gcur chun cinn a gcuid Gaeilge. B'ábhar spreagtha é do roinnt eile díobh go raibh a gcairde féin ag freastal air, agus luadh cúrsaí suime agus fiosracha faoin gClub Gaeilge chomh maith. Seo sampla den éagsúlacht tuairimí eile a nochtadh:

- *'I thought it would be interesting to try to use the Irish I have with others.'*
- *'We were promised a trip out of school to go and see a play. What's not to like?'*
- *'Because it's nice to be able to talk with your friends in Irish.'*
- *'It sounded fun and you speak Irish in a more fun way... such as playing games through Irish and watching programmes.'*
- *'To help with the scrúdú béal and it got me to be more comfortable at speaking Irish with other people, and if enough were there to play Scrabble© as Gaeilge it was good craic.'*

Fiafraíodh i gceist a naoi ar chabhraigh an Club Gaeilge lena gcuid Gaeilge sa rang, agus má chabhraigh, conas. D'fhreagair mórán na rannpháirtithe (82%) gur chabhraigh an Club Gaeilge leo. Luadh go raibh foclóir ní ba leithne acu, go raibh abairtí ní b'fhaide in úsáid acu le hais mar a bhíodh, go rabhthas in ann freagraí a thabhairt ar bhonn ní ba thapúla agus gur tugadh cumas tuisceana ní b'fhearr faoi deara sa rang Gaeilge chomh maith. B'ábhar suntais an oiread rannpháirtithe a luaigh na focail 'confidence' agus 'comfortable' (25%) go sonrach ina gcuid freagraí. Léiríonn an litríocht faoi shealbhú na dara teanga an oiread tionchair agus tábhachta a bhaineann leis an bhféinmhuinín i sealbhú rathúil na dara teanga (Clément *et al.*, luaite i Dörnyei, 2005:73; Williams & Burden, 1997: 125). Maidir leo siúd a d'fhreagair nár chabhraigh an Club Gaeilge lena gcuid Gaeilge sa seomra ranga, míníodh nár fhreastalaídis ar an gClub Gaeilge ach go hannamh. Mar sin féin, dúirt rannpháirtí amháin go raibh sé muiníneach go dtiocfadh feabhas

ar a chuid Gaeilge dá mba rud é go bhfreastalódh sé ní ba mhinice ar an gclub. Luadh chomh maith a laghad deiseanna a bhí ann chun an Ghaeilge labhartha a chleachtadh istigh sa seomra ranga de bharr gur scríbhneoireacht den chuid is mó a bhí ar siúl ann.

Bhain ceist a sé déag leis an gClub Gaeilge go sonrath agus na rudaí ar thaitin leis na rannpháirtithe faoi. Dúirt 38% díobh gurbh iad na cluichí a reáchtáladh na rudaí ba mhó a thaitin leo, Scrabble© agus biongó ach go háirithe. Ina dhiaidh sin, luadh atmaisféar cairdiúil, taitneamhach, spráúil an chlub. Is iad seo a leanas cuid de na tuairimí a léiríodh:

- *'I liked how everyone had fun speaking Irish because a lot of people don't like it.'*
- *'Thaitin liom an caint cairdiúil agus an craic sa Chlub Gaeilge.'*
- *'I liked the way that Club Gaeilge was a group activity.'*
- *'Everyone is welcomed.'*
- *'It was a good idea and I liked the prizes. I liked that it gave me an opportunity to improve my Irish outside of the classroom. Thought Scrabble© was a great idea but I don't have any friends who would play.'*
- *'Friendly atmosphere – easy going/laid back.'*
- *'We played fun games in Irish. They helped our vocabulary.'*
- *'It's a better way to learn Irish. We get to speak Irish.'*

Bhí an tagairt dheireanach ina hábhar spéise don údar. Níorbh í an chéad uair a léiríodh míshástacht rannpháirtí maidir leis an easpa deiseanna an Ghaeilge labhartha a chleachtadh laistigh den ghnáthrang Gaeilge. Shíl an t-údar, ar an iomlán, go raibh go leor ráite sa ghrúpa fócais a bhí ag teacht le freagraí an cheistneora agus mar sin, braitheadh gur oibrigh sé chun athdhearbhú a dhéanamh faoin dearcadh dearfach a léiríodh i leith an Chlub Gaeilge. Ba léir go raibh fianaise an inspreagtha intrigh i measc na rannpháirtithe maidir le dul chun cinn a dhéanamh sa Ghaeilge ach gur imir tosca seachtracha drochthionchar ar a n-eispéireas leis an gClub Gaeilge, cúrsaí tinrimh neamhrialta, agus easpa comhluadar a gcairde ann, ach go háirithe.

## **Conclúid**

Tá fianaise sa taighde seo go mbaineann féidearthachtaí dearfacha le Club Gaeilge a bheith i scoil chun leibhéal inspreagtha na ndaltaí i leith fhoghlaim na Gaeilge a ardú. Caithfear a chur san áireamh nach ionann comhthéacs agus comhdhéanamh aon dá scoil agus cá bhfios ach nach mbeadh féidearthachtaí agus deiseanna breise agus níos fabhraí le tapú ag scoileanna áirithe thar a chéile i réachtáil agus i rath Club Gaeilge. Táthar ag brath ar thosca ar leith le bheith ag siúl lena rath, cosúil le dea-thoil agus tacaíocht foirne, dóthain ama chun pleanáil chun cinn sásúil a dhéanamh, ag cinntiú nach bhfuil imeachtaí atá eagraithe ag teacht salach ar imeachtaí eile i bhféilire na scoile, agus éagsúlacht gníomhaíochtaí tarraingteacha a bheith ar siúl sa Chlub Gaeilge ó sheachtain go seachtain chun an oiread daltaí agus is féidir a mhealladh chuige, d'fhonn na daltaí a spreagadh chun cainte sa dara teanga.

Ba léir ó aiseolas na rannpháirtithe gurbh eispéireas taitneamhach é an Club Gaeilge agus gur bhraith siad ní ba mhuiníne an méid Gaeilge a bhí acu a úsáid ansin le hais mar a braitheadh istigh sa ghnáthrang Gaeilge, áit ar léiríodh frustrachas faoi ualach na scríbhneoireachta agus na foghlama de ghlanmheabhair a bhí ar siúl ann. Léirigh roinnt rannpháirtithe tuiscint ar leith ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna fíor-idirphlé dearfacha a bheith ar fáil i bhfoghlaim na dara teanga, agus a laghad deiseanna, a braitheadh, a bhí curtha ar fáil dóibh sa seomra ranga. Is trua go bhfuil an dearcadh diúltach sin faoi fhoghlaim na Gaeilge fós le sonrú i measc daltaí i bhfianaise go bhfuil an cur chuige cumarsáideach in ainm is a bheith i bhfeidhm i modheolaíochtaí teagaisc na Gaeilge le hos cionn fiche bliain anuas anois. Cuireann an tSeirbhís Um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) réimse tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge tríd an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013) trí cheardlanna agus laethanta inseirbhíse éagsúla a réachtáil i rith na bliana. Feictear don údar go bhfuil bunús ábhar taighde ann iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh na múinteoirí Gaeilge faoi na réimsí tacaíochtaí a gcuirtear ar fáil dóibh agus an leas a bhaineann siad astu, nó a mhalaírt, agus as straitéisí ar bith eile a fheiceann siad a chabhraíonn leo le heispéireas dearfach i bhfoghlaim éifeachtach a spreagadh, a chothú agus a bhuanú sa seomra ranga Gaeilge. Ní ar mhaithe le locht a fháil ná cáineadh a dhéanamh faoi chur chuige múinteoirí Gaeilge atá i gceist leis an moladh sin, ach i bhfianaise thaithe an údair mar mhúinteoir, is minic nach mbaintear úsáid as straitéisí teagaisc ar leith, fiú agus ba mhian léi, de bharr tosa éagsúla. Tá iniúchadh déanta ar dhearcadh na

ndaltaí meánscoile i leith sholáthar an churaclaim Ghaeilge (Little, 2003; Smyth *et al.*, 2004, 2006) ach ba cheart aird a thabhairt ar dhearcadh na múinteoirí chomh maith.

## **Moltaí**

Is fiú féachaint ar na féidearthachtaí is féidir a thapú maidir le ranganna CLLL (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha), cosúil le cócaireacht/bácáil, corpoideachas, ealaíon agus ceol a reáchtáil trí mheán na Gaeilge, agus leas a bhaint as scileanna ar leith foirne nó aionna a thabhairt isteach chun ceardlanna a reáchtáil leis na daltaí ó am go chéile. Thaitin an seisiún bácála a cuireadh ar bun mar chuid den taighde seo go mór leis na daltaí, idir ghné shiamsaíochta agus ghnéithe foghlama aitheanta acu san aiseolas a tugadh. Moltar aiseolas rialta (uair sa téarma nó ag deireadh na bliana ar fad, b'fhéidir) a lorg ó na daltaí a fhreastalaíonn ar an gClub Gaeilge ionas gur féidir na gníomhaíochtaí a reáchtáiltear a choigeartú agus a chur in oiriúint do na daltaí ó bhliain go bliain, agus go bhféadfadh na daltaí rannpháirtíocht agus muintearas sa Chlub Gaeilge a bhraistint.

B'fhearr slat tomhais éigin a bheith in úsáid sa Chlub Gaeilge chomh maith chun dul chun cinn na ndaltaí sa Ghaeilge a mheas. D'fhéadfaí scrúdú bunúsach cainte a chur ar na daltaí ag tús an chéad téarma den Chlub Gaeilge agus an scrúdú cainte céanna a chur orthu ag deireadh na bliana, mar shampla, chomh maith le haiseolas a bhailiú ó na daltaí.

Ba í an phríomhcheist a bhí le freagairt i gcomhthéacs an taighde seo ná arbh fhiú do scoileanna Clubanna Gaeilge a bhunú le hinspreagadh na ndaltaí i leith fhoghlaim na Gaeilge a mhealladh. Is é tátal an ailt seo gur fiú agus tá sé sin soiléir ó na torthaí thuas. Mura bhfuil sé indéanta Club Gaeilge a bhunú i scoil, b'fhiú smaoinemh ar dheiseanna imeartha a chur ar fáil laistigh den ghnáthsheomra ranga. Moltar do mhúinteoirí Gaeilge athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas, ar a meon agus ar a bpearsantacht féin laistigh den rang Gaeilge, príomhlathair teagaisc agus foghlama na Gaeilge ar scoil, le féachaint an bhfuil na tosca sin go léir ag teacht le spriocanna an churaclaim maidir le cur chun cinn na Gaeilge.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Arnold, J., agus Brown, H.D. (1999). 'A map of the terrain.' I: J. Arnold (Eag.), *Affect in language learning* (1-24). Cambridge: Cambridge University Press.
- Baker, C. (2011). *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*. (5ú eag.). Bristol: Multilingual Matters.
- Deci, E.L., & Ryan, R.M. (1985). *Intrinsic motivation and self-determination in human behavior*. Nua-Eabhrac: Plenum.
- Dörnyei, Z. (2005). *The psychology of the language learner: Individual differences in second language learning*. Mahwah, Nua-Eabhrac: Routledge.
- Douglas Brown, H. (2000). *Principles of Language Learning and Teaching* (4ú eag.). Nua-Eabhrac: Pearson Education.
- Gardner, R.C. (1985). *Social psychology and second language learning: The role of attitudes and motivation*. Londain: Edward Arnold.
- Gardner, R.C. agus Lambert, W.E. (1972). *Attitudes and motivation in second language learning*. Rowley, MA: Newbury House.
- Lee, W. R. (1979). *Language Teaching Games and Contests*. Oxford: Oxford University Press.
- Murtagh, L. (2006). 'Attitude/motivation, extra-school use of Irish, and achievement in Irish among final-year secondary school (Leaving Certificate) students.' I: Gallagher, A. agus Ó Laoire, M. (Eag.). *Language Education in Ireland: current practice and future needs: Teagasc na dTeangacha in Éirinn: cleachtas an lae inniu agus riachtanais an lae ámáraigh*. Baile Átha Cliath: IRAAL, Cumann na Teangeolaíochta Feidhmí.
- Ó Cuinneagáin, S. (2010). 'Comparáid idir foghlaim na Gaeilge agus foghlaim na Gearmáinise i measc daltaí iar-bhunscoile.' I: Ó Laoire, Ní Laoire, Ó Máirtín agus Davitt (Eag.) (2010) *Teagasc na Gaeilge, Imleabhar 9*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge.



- Ó Laoire, M. (2006). 'Múineadh na Gaeilge agus na nuatheangacha eile: polasaí agus planáil teanga.' I: Gallagher, A. agus Ó Laoire, M. (Eag.). *Language Education in Ireland: current practice and future needs: Teagasc na dTeangacha in Éirinn: cleachtas an lae inniu agus riachtanais an lae ámáraigh*. Baile Átha Cliath: IRAAL, Cumann na Teangeolaíochta Feidhmí.
- Rialtas na hÉireann (2010). *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.
- Smyth, E., McCoy, S., Darmody, M. (2004). *Moving Up: The Experiences of First Year Students in Post-Primary Education*. Baile Átha Cliath: ESRI & Liffey Press.
- Smyth, E., McCoy, S., Darmody, M., Dunne, A., (2006). *Pathways Through the Junior Cycle: The Experiences of Second Year Students*. Baile Átha Cliath: ESRI & Liffey Press.
- Tarone, E. (2006). 'Language Lessons: A complex, local co-production of all participants' I: Gieve, S. agus Miller, I.K. (Eag.) (2006). *Understanding the Language Classroom*. Basingstoke: Palgrave Macmillan, 163-74.
- Williams, M., & Burden, R. (1997). *Psychology for language teachers*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Wright, A., Betteridge, D., & Buckby, M. (2006). *Games for language learning*. Cambridge: Cambridge University Press.

### Foinsí Leictreonacha

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. *Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)*. [Ar líne]. Ar fáil ag: [http://www.curriculumonline.ie/uploadedfiles/PDF/lc\\_gaeilge\\_hl\\_ol\\_sy.pdf](http://www.curriculumonline.ie/uploadedfiles/PDF/lc_gaeilge_hl_ol_sy.pdf) (léite 27 Aibreán 2013)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2006). *Curriculum Provision for Irish in Post-Primary Education*. [Ar líne]. Ar fáil ag: [http://www.ncca.ie/ga/Curaclaim\\_agus\\_Meas%C3%BAnacht/Oideachas\\_Iar-Bhunscoile/Athbhreithni%C3%BA\\_ar\\_Theangacha/Curriculum\\_Provision\\_for\\_Irish\\_in\\_Post-Primary\\_Education.pdf](http://www.ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Meas%C3%BAnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Athbhreithni%C3%BA_ar_Theangacha/Curriculum_Provision_for_Irish_in_Post-Primary_Education.pdf) (léite 21 Aibreán 2013)

- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2012). *Minister for Education and Skills congratulates the Leaving Certificate class of 2012 who receive their results today*. [Preaseisiúint, 15 Lúnasa 2012] [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2012-Press-Releases/PR12-08-15.html> (léite 27 Aibreán 2013)
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2010) Siollabas na hArdteistiméireachta Gaeilge (Gnáthleibhéal & Ardleibhéal). [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.muinteoirgaeilge.ie/resources/c/7/44/Siollabas%20leasaithe%202010.pdf> (léite 21 Aibreán 2013)
- Chen, I-J. (2005). 'Using Games to Promote Communicative Skills in Language Learning.' *The Internet TESL Journal*, Vol. XI, No. 2, Feabhra 2005. [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://iteslj.org/Techniques/Chen-Games.html> (léite 30 Iúil 2013).
- Clément, R., Dörnyei, Z., & Noels, K.A. (1994). Motivation, self-confidence, and group cohesion in the foreign language classroom. *Language Learning*, 44, 417-448. Ar fáil ag: <http://www.zoltandornyei.co.uk/uploads/1994-clement-dornyei-noels-ll.pdf> (léite 20 Aibreán 2013)
- Conradh na Gaeilge. (2007). *2 as 10 don Aire Oideachais agus Eolaíochta*. [Preas ráiteas] 12 Márta. Ar fáil ag: [https://cnag.ie/index.php?page=news&action=view&news\\_id=55](https://cnag.ie/index.php?page=news&action=view&news_id=55) (léite 30 Iúil 2013)
- Delap, B. (2013). *Ardú Grádanna, Ísliú Caighdeáin: Siollabas Nua na Gaeilge*. [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.beo.ie/alt-ardu-gradanna-isluc-aigndeain-siollabas-nua-na-ga.aspx> (léite 27 Aibreán 2013)
- Gaelscoileanna Teo. (2011). *Ag Saibhriú Saol Páistí*. [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.gaelscoileanna.ie/assets/L%C3%A1mhleabhar-agus-Tuaraisc-Bhliant%C3%Bail-GAELSCOILEANNA-TEO.-2012.pdf> (léite 30 Iúil 2013)
- Huyen, N.T.T. & Nga, K.T.T. (2003). 'The effectiveness of learning vocabulary through games.' *Asian EFL Journal* 5. [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.gsedu.cn/tupianshangchuanmulu/zhongmeiwangluoyuyan/learning%20vocabulary%20through%20games.pdf> (léite 30 Iúil 2013)

- Little, D. (2003). *Languages in the Post-primary Curriculum*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Publications/Languagesdiscussionpaper.pdf> (léite 27 Aibreán 2013)
- Nic Ealagóid, M. (2007). *Staidéar ar Mheon i leith na Gaeilge Éigeantaí*. Tráchtas M.A. Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. [Ar líne]. Ar fáil ag: [http://www.dcu.ie/fiontar/downloads/trachtas\\_mairead\\_07.pdf](http://www.dcu.ie/fiontar/downloads/trachtas_mairead_07.pdf) (léite 2 Aibreán 2013)



## Conspóidí an Ghúim: Léargas óna Chartlann

*Le Dorothy Ní Uigín*

<https://doi.org/10.13025/kspj-5270>

### Réamhrá

Ó bunaíodh an Gúm sa bhliain 1926, tá sé ar cheann de na comhlachtaí foilsitheoireachta is bisiúla in Éirinn. San alt seo, áfach, breathnaítear ar roinnt de na conspóidí a bhain leis an nGúm sna blianta luatha tar éis a bhunaithe agus tarraingítear ar ábhair as Chartlann an fhoilsitheora (ar fáil sa Chartlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath), chun léargas a fháil ar cheisteanna tábhachtacha a bhain leis an nGaeilge sna 1930í agus 1940í ach go háirithe. Breathnaítear go sonrach ar cheisteanna a bhain leis na deontais a bhí ag an nGúm sa tréimhse atá i gceist agus ar thionchar an Ghúim ar cheist an chló i gcás scríobh na Gaeilge. Tá tábhacht ar leith leis na ceisteanna seo, mar go raibh scríobh agus foilsíú na Gaeilge san 20ú haois múnlaíthe cuid mhór ag imeachtaí a tharla sa Ghúm nó a bhain leis.

### Cúlra an Ghúim

Dúirt ‘Torna’, (Tadhg Ó Donnchadha), a chaith seal ina bhall de choiste comhairle an Ghúim, an méid a leanas faoin litearthacht agus faoin bhfoilsitheoireacht sa Ghaeilge ag deireadh na 19ú haoise (in Ní Chiaragáin, 1935: vii):

Má bhí leathchéad duine in Éirinn go léir an uair san go raibh léigheadh agus scríobhadh na Gaedhilge aca san chló Ghaedhlach déarfainn gurbh é an t-iomlán é. Ní raibh aon cheapadóireacht a dhéanamh innti acht fírbheagán filidheacht san Ghaedhealacht a bhí maith go leor ina háit dúchais, acht na

cuirfidhe suim innti i n-aonáit eile. Tá atharrú iongantach ar an scéal ó shoin, buidheachas le Dia. Isé Irisleabhar na Gaedhilge do chuir tosach ar an atharrú soin agus a chuidigh leis ar feadh seacht mbliadhna fichead.

Le linn na hAthbheochana, foilsíodh samplaí de nualitríocht na Gaeilge sna hirísí agus sna tréimhseacháin de chuid Chonradh na Gaeilge, ach bhí líon na leabhar Gaeilge a foilsíodh sa tréimhse seo teoranta. Rinne an Conradh iarrachtaí tabhairt faoin deacracht seo trí bhunú Choiste na bhFoilseachán i 1899. Is beag bunsaothar a d'fhoilsigh an Conradh, áfach; cuid mhór ábhar d'fhoghlaimoirí na Gaeilge a foilsíodh ina ionad sin. In aineoinn a bhfuil ráite ag Torna thuas faoin athrú mór a tharla de bharr an Chonartha, thug David Greene (1972: 12) faoi deara, faoin mbliain 1922, '*...all but a handful of the total [cainteoirí dúchais na tíre] were literate only in English and were totally cut off from reading matter in Irish, unless it could be read aloud to them in the old style.*'

## Bunú an Ghúim

Nuair a bunaíodh an Stát rinneadh ábhar éigeantach den Ghaeilge sa chóras oideachais. Thuig Rialtas an tSaorstáit nuabhunaithe go raibh gá ann an scríbh-neoireacht agus an fhoilsitheoireacht a chothú sa Ghaeilge, ach ba bheag foilsitheoir príobháideach sa tír a bhí ag foilsiú sa Ghaeilge ag an am sin. Cheap an Rialtas go gcabhródh bunú an Ghúim leis an bhfadhb a réiteach.

Thíos, tá an fógra a foilsíodh i nuachtáin náisiúnta agus áitiúla i Mí an Mhárta 1926 agus a chuir an pobal ar an eolas faoi scéim nua Rialtais chun tacú leis an bhfoilsitheoireacht sa Ghaeilge, agus ar tugadh an 'Gúm' ina dhiaidh sin air.

### AN ROINN OIDEACHAIS

'Tá Roinn an Oideachais ar aigne cabhair airgid a thabhairt chun foilsiú do dhéanamh ar leabhra Gaedhilge a measfar a bheith feileamhnach i gcóir na Meadhon-Sgol.

Tá gach eolas a bhaineas leis na coingheallacha fá na mbronnfar an chabhair seo le fáil ó:-

AN RUNAIDHE, An Roinn Oideachais, 1 Sráid an Húmaigh, Baile Átha Cliath.'

Is fiú suntas a dhéanamh don fhocal ‘scéim’ anseo, mar gur bunaíodh an Gúm ar dtús leis an bhfoilsitheoireacht sa Ghaeilge a chothú, agus ní mar chomhlacht foilsitheoireachta ann féin. Ar ndóigh, is ‘scéim’ is bunbhri leis an bhfocal ‘Gúm’ féin. B’ábhar conspóide ina dhiaidh sin é go raibh an Gúm ag fáil deontais fhlaithiúla nuair a bhí comhlachtaí eile ag streachailt.

Earnán de Blaghd, an tAire Airgeadais ag an am, ba chúis le bunú na scéime, agus i measc na ndaoine eile a bhí páirteach ann bhí an tOllamh Seoirse Mac Niocaill, León Ó Broin agus Micheál Breathnach; ba Státseirbhísigh iad an triúr acu, agus cuireadh leagan amach na scéime faoina gcúram. Tharraing an dlúthbhaint seo a bhí ag an nGúm leis an Rialtas cáineadh ó scríbhneoirí agus ó dhaoine eile a bhraith nárbh iad na Státseirbhísigh ab fhearr le meastóireacht a dhéanamh ar luach liteartha shaothar na scríbhneoirí. Deir Titley (1984: 83) gur mheas roinnt scríbhneoirí go raibh siad á ndíol féin le ‘hinneall an stáit’, agus maíonn Ó Muirí (1999: 122):

*The anger authors felt towards the civil servants responsible for the day-to-day running of the department often boiled over with the result that writers could find their work (both original and translated) not being published for a considerable period.*

## **An tAinm ‘An Gúm’**

Bhain conspóid leis an nGúm ón tús; bhí an deacracht a bhain leis an ainm féin ar cheann de na fadhbanna seo, mar gur ceapadh go raibh an focal ‘Gúm’ doiléir. Tugann Tomás de Bhaldraithe (1982: 167-8) míniú ar an ainm ina aiste ‘Bri agus Bunús an Fhocail Gúm’, agus deir sé go bhfuil sé bunaithe ar an bhfocal Béarla *gome*, seanleagan canúna den fhocal *game*. Cuireann sé leis an míniú ag úsáid *Webster’s New International Dictionary* (1924), agus an *Oxford English Dictionary*, agus deir sé gur ceann de na bríonna atá leis an bhfocal ‘game’ ná “a scheme or art employed in the pursuit of an object or purpose... a plan” (WNID); “a proceeding, a scheme” (OED).’ Thug de Bhaldraithe an míniú seo breis is leathchhead bliain tar éis bhunú an Ghúim, áfach.

Ní léir ó Chartlann an Ghúim féin an chúis ar roghnaíodh an t-ainm seo, ach tacaíonn míniú na Roinne Oideachais, atá le feiceáil in alt in *Comhar* (1980: 18-9), le míniú de Bhaldraithe thuas. Deirtear ansin gur ‘Scéim nó plean is ciall leis an bhfocal gúm.’ Maíonn León Ó Broin (1986: 67) ina leabhar dírbheathaisnéise *Just Like Yesterday*, gurbh é Micheál Breathnach a chum an t-ainm; deir sé:

*In those early purist days a word like scéim for scheme was frowned upon, and it was Mícheál Breathnach, I think, who gave us the alternative Gúm from his North Galway vocabulary. This word was spat upon in the Gaelic League's paper, but it held its own and very soon, beginning with a trickle, there was quite a flood of books being produced under that imprint.*

Maíonn Seosamh Mac Grianna, áfach, agus é ag scríobh go searbhusach in *Scéala Éireann* (13/11/1931, 4, & *Filí agus Felons*, 75-6.): ‘Tá rud sa tír seo san am i láthair a dtugtar an Gúm air. Tír finscéalaíochta í seo Tá finscéalaíocht cheana féin fán dóigh a dtáinig an focal Gúm go Baile Atha Cliath’. An bhliain dar gcionn, agus é ag scríobh in *An Phoblacht*, (23/7/1932, 2, & *Filí agus Felons*, 181-5) chuir Mac Grianna síos ar an bhfocal ‘Gúm’ mar ‘...phonetically the most swinish word that could be grunted into human ears’.

### **An chaoi ar bunaíodh an Gúm**

Bhí baint ag Alfred O’Rahilly thuas leis an gcomhlacht nua foilsitheoireachta Cork University Press, agus mhaígh sé go mbeadh drochtthionchar ag an scéim, mar a bhí sé molta, ar an gcomhlacht seo agus ar chomhlachtaí eile dá leithéid. Ar ndóigh, scríobh W.G. Lyon, Stiúrthóir Bainistíochta Chomhlacht Oideachais na hÉireann, litir fhada (14/10/1926, An Chartlann Náisiúnta, G8 (2)) chuig an Aire ag an am, ag cur síos ar an inní a bhí air, agus a bhí, dar leis, ar na comhlachtaí foilsitheoireachta i gcoitinne, faoin scéim. Dúirt sé gur íoc a chomhlacht siúd cheana féin:

*over £10,000 in the production of books in the Irish Language, and that without help, criticism, or suggestion from your Department. We have published, at our own risk and expense, books of a similar type, and by the same authors, as the books you now propose to subsidize. Your Inspectors will naturally recommend the subsidized books, and the recommendation of an Inspector to a teacher is tantamount to a command, and thus our Irish publications will be blocked in every school.*

D’iarr sé ar an Aire athmhachnamh a dhéanamh, agus dúirt sé mura ndéanfaí go mbeadh ar an gComhlacht Oideachais ‘*retire from such an unequal contest*’.

Ní léiríonn an comhfhreagras inmheánach maidir leis an litir seo gur bhraith na Státseirbhísigh sa Roinn Oideachais go mbeidís i gcomórtas go díreach le foilsitheoirí eile, áfach. Scríobh S.B. Whelehan, Stiúrthóir Oifig an tSoláthair

(An Chartlann Náisiúnta, G8 (2)), chuig Francis O’Duffy, Rúnaí an Mheán-Oideachais sa Roinn Oideachais, ag tagairt do litir Lyon thuas, agus dúirt sé gur thuig seisean go mbainfeadh an scéim le:

*...those texts approved by a Committee, set up by the Minister, as worthy of inclusion as text books for the use of schools and which but for the support extended to them would in all probability fail to attract a publisher...*

*I may add that personally I do not see that the firm has much ground for complaint if the works we publish are either those which an outside publisher would not be likely to accept on grounds of expense or expediency or where it has transpired that the book has already been turned down by a Publisher...*

In 1932, mhaígh Donn S. Piatt go raibh na leabhair ‘...under the “scheme” selling so cheap that they are killing all independent competition, i.e. killing native, unfettered effort.’ (An Phoblacht, 9/7/1932, 5), agus mhaígh Seosamh Mac Grianna go raibh an Gúm ‘underselling the other Irish publishers. It is wasting taxpayers’ money to the extent of £20,000 a year.’ (An Phoblacht, 30/7/1932, 6, & Filí agus Felons, 186-8). San alt céanna sin, éilíonn sé ‘No rules, no censorship, no standardizing of the language. Let the government subsidize a publisher and give him carte blanche to publish anything he receives.’ Maíonn Daithí Ó hUaithne go mbíodh buntáiste ag an nGúm ar na foilsitheoirí príobháideacha mar gurbh ‘fhear an sparáin’ é; deir sé (1978: 32):

bhí smacht an sparáin acu siúd, agus d’imríodar gan trócaire é. Arís, tá an smacht sin maolaithe anois, mar thoradh ar scéim na ndeontaisí, ach beidh sé ag bagairt an fhaid is a bheidh ceannach chomh lag sin ar leabhair Ghaeilge nach féidir iad a fhoilsiú gan síntiús éigin anuas ar an teacht isteach ó dhíolacháin; beidh an focal deiridh ag fear an sparáin i gcónaí.

Bhí an teannas idir an Gúm agus foilsitheoirí príobháideacha beo beathach sna 1930í agus 1940í. An comhlacht foilsitheoireachta is mó a sheas i gcoinne an Ghúim, agus a cháin polasaí maoinithe an Rialtais don fhoilsitheoireacht Ghaeilge ab ea Sáirséal agus Dill. Dúirt Brighid Uí Éigeartaigh, duine de chomhbhunaitheoirí an chomhlachta, in *The Irish Times* (2/2/1945):

*When my husband and I were students, publishing in Irish was almost non-existent. An Gúm, the Government Publications Office was established in 1925–7. Their stated function was to encourage the growth of literature in Irish. Their way*



*of doing this was to publish translations of books which were available to everyone in the original English. They did publish a number of original works in Irish, but by and large, they employed writers who should have been writing their own books to translate works like 'Ben Hur' and 'The Hound of the Baskervilles'.*

Baineann an comhad G72 A i gCartlann an Ghúim le Sáirséal agus Dill amháin agus is iontach an léargas a thugann se dúinn ar dhearcadh an Rialtais ar na comhlachtaí príobháideacha. Ar an ábhar atá ann, tá cóip de litir a sheol Seán S. Ó hÉigearthaigh, mac bhunaitheoirí an chomhlachta, chuig *The Irish Times* i 1967 (19 Meitheamh) tar éis bhás a athar. Tá sé thar a bheith cáinteach faoin nGúm, agus faoi mhaoiniú an Rialtais ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge trí chéile. Deir sé:

*I should like to express my grateful appreciation of the notices you carried on the death of my father, Seán Sáirséal Ó hÉigearthaigh. Your remarks were generous, and accurate in all save one particular; the inaccuracy is, however, of sufficient importance to warrant an immediate correction.*

*You are correct in stating that the Department of Education undertook in 1966 to clear Sáirséal agus Dill's immediate debts, amounting then to about £16,000. But the Department did not recoup to my father the £11,000 of his own money (a few small legacies, and the fruits of his own labours) which Sáirséal agus Dill had lost over the years. The price of twenty years' labour was one half of what An Gúm spent last year – and what can they show to match the 70 books he brought to life?*

*The result is that Sáirséal agus Dill has no working capital and exists from day to day on the bank manager's generosity. This is intolerable for any company, but particularly so in the publishing business where capital invested shows no return whatsoever for a year at least, and often for much longer periods. My father was willing to lose this money over again, as I would be – but you can't lose what you haven't got.*

Tá comhfhreagras eile sa Chartlann, áfach, a léiríonn go raibh ardmheas ag Earnán de Blaghad ar Sháirséal agus Dill. I litir a scríobh sé (25/6/1965, An Chartlann Náisiúnta, G72), chuig Seoirse Ó Colla, an tAire Oideachais ag an am, dúirt sé:

*The depressing suggestion that the publishing firm of Messrs. Sáirséal agus Dill may cease, prompts me to put down certain facts about the Gúm which may have a relevance to the firm's problems and may not be fully recorded in official files as some of them relate to conversations and personal intentions.*

*I write because I believe this firm has contributed to the development of a new literature in Irish in ways impossible for an official agency or Department of State. I refer to things like welcoming works which embody hotly controversial views and to the business of making repeated personal appeals for material for publication to people with special gifts, knowledge or experience and a command of Irish. I think it is fairly obvious that without embarrassment a private publishing firm can, in a way which would be almost impossible for the direct or indirect representative of a Minister, do propagandist and exploratory work in the literary field and take chances as with, say, a man like Brendan Behan who might easily let it down.*

*The firm of Sáirséal agus Dill has succeeded so well in doing the special kind of thing that a private publisher can do for Irish writers that I think its disappearance would represent a serious set-back to the prospect of the early growth of a copious original literature in Irish.*

*When Ministers and Civil Servants talked about the establishment of the Gúm it was not contemplated that its activities should make the work of private publishers unnecessary or that the latter should, in practice, come to be confined to the production of school-readers and the like. There were, in fact suggestions at the very beginning that private publishing in Irish ought to be stimulated by generous financial assistance. Such suggestions were not acted on for reasons which were regarded as temporary.*

Is léir ón méid thuas gur aithin de Blaghad go raibh an tsaoirse eagarthóireachta a bhí ag comhlachtaí neamhspleácha ina bhuntáiste mór. Aithníonn sé freisin na lancaisí a bhí ar an nGúm mar eagraíocht stáit ag iarraidh feidhmiú i saol na foilsitheoireachta, ach ghlac sé roinnt mhaith blianta sular thug an rialtas aghaidh ar an bhfadhb mar ba cheart.

Chuardaigh na foilsitheoirí príobháideacha deontas Rialtais le go mbeidís in ann dul san iomaíocht leis an nGúm. Nuair a bunaíodh Bord na Leabhar Gaeilge i 1954, cuireadh an deis seo ar fáil dóibh. Tugtar an cur síos seo a leanas ar bhunú an Bhoird i gcartlann an Ghúim i gcaipéis dár teideal ‘Atheagrú an Ghúim’ (20/4/1971, An Chartlann Náisiúnta, G8):

Le bunú Sáirséal & Dill [...] tosaíodh ar fheachtas láidir i measc lucht Gaeilge chun deontais a fháil le haghaidh fhoilsitheoirí príomháideacha Gaeilge. Cuid mhór den bhfeachtas sin b'fheachtas in éadan an Ghúim é agus an cuspóir a bhí leis ná an t-airgead poiblí a bhí á chaitheamh ar an Ghúm a thabhairt d'fhoilsitheoirí de leithéid Sáirséal & Dill.

D'éirigh le Sáirséal & Dill airgead a fháil dóibh féin de bharr an fheachtais sin, ach go ginearálta is é an toradh a bhí air gur bunaíodh Bord na Leabhar Gaeilge, 1954, chun deontais a chur ar fáil d'fhoilsitheoirí príomháideacha Gaeilge.

Ba chéim thábhachtach í bunú Bhord na Leabhar Gaeilge san iarracht an teannas a bhí idir an Gúm agus na foilsitheoirí príobháideacha a mhaolú, agus ní raibh an Gúm i dteideal deontais a fháil ó Bhord na Leabhar Gaeilge mar nárbh fhoilsitheoir príobháideach é. Ag an tús ní raibh na deontais a d'íoc an Bord sách mór leis na foilsitheoirí príobháideacha a shásamh, áfach, mar nárbh ionann na rátaí a íocadh agus iad siúd a íocadh leis an nGúm (Gan Ainm, 1965: 3). D'admhaigh Earnán de Blaghad, sa litir a scríobh sé chuig Seoirse Ó Colla, a luadh thuas, go gcuirfí maoiniú ar fáil ní ba thúisce mura gcuirfeadh seisean ina aghaidh, ach chuir sé ina aghaidh, a dúirt sé, le cinntiú go mbeadh an lámh in uachtar ag an gcló Rómhánach san fhoilsitheoireacht Ghaeilge. Breathnófar ar an méid a dúirt sé ina leith seo thíos.

## **An Cló Rómhánach V An Cló Gaelach**

Ba cheist thábhachtach d'fhoilsitheoirí í ceist an chló sa chéad leath den 20ú haois, agus bhí ról lárnach ag an nGúm leis an gcló Rómhánach a chur i bhfeidhm go forleathan mar ghnáthchló don Ghaeilge sa tréimhse seo. Tharla sé seo go príomha mar gurbh fhearr le hEarnán de Blaghd an cló Rómhánach ná an cló Gaelach – *'modernity in typography'* mar a thug sé féin air sa litir fhada sin a scríobh sé chuig Seoirse Ó Colla. Maíonn de Blaghd gur *'handicap'*, a bhí in úsáid an chló Ghaelaigh (nó cló *'Elizabethan'* mar a thug sé air), agus ní raibh aon leisce air, mar sin, úsáid a bhaint as an gcló Rómhánach amháin i bhfoilseacháin an Ghúim.

I dtús báire, chuir roinnt dá Rialtas féin ina choinne, ach nuair a seoladh nuachtán nua de Valera, *The Irish Press*, agus an cló Gaelach in úsáid ann do na sleachta Gaeilge, bhí baill Rialtas Chumann na nGaedheal sásta tacú leis an gcló Rómhánach. Léiríonn sé seo tábhacht pholaitiúil cheist an chló i mblianta luatha an Stáit nua.

Admhaíonn de Blaghd freisin fiú, nár thacaigh sé le moltaí gur cheart tacú le foilsitheoirí príobháideacha foilsíú sa Ghaeilge mar gur theastaigh uaidh a chinntiú gurbh é an cló Rómhánach amháin a d'úsáidfí san fhoilsitheoireacht Ghaeilge. Deir sé sa litir chuig Ó Colla gur cinneadh ainchríonna a bhí anseo. Cé gur sliocht fada é an ceann seo a leanas is foinse thábhachtach í mar gheall ar an léargas a thugann sé, ní amháin ar cheist an chló, ach ar cheist na ndéontas freisin:

*In so far as I was concerned as Minister for Finance, my belief in the absolute need to secure the use of Roman type greatly influenced my attitude. When publication began under the Gúm, I as Minister responsible for the Stationery Office, had no difficulty in ensuring that the earliest books issued should be in Roman type. Soon, however, complaints and protests reached other Ministers and ultimately the matter came up for discussion at the Cabinet. Mr. Cosgrave ultimately took no vote and allowed the matter to stand over for further consideration at an unspecified later date. Thereafter, I had a fear that if the question came up at the Cabinet soon again, the Roman type might be doomed and that fear governed my attitude towards [sic] proposals to provide financial firms publishing books in Irish. I knew that if private publishers were aided to become important suppliers of books in Irish, they were bound, in the state of affairs then existing, to clamour for an unrestricted right to publish in the Elizabethan type. Consequently, I felt it necessary, in the best interest of the Language to oppose various ideas in relation to aid for private publishing firms which, but for the type question, I should have been glad to support. . .*

*. . . [when] the Irish Press made its appearance with its Irish all in Elizabethan type. It immediately became apparent that the struggle of the types was going to be prolonged, and harder than I had expected. Inside the Government, however, the situation was eased. In its view the Elizabethan type had suddenly become as it were a Fianna Fáil 'thing' and the danger that Desmond Fitzgerald and I would be over-ruled by our Cabinet colleagues disappeared. . .*

*I am fully convinced that but for the 'type' question (and perhaps to a much lesser extent, to questions of spelling and dialect), a formula would have been agreed on, in the late twenties, giving private firms the possibility of carrying on publishing businesses in Irish on a reasonably profitable basis. How such a formula, if it had been in existence in the last twenty years would have affected Messrs. Sáirséal agus Dill I do not know: but I imagine they would have been put in a position to continue indefinitely. . .*

*If it could be recognised that all along, because things got off to a bad start, owing to the 'type' issue, the grants heretofore given have been smaller than the grants which the State would have been justified in giving to private publishers and indeed ought to have given to them, the differences between the firm of Sáirséal agus Dill and the Department which have seemed insoluble [sic] might be seen in a new light so that the past might be wiped out and a fresh start made on a satisfactory and lasting basis.*

Tá neart tagairtí eile do cheist an chló i gCartlann an Ghúim freisin, agus tugann litir de Blaghad thuas an-léargas ar chúlra an ábhair seo. Chomh luath le 1931, i miontuairiscí dár dáta 31 Eanáir (An Chartlann Náisiúnta, G10 (1)), mar shampla, pléadh rún lenar ghlac Coiste Comhairle an Ghúim. Mhol Tomás Ó Máille an rún, agus thacaigh Dubhghlas de hÍde leis:

Sé tuairim an Choiste –

- (1) Nach ceart deireadh a chur leis an Seanchló mar tá ceaptha;
- (2) Gur cóir go mbeadh cead ag an ughdar a rogha den dá chló d'úsáid;
- (3) Nach misde leis an gCoiste leabhra a h-aistrigheadh as teangacha eile a chur sa gCló Rómhánach

Ritheadh an rún mar thoradh ar litir, (5/1/1931), a sheol Rúnáí an Choiste chuig baill an Choiste. Scríobhadh an litir sin chun baill an Choiste a chur ar an eolas faoi chinneadh Earnáin de Blaghd maidir le ceist an chló:

**'Do gach ball de Choiste na Leabhar**

A Chara,

Iarrann an tAire Oideachais orm an sliocht so leanas de litir a fuarthas ón Roinn Airgid do chur fé do bhrághaid :-

*With reference to the style of type to be used in Original works in Irish published by your Department, I am directed by the Minister for Finance to inform you that all such works accepted for publication under the revised arrangement recently sanctioned must be printed in Roman type...*

Is cosúil ó litir a scríobh Seosamh Mac Grianna chuig eagarthóir *An Phoblacht* sa bhliain 1932, nár íocadh na húdair arbh fhearr leo an cló Gaelach a úsáid sna leabhair a d'fhoilsigh an Gúm dóibh chomh maith céanna is a íocadh iad siúd a d'úsáid an cló Rómhánach. Molann sé go n-íocfaí cúiteamh don “*cut*” in royalties to all who insisted on using Gaelic type’, (*An Phoblacht*, 30/7/1932, 6 & *Filí agus Felons*, 186-8) cé nach bhfuil aon fhianaise i gCartlann an Ghúim féin le tacú

leis an méid sin. D'áitigh Mac Grianna in áit eile freisin, áfach, nárbh fhearr ' le daoine cló rómhánach ná an cló atá faoi shúile léitheoirí Gaeilge le míle bliain.' (*The Irish Press*, 3/12/1931, 3, & *Ailt*, 61-2.)

I 1932, áfach, nuair a tháinig Rialtas de Valera i gcumhacht, ghlac an Gúm arís leis an gcló Gaelach. Dearbhaíonn litir ón Roinn Oideachais chun na Roinne Airgeadais, dár dáta 11/4/1932, é sin (An Chartlann Náisiúnta, G10 (1)):

*I am directed to refer to previous correspondence in regard to the style of type to be used in the printing of books in Irish for publication under the Schemes for the production of Secondary School Texts and Works of General Literature, and I am to state that An tAire Oideachais proposes that authors and translators be allowed freedom to choose whether their books will be printed in Roman or in Gaelic type, and that the expression of their preference in the matter should, all other circumstances permitting, decide the style of type to be adopted in each case...*

Is féidir, mar sin, dáta a chur ar roinnt d'fhoilseacháin luatha an Ghúim trí bhreathnú ar an gcineál cló a bhí in úsáid iontu.

## Críoch

Dúirt Roibeard Ó Faracháin sa bhliain 1937 (172): ' *the State, we assume, will always want matter printed in Irish; the Gúm or some cognate institution will last,*' agus tá an Gúm tar éis maireachtáil le beagnach nócha bliain anois. Chomh maith leis sin, mar gheall ar an mbaint indíreach a bhí aige le bunú Bhord na Leabhar Gaeilge, chabhraigh an Gúm le cinntiú go raibh maoiniú leormhaith ar fáil do chomhlachtaí príobháideacha a bhí ag foilsiú sa Ghaeilge freisin.

Bhí dlúthbhaint ag cuid mhór de na fadhbanna a bhí le sárú ag an nGúm agus a pléadh san alt seo, le ceist na teanga trí chéile in Éirinn. Is fiú a lua, áfach, gur léir ó chomhfhreagras agus ó cháipéisí inmheánacha an Ghúim nach raibh sé dall ar a chuid lochtanna, agus go ndearnadh iarrachtaí ag ócáidí áirithe tabhairt faoi na fadhbanna seo.

Críochnóimis, áfach, san áit ar thosaigh muid, le hEarnán de Blaghd. In alt a foilsíodh in *Inniu* i 1949, (28 Deireadh Fómhair, 6) den teideal 'Ní ar na Seirbhísigh Stáit atá an locht', cuireann an t-údar (Gan Ainm) an méid a leanas i mbéal de Blaghad:

nach iad lucht an Ghúim fé ndeara a locht, ach an scéim é féin. Ba cheart Coiste a mbeadh measarthacht saoirse aige do chur ina bhun. Bunaíodh an Gúm, gan machnamh a dhéanamh roimh ré, le leabhra Gaeilge a chur ar fáil go tapaidh, ach is fada ó rinneadar amhlaidh.

D'aithin de Blaghd tábhacht lárnach na saoirse i ndomhan na foilsitheoireachta san alt thuas, agus roinnt de na deacrachtaí a chruthaigh an Gúm féin d'fhoilsitheoireacht na Gaeilge. Mar sin féin, b'iarracht fhíorata a bhí i mbunú agus in obair an Ghúim le léitheoireacht agus le foilsitheoireacht sa Ghaeilge a chothú, agus is scáthán ar bhealach é a scéal ar scéal na teanga féin sna blianta luatha tar éis bhunú an Stáit.

## Leabharliosta

### Cartlann

Comhaid An Ghúim, An Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath.

### Leabhair

Greene, D. (1932) *Writing in Irish Today*. Corcaigh: Mercier Press.

Mac Congáil, N. (eag.) (1977) *Ailt*. Béal Feirste: Comhaltas Uladh.

Mac Congáil, N. (eag.) (1987) *Filí agus Felons*. Maigh Eo: FNT.

Mag Shamhráin, A. (1999) *Foilseacháin an Ghúim; Index of An Gúm Publications since 1926*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Ní Chiaragáin, E.M. (1935) *Index to the Gaelic Journal*. An Reamhrá le by 'Torna.' Baile Átha Cliath.

Ó Broin, L. (1986) *Just like Yesterday*. Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan Ltd.

Ó Muirí, P. (1999) *A Flight from Shadow – The Life and Work of Seosamh Mac Grianna*. Béal Feirste: Lagan Press.

**Ailt**

- de Bhaldraithe, T. (1982) ‘Brí agus Bunús an Fhocail Gúm’, *Éigse XIX*, Part I, 167-8.
- Gan Ainm. (1949) ‘Ní ar na Seirbhísigh Stáit atá an Locht, *Inniu*, 20 Deireadh Fómhair. 6.
- Gan Ainm. (1965) ‘Sáirséal agus Dill’, *Comhar*, Nollaig. 3.
- Mac Grianna, S. (1931a) ‘An Gúm’, *Sceala Éireann*, 13 Samhain, 4 & athfhoilsithe in *Filí agus Felons*, (1987), 75-6.
- Mac Grianna, S. (1931b) ‘Bua an Aistritheora’, *The Irish Press*, 3 Nollaig, 4, & athfhoilsithe in *Ailt*, (1977), 61-2.
- Mac Grianna, S. (1932a) ‘Irish Artists, the Gúm, the People and so Forth’, *An Phoblacht*, 23 Iúil, 2 & athfhoilsithe in *Filí agus Felons*, (1987), 181-5.
- Mac Grianna, S. (1932b) ‘An Alternative to the Gúm’, *An Phoblacht*, 30 Iúil, 6 & athfhoilsithe in *Filí agus Felons*, (1987), 186-8.
- Ní Mhuirthile, A. (2013) ‘An Gúm agus Ceist an Litrithé’, Ó Coilseáin, S., Ó Murchú, L.P. agus Riggs, P. (eag.) *Séimhfhear suairc: aisti in ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir*. An Daingean: An Sagart, 280-95.
- Ó hEigeartaigh, S. (1967) Litir in *The Irish Times*. 19 Meitheamh.
- Ó Faracháin, R. (1937) ‘Regarding An Gúm’, *Bonaventura*, Samhradh. 170-8.
- Ó hUathne, D. (1978) ‘Foinsí na Litríochta’, Ó Mórdha, S. (eag.) *Scríobh 3*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta, 32-6.
- Piatt, D. (1932b) “Irish Artists” – A Reply to “Máire” and P. O’Donnell’, *An Phoblacht*, 9 Iúil. 6.
- Roinn Oideachais, An. (1980) ‘An Gúm – Foilsitheoir Stáit’, *Comhar*, Aibreán. 18-9.
- Titley, A. (1984) ‘An Scríbhneoir agus an Stát 1922-1982’, Ó Mórdha, S. (eag.) *Scríobh 6*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta, 72-105.
- Uí Éigeartaigh, B. (1945) Litir in *The Irish Times*, 2 Feabhra.





## **An Tairbhe agus na Dúshláin a bhaineann le CLIL a chur i bhfeidhm i mBunscoileanna Lán-Bhéarla**

*le Fergus Seoighe*

<https://doi.org/10.13025/g8f0-qg59>

### **Réamhrá**

In 2012, ghlac dhá rang agus beirt oidí in dhá scoil T2 (scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla) páirt i dtaighde a mhair thar thréimhse sé seachtaine. D'fhoghlaim 28 páiste i Rang a Trí i scoil uirbeach agus 23 páiste i Rang a Trí agus a Ceathair (comhrang measctha) i scoil tuaithe, a gceachtanna ealaíne trí mheán na Gaeilge, in ionad an Bhéarla, faoi mar ba ghnách dóibh. Tugtar CLIL ar an modh teagaisc seo: 'Content and Language Integrated Learning (CLIL)' nó Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga. I gcás CLIL, múintear ábhar eile an churaclaim trí theanga eile (teanga nach máthairtheanga an pháiste í), ionas go bhfoghlaimítear an t-ábhar trí mheán na sprioctheanga, *'In short, CLIL is a dual-focused educational approach in which an additional language is used for the learning and teaching of both content and language'* (Mehisto et al., 2008: 9). Níor úsáid an bheirt oidí CLIL riamh roimhe seo agus bhí sé ina choincheap úrnua i measc na bpáistí chomh maith. Ar an ábhar sin, ba í an phríomhcheist a thug an taighde seo chun solais: cad é an tairbhe agus cad iad na dúshláin a bhaineann le CLIL a chur i bhfeidhm i mBunscoileanna T2 (bunscoileanna a mhúineann trí Bhéarla ach a mhúineann an Ghaeilge trí Ghaeilge), ó thaobh dhearcadh na bpáistí agus ó thaobh dhearcadh na múinteoirí de, mar aon le caighdeán foghlama na Gaeilge? Go sonrach, bhí roinnt ceisteanna tánaisteacha ag eascairt as: Cén dearcadh a bhí ag na múinteoirí maidir leis an tairbhe agus na dúshláin a bhaineann le CLIL

nuair a chuirtear CLIL i bhfeidhm den chéad uair? Cén dearcadh a bhí ag na páistí i leith CLIL agus ar athraigh dearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge agus i leith na healaíne, dá bharr? I dtuairim na múinteoirí agus i dtuairim na bpáistí, ar chuir CLIL isteach ar fhoghlaim na healaíne nó ar chabhraigh sé?

## Cúlra an Taighde

Rinneadh an taighde seo toisc go bhfuil an-díospóireacht ar siúl le tamall anuas faoi dhul chun cinn na Gaeilge, todhchaí na teanga agus múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna T2. I mbunscoileanna T2, tá meath tagtha ar éisteacht agus ar labhairt na Gaeilge (Harris et al., 2006: 156). Sa mhullach air sin, léirigh tuairisc na Cigireachta in 2007 agus arís in 2013 go bhfuil fadhbanna ag baint le múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna T2 agus nach mbaineann foghlaim na Gaeilge leibhéal inghlactha amach.

Luann an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ábhar eile an churaclaim a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. CLIL atá i gceist leis seo, cé nach dtugtar CLIL air go sonrach sa straitéis (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, 2010: 11). Ar a bharr sin, moltar leas a bhaint as CLIL i gCuraclam na Bunscoile (Rialtas na hÉireann, 1999: 11).

Is i gcomhthéacs an taighde seo a rinneadh an staidéar, ionas go bhfiosrófaí an éifeacht a bheadh ag CLIL ar fhoghlaim na Gaeilge agus go mbeadh múinteoirí eolasach (a bhí ag tabhairt faoi CLIL le Gaeilge den chéad uair) maidir leis na dúshláin a bhaineann le CLIL a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, chomh maith leis an tairbhe a bhaineann leis, i gcomhthéacs na Gaeilge.

## Cad is CLIL ann?

### *Stair CLIL mar Thionscnamh Múinteoireachta*

Ní tionscnamh ná coincheap nua é CLIL. Bhíodh sé in úsáid san Eoraip ón naoú haois déag i leith (cé nár tugadh CLIL air um an dtaca sin) agus i Meiriceá Theas agus i gCeanada ó na seascaidí i leith, ach tugtar Teagasc Ábharbhunaithe nó 'Content-Based Instruction' air sna tíortha siúd (Ruiz de Zarobe et al., 2009: xi-xii). Tugadh CLIL air i 1994, nuair a tháinig grúpa saineolaithe le chéile faoi threoir an Choimisiúin Eorpaigh (ibid: vii). Thosaigh an tAontas Eorpach ag déanamh tagartha dó agus ag leagan tábhachta ar CLIL i 1995 agus in 2003, nuair a labhair siad go sonrach faoi CLIL, '*...a major contribution to make to the Union's Language Learning Goals*' (Eurydice, 2005: 9)

*Bunphrionsabail CLIL*

Déanann Mehisto et al. (2008: 11) cur síos ar thrí phríomh-bhunphrionsabal CLIL. An chéad prionsabal ná go múintear foclóir agus téarmaíocht an ábhair sa cheacht teanga, sula dtugann an foghlaimeoir faoin gceacht ábhair. Sampla de seo ná eolaíocht a fhoghlaim trí Ghaeilge: bheadh téarmaíocht bholcáin foghlamtha ag an bhfoghlaimeoir sa cheacht teanga roimh ré, sula ndéanfaí an ceacht eolaíochta leis/léi. Ansin, d'fhoghlaimedh sé faoi bholcáin sa cheacht ábhair ina dhiaidh. An dara prionsabal ná go bhfuil foghlaim teanga curtha san áireamh sa cheacht ábhair agus, ar an ábhar sin, múintear an t-ábhar ar bhealach atá difriúil ón modh traidisiúnta, a éascaíonn tuiscint a fháil ar an ábhar trí leas a bhaint as an méid a leanas: cairteacha, léaráidí, líníochtaí, trialacha faoina bhfuil bonn daingean agus eochair-choincheapa a tharraingt. An tríú prionsabal ná go dtacaíonn forbairt scileanna foghlama le spriocanna na teanga ábhair a bhaint amach (ibid).

De réir Coyle et al. (2010: 41), tá ceithre bhloc tógála CLIL ann a chruthaíonn CLIL ar bhonn éifeachtach: ábhar (baineann sé seo leis an ábhar a fhoghlaimítear sa cheacht ábhair), cumarsáid (úsáid teanga agus foghlaim teanga), cognaíocht (próiseas foghlama agus smaointeoireachta) agus cultúr (tuiscint a fháil ar an idirchultúr agus ar shaoránacht a fhorbairt).

Tá sé thréith lárnacha ann i modheolaíochtaí CLIL: ilfhócas (fócas ar an ábhar agus ar an teanga), sábháilteacht agus saibhreas na timpeallachta foghlama, dílseacht (go mbaineann foghlaim an ábhair agus na teanga le saol an fhoghlaimeora), foghlaim ghníomhach, scafall (tacaíocht leanúnach a thabhairt do na foghlaimeoirí), comhoibriú (Mehisto et al., 2008: 29-30).

*CLIL agus Foghlaim Dara Teangacha: Cad a léiríonn taighde CLIL?*

De réir Dalton-Puffer, léiríonn an chuid is mó den taighde go mbíonn an méid céanna eolais ag foghlaimeoirí CLIL ar an ábhar agus a bhíonn ag a bpiaraí, a fhoghlaimíonn an t-ábhar sa mháthairtheanga. Taispeánadh, fiú, gur éirigh ní b'fhearr le foghlaimeoirí CLIL sna trialacha sa mháthairtheanga, ná mar a d'éirigh lena bpiaraí, nuair a rinne na foghlaimeoirí CLIL na trialacha sa mháthairtheanga (Day agus Shapson 1996, deCraen et al. 2007, dá dtagraítear in Dalton-Puffer 2008: 4). Ina theannta sin, oibríonn foghlaimeoirí CLIL i bhfad níos déine ar thascanna agus léiríonn siad caighdeán caoinfhulangthe níos airde. Tríd an méid seo, forbraítear caighdeán níos airde iontu ina ngnáthaimh eolais san ábhar (Vollmer et al, 2006, dá dtagraítear in Dalton-Puffer, 2008: 4). Sa mhullach air sin,

in ionad tascanna a bhaineann le fadhbanna teangeolaíocha a thréigean, spreag sé, ‘...intensified mental construction activity (through elaborating and relating details, discovering contradictions) so that deeper semantic processing and better understanding of curricular concepts can occur’ (Dalton-Puffer, 2008: 4).

D’aimsigh Bonnet (2004, dá dtagraítear in Dalton-Puffer, 2008: 4) an rud céanna. Dúirt sé, má iompaíonn mic léinn ar ais ar an máthairtheanga chun fadhbanna coincheapúla a réiteach, ní chabhraíonn sé leis an bhfadhb a réiteach. In ionad a bheith mar bhac, is soiléir go bhfuil cumas tréan ag próiseáil na dara teanga i bhfoghlaím coincheapa a bhaineann go sonrach le hábhar.

I dtaighde a rinneadh i dTír na mBascach in 2008 faoin bhfoghlaím trí CLIL, b’fhearr a d’éirigh le foghlaimeoirí CLIL sna scrúduithe Béarla ná foghlaimeoirí a bhí ag foghlaim an Bhéarla trí ghnáthcheachtanna teanga amháin. Bhí torthaí sna cúig chatagóir an-suntasach: sna scálaí go léir a ndearnadh anailís orthu, bhí torthaí mac léinn CLIL i bhfad ní b’fhearr (Ruiz de Zarobe et al., 2010: 15-6). Bhí torthaí na scrúduithe ábhair ní b’fhearr sa ghrúpa CLIL ná an grúpa a d’fhoghlaim an t-ábhar trína máthairtheanga. Dá mbeadh múinteoirí bunscoile in Éirinn buartha faoi mheath ar fhoghlaim an Bhéarla mar gheall ar CLIL, ‘...this gain in English proficiency is achieved without any detrimental effect on the normal development of the other two languages present in the curriculum, namely Basque and Spanish’ (ibid: 25).

Ina n-alt faoi CLIL sa Chatalóin, sa Spáinn, pléann Naves et al. torthaí taighde a rinneadh le foghlaimeoirí an Bhéarla i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Sna torthaí sin, deimhníodh gur éirigh ní b’fhearr le foghlaimeoirí CLIL sa Bhéarla ná mar a d’éirigh le foghlaimeoirí a d’fhoghlaim an Béarla i ngnáthcheachtanna Béarla. Chomh maith leis sin, i gcásanna áirithe sa taighde, d’éirigh ní b’fhearr le foghlaimeoirí níos óige CLIL, ná mar a d’éirigh le páistí níos sine, a d’fhoghlaim an Béarla i ngnáthcheachtanna Béarla (2010: 31-48).

## An Taighde

Sa taighde seo, socraíodh go múinfeadh na múinteoirí sé cheacht ealaíne trí Ghaeilge ar feadh sé seachtaine. Bhí orthu trí cheacht an duine a réiteach agus iad a mhalartú nuair a bhí siad réidh, ar líne, mar chomhphobal foghlama agus mar thoradh air sin, bheadh sé cheacht réitithe ag an mbeirt. Toisc go raibh an taighdeoir ag iarraidh dearcadh na múinteoirí a bhailiú sula ndearnadh an taighde, agus arís i ndiaidh an taighde, roghnaíodh iad a chur faoi agallamh ag

tús agus ag deireadh an taighde. Chun tuairimí na múinteoirí a fháil maidir le dul chun cinn gach ceachta, rinne siad a n-iontrálacha a bhreacadh i ndialann mhachnamhach ag deireadh gach ceachta.

I gcás na bpáistí agus a ndearcthaí a fháil, tugadh ceistneoir simplí dóibh ag tús agus ag deireadh an taighde, agus rinneadh grúpa fócais le grúpa amháin ón dá scoil tar éis an cheachta dheireanaigh.

D'fhonn breathnú ar an gcaidreamh idir na páistí, iad féin, agus idir an múinteoir agus na páistí, bhí an taighdeoir i láthair ag na ceachtanna, i mbun breathnóireachta. Thug sé seo an deis don taighdeoir a bheith tumtha sa cheacht agus taithí a fháil ar dhul chun cinn an cheachta agus na hidirgníomhaíochtaí a thabhairt faoi deara.

Chun tagairt a dhéanamh do na múinteoirí, tugtar Múinteoir A agus B ar na múinteoirí. Tugtar páistí ar na foghlaimeoirí agus rang A agus B ar na ranganna.

Cuireadh na ceisteanna ar na páistí i mBéarla, toisc nach mbeadh tuiscint acu orthu i nGaeilge. Cuireadh na ceisteanna ar na múinteoirí i nGaeilge ach ní raibh sé de chumas acu iad féin a chur in iúl i nGaeilge agus ar an ábhar sin, d'fhreagair siad i mBéarla.

## Na Torthaí

### *Na Páistí – Dearcadh i leith na Gaeilge*

Tháinig athrú suntasach ar dhearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge ag deireadh an taighde. I gcás Rang A, bhí Múinteoir A den tuairim gur thaitin CLIL go mór leis na páistí agus nár chuir an Ghaeilge isteach ar fhoghlaim na healaíne, *'...they seemed to be enthusiastic about the art and the Irish didn't seem to get in the way.'* Labhair siad níos mó Gaeilge agus cheap sé freisin gur fheabhsaigh caighdeán Gaeilge na bpáistí thar an tréimhse CLIL, *'I think the children's standard of Irish improved alot, over the weeks...it helps with the motivation as well.'*

I gcás Rang B, cheap Múinteoir B gur thaitin na ceachtanna go mór leis na páistí, ach dar léi nár labhair na páistí mórán Gaeilge léi ná eatarthu féin agus nár fheabhsaigh caighdeán Gaeilge na bpáistí. Níos déanaí san agallamh, áfach, dúirt sí:

*I think it would give them a more positive attitude towards Irish because every time...you take out the Irish book it's: 'awww.' They just have such a negative... but I think by doing it like this...they'd have more of a positive attitude...*

Tháinig méadú ar an líon foghlaimeoirí a thug le fios gur thaitin an Ghaeilge leo, áfach, ó dheichniúr ag tús an taighde aníos go dtí 13 dhuine ag deireadh an taighde i Scoil A agus ó 4 aníos go dtí 12 dhuine i Scoil B. Ar an taobh eile den phingin, tháinig laghdú ar an líon daoine a léirigh nár thaitin an Ghaeilge leo ó ochtar ag tús an taighde anuas go dtí cúigear ag deireadh an taighde i Scoil A agus ó 20 duine anuas go dtí 12 dhuine i Scoil B. Chabhraigh CLIL go mór leis an dearcadh diúltach seo a athrú.

Bhí seisear i ngach grúpa fócais agus roghnaíodh go randamach iad sa dá scoil agus baineadh úsáid as agallaimh bhreacstruchtúrtha. Tugtar sampla de na ceisteanna agus na freagraí anseo thíos:

**Ceist 1: *What did you think about learning art through Irish?***

Don cheist seo, bhí na freagraí i Scoil A go hiomlán dearfach. I Scoil B, bhí siad dearfach freisin, ach amháin i gcás Phóil, a dúirt, *'It was fun, but I'd prefer it through English. I thought it as kind of hard, but not all the time.'* I gcás na bpáistí eile sa dá scoil, thaitin sé go mór leo. Seo sampla de chuid de na rudaí a thug na páistí le fios:

Áine: *We did better stuff than we did through English. Like, in Irish, things are way better than English.*

Niall: *I thought the art was excellent and it was Irish and it was actually quite good, because you're learning art and you're learning Irish, at the same time. It's very fun.*

**Ceist 2: *What was good about learning art through Irish?***

Niall: *We were learning a new language.*

Emily: *If you didn't understand it, you could do actions.*

**Ceist 3: *Was there anything you didn't like or was hard about it?***

Pól: *You might get stuck on some words.*

Seosamh: *Trying to get used to saying things in Irish.*

Darren: *Sometimes you didn't understand it, what they were saying and that.*

Pól: *I just thought it was hard to speak Irish*

**Taighdeoir: Darren, did you eventually figure it out? Did it get easier as it went on or was it always hard?**

Darren: *Yeah! it did.*

### *Na Páistí – Caighdeán Sealbhú Teanga*

Ní raibh scrúduithe caighdeánaithe Gaeilge déanta leis na páistí sa taighde seo agus mar sin, bhí orainn brath ar thuairim na múinteoirí agus ar bhreathnóireacht an taighdeora chun dul chun cinn sa Ghaeilge a thomhas.

Ó thaobh ionchur teanga agus aschur teanga de, d'éirigh go maith le Múinteoir A, dar leis. D'úsáid páistí an teanga a d'fhoghlaim siad sna ceachtanna agus cé nár labhair siad mórán Gaeilge, bhí idirtheanga le cloisteáil uathu i measc sprioctheanga an cheachta. D'fhoghlaim siad stór foclóir fairsing, a d'úsáid siad sa chaint (uaireanta) leis an múinteoir nó eatarthu féin agus iad ag freagairt ceisteanna nó ag oibriú i mbeirteanna ag tabhairt treoracha.

I gcás Rang B, bhí ionchur ní ba mhó ná aschur teanga le tabhairt faoi deara, dar léi. D'éirigh go maith leis na ceachtanna sa rang seo ina raibh caidreamh pleanáilte agus teanga an cheachta agus freagraí ar cheisteanna an mhúinteora arna réamhchleachtadh ag na páistí. Nuair nach raibh sé pleanáilte, ní raibh caint ar bith ann i measc na bpáistí. Sna dea-cheachtanna, bhí sé de chumas ag na páistí an teanga a úsáid gan stró, thaitin sé leo, bhí tuiscint ní b'fhearr acu ar an gceacht agus bhí fíorchuspóir ag baint leis an teanga a fhoghlaim roimh ré dóibh.

### *Tionchar na Foghlama trí Ghaeilge ar Fhoghlaim na hEalaíne*

I dtuairim Mhúinteoir A, níor chuir foghlaim na healaíne trí Ghaeilge isteach ar fhoghlaim na healaíne, ach a mhalairt ghlan a tharla, *'It was as good, if not better. They had to listen.'* Dar leis go raibh foghlaim na healaíne ní b'fhearr trí Ghaeilge, *'And one major thing...they tried to listen. They tried to figure it out when it was in Irish. Whereas, often times, we speak so much English...when you explain a thing in English, they just switch off.'*

Cheap Múinteoir B gur chuir an fhoghlaim trí Ghaeilge isteach ar fhoghlaim na healaíne. Ní raibh sí cinnte áfach, arbh í an Ghaeilge ba chúis leis sin nó an chaoi nach raibh sí ag míniú rudaí i gceart. I gcás thorthaí an ghrúpa fócais i Scoil B, cheap ceathrar as seisear go raibh foghlaim na healaíne ní b'fhearr i nGaeilge ná trí Bhéarla.

### Na Múinteoirí

Bhí Múinteoir A thar a bheith sásta leis agus dearfach i leith na bpróiseas ar fad, *'I wouldn't mind doing that again. I'd like to do it for at least a part of the year... I thought... doing it through Irish is going to be very, very difficult, but, it worked fine.'*

Bhí Múinteoir B dearfach i leith CLIL. Thaitin sé léi de bharr gur chruthaigh sé dúshlán di, *'I liked being able to use Irish through a different lesson, definitely... I'm learning new things as well, so it's not just the children. So yeah, (I) definitely liked it.'* Dúirt sí go leanfadh sí ar aghaidh le CLIL, dá mbeadh ceachtanna réamh-ullmhaithe ar fáil di.

### Éifeacht CLIL ar an gCaighdeán Gaeilge

Mar gheall ar CLIL, d'fheabhsaigh Gaeilge Mhúinteoir A agus d'éirigh sé ní ba mhuiníní leis an nGaeilge, dar leis. Bhí sé nach mór ag múineadh trí Ghaeilge an t-am ar fad, *'... by doing the CLIL, I'd say I achieved better results. I'd say I got closer to the 100%, definitely.'* D'éirigh sé ní b'éasca dó, ar a bharr sin, agus d'fhoghlaim sé stór foclóra nua. Tháinig feabhas ar a scileanna ceistiúcháin agus feabhas ar a chumas rudaí a mhíniú trí Ghaeilge.

Níor tháinig feabhas ar chaighdeán Gaeilge Mhúinteoir B, ach dá leanfadh sí ar aghaidh leis, thiocfadh feabhas uirthi, *'No. I wouldn't say it improved. I'd say if I kept going, it probably would improve. I do think if you were doing it the whole time definitely there would be an improvement in your Irish.'* Bhí an-fhadhbanna muiníne aici as a cuid Gaeilge ach, d'admhaigh sí ag deireadh an taighde gur éirigh sí beagánín ní ba mhuiníní, tar éis na ceachtanna a dhéanamh.

### Na Dúshláin a bhaineann le CLIL

Ba í an téarmaíocht theicniúil a bhain le healáin agus le hullmhúcháin na gceachtanna an rud ba dheacra, dar le Múinteoir A. Léirigh sé go raibh sé éasca an ceacht a mhúineadh trí Ghaeilge, ach go bhféadfadh sé éirí casta rudaí a mhíniú nuair a chuir páiste ceist air, agus nuair nár rith na focail chearta leis.

Bhí tréanfhuistrachas ar Mhúinteoir B uaireanta, nuair nach raibh sí in ann smaoineamh ar fhoclóir nó frásaí a bhí de dhíth go spontáineach sa cheacht (nach raibh réamhullmhaithe aici) agus bhí sé deacair uirthi smaoineamh orthu. Bhí frustrachas uirthi, freisin, nuair a d'imigh na páistí as smacht agus í ag iarraidh smacht a choinneáil trí Ghaeilge:



*I found it really difficult...because I was getting frustrated, because...there was so much going on at the one time. It was so hard to...keep them in line in Irish...I was trying to think of what to say in Irish. Everything at once, I just got so frustrated.*

Iarradh uirthi cur síos a dhéanamh ar an bhfrustrachas a mhothaigh sí agus léirigh sí:

*It's so frustrating...you actually nearly snap! You feel like you are getting cross and you know you shouldn't be, but, I feel like I was snapping at them when I shouldn't have been, 'cause it's my own (fault), you know, but, you feel just like speaking in English and you feel like just giving up nearly.*

Cé go ndúirt an taighdeoir nach raibh uirthi a bheith ag múineadh trí Ghaeilge an t-am ar fad, nochtaigh sí: *'I suppose I was putting pressure on myself to be able to do it all in Irish, all the time...but you just feel like you should be doing it...'* Léirigh sí gur mhothaigh sí ciontach toisc nach raibh sí in ann múineadh trí Ghaeilge an t-am ar fad, *'I feel I should be fluent and you know if you're not and you're a primary school teacher.'*

### *Moltaí na Múinteoirí*

I dtaca le comhairle a chur ar mhúinteoirí a bheadh ag tabhairt faoi CLIL den chéad uair, dúirt Múinteoir A, *'I would tell them that it's not as difficult as it may seem...I'd say most teachers are well capable of doing it. Even with an average standard of Irish, it can be achieved.* Dar le Múinteoir B gur chóir ceachtanna a dhéanamh a úsáideann an teanga chéanna i ngach ceacht, leis an tsnáith chéanna agus gan náire a bhrath mar gheall ar an mBéarla a úsáid. Mhol sí láithreán gréasáin a dhearadh go sonrach do CLIL trí Ghaeilge. Mhol an bheirt acu gur chóir go mbeadh ceachtanna réamhullmhaithe curtha ar fáil do mhúinteoirí ionas go gcuirfear béim ar an múineadh in ionad a bheith ag cuardach focal.

### **Tátal**

Tá roinnt tátal ann is féidir a bhaint as an taighde seo, a thabharfaidh leideanna (cé nár thaighde fairsing a bhí ann) d'oideachasóirí maidir le cur i bhfeidhm CLIL le Gaeilge i mbunscoileanna in Éirinn. Tá na tátail seo bunaithe, faoi mar a luadh, ar thuairimí na bpáistí, na múinteoirí agus ar bhreathnóireacht an taighdeora.

Bhainfeadh múinteoirí agus foghlaimoirí Gaeilge taitneamh as CLIL, toisc go mbíonn eispéireas maith foghlama acu agus taitníonn sé le páistí agus múinteoirí. Dá mbeadh dearcadh diúltach ag páistí i leith na Gaeilge, d'fhéadfadh CLIL an dearcadh diúltach seo a iompú, macasamhail a tharla sa taighde seo agus cé gur thosaigh na páistí ag úsáid idirtheanga ag deireadh an taighde seo, is féidir coinne a bheith leis go dtosódh páistí ag úsáid níos mó Gaeilge dá ndéanfaí amhlaidh thar thréimhse ama níos faide ná mar a bhí curtha ar leataobh sa taighde seo, agus thiofadh feabhas ar Ghaeilge na bpáistí dá bharr.

Tugann CLIL muinín do mhúinteoirí a gcumas Gaeilge a fhorbairt. Tugann sé fócas do pháistí, mar aon le hinspreagadh do mhúinteoirí agus do pháistí. Chomh maith leis sin, cuireann sé le stór foclóra páistí agus múinteoirí sa Ghaeilge. Mar gheall go mbaineann foghlaim na healaíne trí Ghaeilge le hobair ghníomhach agus le foghlaim thascbhunaithe, cloíonn sí le dea-chleachtas um fhoghlaim teangacha agus is ábhar oiriúnach í an ealaín inar féidir CLIL a chur i bhfeidhm.

Tugann an taighde seo le tuiscint go gcuireann CLIL páistí ag machnamh agus go gcuireann sé dúshlán rompu. Mar gheall air sin, forbrófar scileanna smaointeoireachta agus scileanna réitigh fadhbanna.

Cé gur féidir le múinteoirí níos mó ná ábhar amháin a chomhcheangal le CLIL, ní leagfadh CLIL ualach breise oibre ar mhúinteoirí, ach is a mhalairt ghlán a dhéanfaidh sé. Ina theannta sin uile, cé go bhfuil dea-thionchar ag CLIL ar fhoghlaim an ábhair, thiofadh feabhas ar scileanna éisteachta páistí, toisc go gcaithfidh siad cluas níos géire éisteachta a thabhairt nuair a fhoghlaimíonn siad le CLIL.

## Moltaí

De réir Thuairisc na Cigireachta, tá 'laigí ag baint lena gcumas labhartha sa Ghaeilge nó lena gcumas teagasc Gaeilge i measc nach mór leath de na múinteoirí sa mheastóireacht' (An Chigireacht, 2007: 19) I gcomhthéacs na tuairisce sin, bheadh CLIL in ann cabhrú le sárú na faidhbe seo. De réir an taighde seo, mothaíonn roinnt múinteoirí ciontach, toisc nach bhfuil Gaeilge líofa acu agus d'fhéadfadh CLIL cabhrú leo líofacht ní b'fhearra bhaint amach. Bheadh idir thacaíocht agus inseirbhís leanúnach de dhíth ar na múinteoirí, leis an múnla '*The Gradual Release of Responsibility Model*' ina scaoiltear leis an dualgas céim ar chéim (Fisher et al., 2008). Mura bhfuil tacaíocht mar seo ar fáil dóibh, ní

bheadh múinteoirí ach ag sracadh leo le CLIL a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus ní bheadh tuiscint ná taitní cheart acu ar na féidearthachtaí um shealbhú teanga a chruthaíonn CLIL.

Cé gur féidir le múinteoirí a bheith díograiseach ag tabhairt faoi CLIL, tá an chontúirt ann go dteipfeadh orthu toisc go bhfuil easpa fearas (Harris et al., 2006: 167) agus easpa pleananna ceachta ar fáil do mhúinteoirí. Sa taighde seo, caitheadh an-chuid ama ag lorg foclóra agus is beag múinteoir a bheadh in ann an oiread ama a theastódh a chur ar leataobh ar mhaithe leis seo. D'éireodh ní b'fhearr leis, dá mbeadh ceachtanna réamhullmhaithe ar fáil dóibh, a chuirfí i dtoll a chéile ar bhonn gairmiúil agus a bheadh rishoiléir, agus furasta le ciall a bhaint astu. Ba chóir suíomh gréasáin a dhearadh a bheadh dírithe go sonrach ar CLIL le Gaeilge in Éirinn, áit a mbeadh ceachtanna réamhullmhaithe agus samplaí de dhea-cleachtas ar fáil.

## Conclúid

Tugann an taighde seo le fios go n-éiríonn go geal le CLIL, i gcás mhúineadh agus fhoghlaim na healaíne, agus fhoghlaim na Gaeilge. Ní furasta a thuigtear cén fáth nach bhfuil CLIL in úsáid i mbunscoileanna in Éirinn cheana féin. Toisc go bhfuil meath tagtha ar fhoghlaim na Gaeilge (Harris, 2006), tá deis iontach ag oideachasóirí in Éirinn é seo a chlaochlú trí CLIL a shaothrú. Taitníonn sé le páistí agus, faoi mar a léirigh Harry (páiste i Scoil B), tugann sé dearcadh dearfach do pháistí i leith na Gaeilge agus taitníonn sé leo, *'This is the best Irish lesson I ever had, since we came into this dungeon!'*

## Leabharliosta

### Leabhair

- An Chigireacht (2007). *An Ghaeilge sa bhunscoil: Stáidéir mheastóireachta na cigireachta*. Baile Átha Cliath 1: An tAonad Tacaíochta um Meastóireacht agus Taighde.
- An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (2010). *Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Coyle, D., Hood, P. & Marsh, D.C. (2010). *CLIL: Content and language integrated learning*. An 3ú hEag. Cambridge: Cambridge University Press.

- Eur-Lax: Access to European Union Law Council regulation (EC) No 920/2005 of 13 June 2005 amending regulation No 1 of 15 April 1958 determining the language to be used by the European economic community and regulation No 1 of 15 April 1958 determining the language to be used by the European atomic energy community and introducing temporary derogation measures from those regulations. [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:32005R0920:EN:NOT> [arna léamh an 01/18/2014].
- European Commission *Content and language integrated learning (CLIL)* [Ar líne]. Ar fáil ag: [http://ec.europa.eu/languages/language-teaching/content-and-language-integrated-learning\\_en.htm](http://ec.europa.eu/languages/language-teaching/content-and-language-integrated-learning_en.htm) [arna léamh an 11/11/2013].
- Eurydice (2005). *Content and language integrated learning (CLIL) at school in Europe*. Brussels: Eurydice.
- Fisher, D. & Frey, N. (2008). *Better learning through structured teaching: A framework for the gradual release of responsibility*. ASCD.
- García, O. (2009). *Bilingual education in the 21st century: A global perspective*. Chichester: Wiley-Blackwell.
- Harris, J., Forde, P., Archer, P. & O’Gorman, M. (2006). *Irish in Primary Schools: Long Term National Trends in Achievement*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Marsh, D. (2002). *CLIL/EMILE: The European Dimension: Actions, Trends and Foresight Potential*. Brussels: European Commission.
- Mehisto, P., Marsh, D. & Frigols, M.J. (2008). *Uncovering CLIL: content and language integrated learning in bilingual and multilingual education*. Oxford: Macmillan Publishers.
- Rialtas na hÉireann (1999). *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ruiz de Zarobe, Y. and Jiménez Catalán, R.M. (2009). *Content and language integrated learning: Evidence from research in Europe*. Bristol: Multilingual Matters.

**Ailt**

- Breidbach, S. & Viebrock, B. (2012). 'CLIL in Germany: Results from recent research in a contested field of education.' *International CLIL Research Journal*, 1(4), 5-16.
- Dalton-Puffer, C. (2008). 'Outcomes and processes in content and language integrated learning (CLIL): Current research from Europe.' *Future Perspectives for English Language Teaching*. Heidelberg: Carl Winter.
- Georgiou, S.I. (2012). 'Reviewing the puzzle of CLIL.' *ELT Journal*, 66(4), 495-504.
- Lasagabaster, D. and Sierra, J., Manuel. (2009). 'Language attitudes in CLIL and traditional EFL classes.' *International CLIL Research Journal*, 1(2)
- Naves, T. & Victori, M. (2010). 'CLIL in Catalonia: An overview of research studies' in Lasagabaster, D. and Ruiz de Zarobe, Y. (eag.) *CLIL in Spain: Implementation, Results and Teacher Training*. Newcastle upon Tyne: Cambridge Scholars Publishing, 30-54.
- Ruiz de Zarobe, Y. and Lasagabaster, D. (2010). 'CLIL in a bilingual community: The Basque autonomous community.' *CLIL in Spain: Implementation, Results and Teacher Training*, 12-29.
- Wolff, D. (2005). 'Approaching CLIL.' i Approaching CLIL. *The CLIL Quality Matrix. Central Workshop Report, Coord. D. Marsh.* [http://www.Ecml.at/Mtp2/CLILmatrix/Pdf/wsrepD3E2005\\_6.Pdf](http://www.Ecml.at/Mtp2/CLILmatrix/Pdf/wsrepD3E2005_6.Pdf) (arna léamh an 10/7/2010).



## **Aistriúchán a rinne Gabriel Rosenstock ar ‘I’m so Lonesome I Could Cry’**

*le Hank Williams*

<https://doi.org/10.13025/hp8k-ja56>

### **Mé tá uaigneach**

Uaigneach é an tuirne lín  
Nach uaigneach é, mo bhrón  
Meán oíche is dordán ón traein  
Mé tá uaigneach lán de dheor’.

Fada fada an oíche seo  
An t-am an-mhall, mo leo!  
Do chuaigh an ré laistiar de néal  
Faoi cheilt i measc na ndeor.

An bhfacaís riamh spideog ag gol  
Nuair bhíonn duilleog’ ag dreo  
Ní mian léi bheith i measc na mbeo  
Mé tá uaigneach lán de dheor’.

Réalta reatha a thit go ciúin  
An spéir mar chorcair-bhreo  
Is fiafraímse, cá bhfuil tú uaim  
Mé tá uaigneach lán de dheor’.



## **Léirmheas ar *Translation in the Digital Age***

**le Michael Cronin**

**Routledge, Londain & Nua-Eabhrac, 2013. 165 lch, €29.75**

*Léirmheas le Catherine Francis, Cillian Hanaphy,  
Maria Nic Chochláin, Siobhán Ní Chualáin,  
Máire Rós Ní Loingsigh agus Helen Ó Catháin*

<https://doi.org/10.13025/1mwn-h296>

Tá *Translation in the Digital Age* leis an Ollamh Michael Cronin, ar an dara heagrán sa tsraith *New Prospectives in Translation Studies* atá foilsithe ag Routledge, sraith a dhíríonn ar na hathruithe suntasacha atá tagtha ar réimse an aistriúcháin le blianta beaga anuas. Cuirtear go mór le heolas an léitheora sa phlé a dhéantar ar chruacheisteanna a bhaineann leis an aistriúchán i ngach caibidil. Pléitear réimse leathan an aistriúcháin sa ré dhigiteach i gcomhthéacs na ‘3T’ – *trade, technology, translation*. Déanann Cronin scagadh ar dhul chun cinn an aistriúcháin i gcomhthéacs éabhlóid na teicneolaíochta agus in úsáid uirlisí teicneolaíochta. Déantar tagairt do réimsí éagsúla de chuid theoiric an aistriúcháin a chuireann leis an smaointeoireacht nua-aoiseach ar an ábhar. Pléitear an tionchar ollmhór atá ag an teicneolaíocht ar an aistriúchán agus ar ghairm an aistritheora trí chéile agus cuireann Cronin ábhar machnaimh ar fáil don léitheoir i dtaobh earnáil an aistriúcháin sa ré chomhaimseartha.

I gcaibidil 1 maíonn Cronin go bhfuil dlúthbhaint ag an aistriúchán le dul chun cinn an chine dhaonna agus leis an bhforbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta. Tá neart eolais sa chaibidil seo faoi stair an aistriúcháin agus téitear ar aistear siar go tús éabhlóid an duine ag cur an fhiúntais a bhain leis an

aistriúchán in Éirinn san áireamh ar an mbealach aniar. Níl an nasc sách láidir i gcónaí sa chaibidil seo idir ábhar na caibidle agus mórtéama an leabhair, áfach, agus is deacair díriú go grinn ar ábhar na caibidle seo dá bharr.

Déantar cioradh ar an dóigh a dtéann an teicneolaíocht i bhfeidhm ar an aistriúchán agus ar obair aistritheoirí i gcaibidil 2. Tugtar ábhar plé don léitheoir toisc go bhfuil impleachtaí tromchúiseacha ag an aistriúchán uathoibríoch don aistriúchán trí chéile; an é nach mbeidh an t-aistritheoir ach ag cuidiú leis an ríomhaire amach anseo? Taispeántar an chaoi a bhfuil cúrsaí ama, costais agus cuimse eolais ag dul i gcion ar chúrsaí aistriúcháin. Feictear é seo i gcás chóras aistriúcháin uathoibríoch *Controlled Natural Language* an Aontais Eorpaigh a chuireann aistriúchán gan brí shoiléir ar fáil go minic. Is díol suime é an plé a dhéantar ar ról an Bhéarla agus é ina *lingua franca* sa domhan, agus ar ról na teicneolaíochta – mar shampla, an chuimhne aistriúcháin – i dtaobh leaganacha éagsúla den *lingua franca* seo a chur chun cinn.

Tá tábhacht ar leith leis an léargas a thugann Cronin ar chúrsaí costais i leith an aistriúcháin agus is léir go bhfuil réimse leathan modhanna in úsáid anois chun airgead a shábháil. Feictear é seo sa chaoi a mbaineann cuideachtaí leas as córais éagsúla in áit aistritheoirí, nós a léiríonn imeallú an aistritheora. Is maith an tslí a dtaispeántar é seo trí thagairt a dhéanamh d'úsáideoirí cuideachtaí móra ar nós *Facebook*. Cuireann a n-úsáideoirí aistriúchán saor in aisce dá suíomh ar fáil agus ní gá do chuideachtaí íoc as an aistriúchán seo. Léirítear go ndéanann na cuir chuige seo, *Google Translate* ina measc, dí-idirmheánú ar obair agus ar ról an aistritheora. Cuireann Cronin le díospóireacht an chostais aistriúcháin ag léiriú go mbeadh costas ann ar aon nós mura mbeadh ach *lingua franca* amháin ann; bheadh costas sa bhreis ag baint leis an *lingua franca* sin a fhoghlaim. Sa chaibidil seo léirítear ról lárnach an aistriúcháin i gcur chun cinn na trédhearcahta. Cuirtear béim ar an ról tábhachtach a bhíodh ag an aistriúchán ón Reifirméisean anonn go *WikiLeaks* an lae inniu maidir le cúrsaí cumhachta agus le heolas a scaipeadh i measc an phobail.

Déantar scagadh i gcaibidil 3 ar lancaisí an aistriúcháin agus pléitear ról an aistriúcháin sa ré dhigiteach, ré ina bhfuil teacht ar ábhar gan dua agus ina bhfuil domhan cumarsáide dlúthcheangailte á chothú. Luann Cronin na himpleachtaí a bhaineann le holltáirgeacht na tionsclaíochta i gcomhthéacs cheird an aistriúcháin agus pléitear na dúshláin a chothaíonn an olltáirgeacht chéanna d'aistritheoirí. Déantar machnamh ar an gceist an bhfuil an t-aistritheoir traidisiúnta in ann dul i ngleic leis an aistriúchán uathoibríoch i bhfianaise líon an ábhair atá ar fáil ar líne i ré seo an domhandaithe.



Déantar anailís ar na himpleachtaí a bhíonn ag an aistriúchán uathoibríoch do cheird an aistriúcháin. Luann Cronin an easpa caighdeán a bhaineann leis an aistriúchán uathoibríoch. Uaireanta tuigtear a bhfuil i gceist ach níl caighdeán an aistriúcháin sách maith ná ar aon dul le caighdeán aistritheora. Tugann Cronin le fios go bhfuil bearna shuntasach idir an t-aistriúchán uathoibríoch agus an t-aistritheoir. Baineann nádúr intreach ar leith leis an aistriúchán agus dá thoradh sin, bagraíonn an t-aistriúchán uathoibríoch don nádúr seo. Luann Cronin teoiric Sonzogni nuair a mhíníonn sé nach bhfuil aon aistriúchán mar an gcéanna leis an mbuntéacs agus nach bhfuil aon aistriúchán ar bhuntéacs ar aon dul le ceann eile. Déantar machnamh ar úinéireacht an téacs aistrithe agus cíortar an cheist an bhfuil sé de cheart ag comhlacht an t-aistriúcháin a dhíol le comhlacht eile ar mhaithe le cur le cuimhne aistriúcháin uathoibríoch.

Pléitear dul chun cinn na teicneolaíochta agus cúrsaí domhandaithe i gcaibidil 4. Tagraíonn Cronin do na himpleachtaí forleathana atá ag ‘*wiki-translation*’ do ghairm an aistriúcháin i ré an domhandaithe. Tugtar míniú ar thrí ghné éagsúla den dul chun cinn seo agus de na himpleachtaí a bhaineann leis don smaointeoireacht ar cheird an aistriúcháin: *Translation presumption* – bíonn dlúthbhaint ag an spriocléitheoir le próiseas an aistriúcháin; *Post-print translation literacy* – tá athruithe tagtha ar nósanna léitheoireachta agus litearthachta mar thoradh ar theacht na teicneolaíochta, agus fad is a bheidh na nósanna seo ag athrú, tiocfaidh athrú ar nósanna an aistriúcháin; *Translation and pluri-subjectivity* – an gaol atá ag an duine daonna le haistriúchán uathoibríoch. Déantar plé ar thrédhearcacht na teicneolaíochta agus luaitear *Facebook* mar shampla den nósmaireacht atá ann eolas a roinnt ar fud an domhain agus an impleacht chultúrtha atá ag an nósmaireacht seo don aistriúchán. Luann Cronin tvúit a rinne *WikiLeaks* faoin tslí a bhféadfaidís 300 milliún focal a aistriú go hocht dteanga dhifriúla ar mhaithe leis an trédhearcacht theangeolaíoch. Taispeánann sé seo an dlúthcheangal atá idir an t-aistriúchán agus an trédhearcacht. Tagraítear d’eagrais a bhfuil sé mar aidhm acu litríocht an domhain a chur ar fáil i dteangacha éagsúla, mar shampla, *Ireland Literature Exchange* agus an *Korean Literature Translation Institute*. Pléitear an tábhacht a bhaineann le bailiú eolais i ngairm an aistritheora agus an tábhacht a bhaineann leis an ionchur daonna d’fhonn caighdeán an aistriúcháin a chinntiú i gcomparáid leis an aistriúchán uathoibríoch.

Pléitear ról an aistritheora agus a bhfuil i ndán dó san am atá le teacht i gcaibidil 5, i bhfianaise an fháis as cuimse atá tagtha ar ról na teicneolaíochta. Tá cur síos spéisíúil ag Cronin ar theoiricí Martin Kay i dtaobh an aistriúcháin uathoibríoch agus na lochtanna a bhain le heaspa ionchur daonna i bpróiseas an

aistriúcháin. Dá thoradh seo, agus de bharr thábhacht an aistritheora i bpróiseas an aistriúcháin, forbraíodh cur chuige an aistriúcháin ríomhchuidithe, cur chuige iontaoifa a bhfuil ról lárnach ag aistritheoirí ann. Is díol spéise an méid a luann Cronin faoi thuairimíocht Alan Melby nach bhfuil tábhacht le cruinneas gramadaí ná le rogha leathan focal ach brí an ábhair a chur in iúl, tuairim a léiríonn na dúshláin a bhíonn le sárú ag aistritheoirí, agus iad in iomaíocht le *Google Translate* agus a leithéid. Ní léiríonn Cronin féin go cinnte cén ról a bheidh ag an aistritheoir amach anseo sa chur síos a dhéanann sé ag deireadh an leabhair. Is léir go bhfuil éiginnteacht i gceist in am a bhfuil borradh mór faoin teicneolaíocht. Mar sin féin, maítear gur aistriúchán uilíoch, aonfhoirmeach nó comónta a theastaíonn, cur chuige domhanda a bhainfeadh go sonrach leis an aistritheoir agus a sheachnódh aon débhríocht. Bheadh cinnteacht i gceist le cur chuige mar seo toisc gurbh iad daoine oile a chuirfeadh an t-aistriúchán ar fáil. Is cúis dóchais í seo do mhic léinn a thugann faoi staidéar an aistriúcháin ar fud an domhain. Pointe tábhachtach a luann Cronin nach mór a bheith san airdeall air is ea an spleáchas nó an ceangal atá idir uirlisí na teicneolaíochta agus gairm an aistritheora, nach bhfeidhmeoidh ceann gan an ceann eile, agus is bac é seo, ar ndóigh, sa chás nach mbíonn fáil ar an teicneolaíocht.

Cuimsítear an taighde is deireanaí i réimse an aistriúcháin i gcúig chaibidil an leabhair seo. Feictear an dul chun cinn atá tagtha ar phróiseas an aistriúcháin i ré na teicneolaíochta sna pointí a phléitear. Is leabhar acadúil é atá dírithe ar mhic léinn fochéime agus iarchéime atá ag dul i dtreo slí bheatha a bhaint amach san aistriúchán. Dá bhrí sin, bíonn dua ar an léitheoir uaireanta ábhar an leabhair a thuiscint toisc go n-úsáidtear saintearmaí agus friotal casta, agus go bhfuil an réimse an-leathan ábhar á láimhseáil ag an údar. Tá an t-ábhar cuimsitheach ach bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh buneolas de shaghas éigin ag an léitheoir ar theoricí an aistriúcháin roimh ré.



**Léirmheas ar an iris *Journal of  
Multilingual and Multicultural Development*  
Imleabhar 35, Eagrán 2, 2014**

**Eagarthóirí: John Edwards et al.**

*Léirmheas le Bríd Ní Chualáin, Ben Ó Ceallaigh agus Declan Quinn*

<https://doi.org/10.13025/ha09-gc94>

Is iris phiarmheasúnaithe í seo ina bhfuil plé ar réimse leathan topaicí a bhaineann le cúrsaí teangeolaíochta, sochtheangeolaíochta, pleanáil teanga agus teagasc teangacha. Cuireadh tús leis an iris in 1980 agus foilsíonn Routledge seacht n-eagrán sa bhliain. Tugtar léargas maith dúinn ar scóip an léinn teanga san iris agus is túsphointe maith atá ann do dhaoine ar spéis leo na réimsí seo uile. Sa léirmheas seo, breathnófar ar na hailt éagsúla atá in eagrán amháin den iris seo, mí Feabhra 2014. Tá léirmheasanna san iris chomh maith, ach níltear á bplé anseo.

Tá coincheap na teagmhála teangacha le feiceáil go tréan sa chéad dá alt a bheidh faoi scrúdú sa léirmheas seo. Ar ndóigh, is coincheap é seo atá lánach i réimse na sochtheangeolaíochta agus baineann ceist an chódmheasctha go mór le pleanáil teanga na Gaeilge féin, áit a bhfuil tionchar leanúnach na mórtheanga le brath ar an mionteanga. San alt 'Unomatholo or i-radio? Factors predicting the use of English loanwords among L1 isiXhosa-L2 English bilinguals', breathnaíonn Emanuel Bylund ar theanga dhúchais san Afraic Theas darb ainm isiXhosa. Tá stádas oifigiúil sa tír sin aici agus labhraíonn níos mó ná 8.3 milliún duine í, ach mar sin féin, tá sí go mór faoi thionchar an Bhéarla, go háirithe sna cathracha agus sna sainréimsí sin a bhaineann leis an teicneolaíocht, leis na meáin chumarsáide agus mar sin de. Déantar cur síos ar na cúinsí is mó ina mbaintear úsáid as focail 'iasachta' ón mBéarla nó focail nuachumtha isiXhosa chun tagairt do choincheapa nua-aimseartha i measc cainteoirí T1 isiXhosa. Breathnaítear ar

mhinicíocht an chineáil chódmheasctha seo in urlabhra na rannpháirtithe agus déantar iniúchadh ar an bhfáth a bhaineann leis trí scagadh a dhéanamh ar chúla socheacnamaíoch agus ar chúla oideachais na ndaoine áitiúla. Tá an cineál taighde seo tábhachtach d'éinne atá ag plé leis an bpleanáil teanga, áit ar bith ar domhan. Taispeánann Bylund go bhfuil focail iasachta níos coitianta i measc cainteoirí nach bhfuil an teanga sealbhaithe mar is ceart acu – mar shampla, daoine a bhog ó cheantair láidre isiXhosa ag aois óg, nó daoine a fuair a gcuid oideachais trí Bhéarla amháin. Fearacht sin, úsáidtear téarmaíocht an Bhéarla chun féiniúlacht nua-aoiseach, iltíreach a chur in iúl go minic – go mór mór nuair atá comhshamhlú na n-imirceach i saol na cathrach i gceist, mar shampla. Is taighde fiúntach agus tábhachtach é seo agus ní mór d'éinne a bhfuil suim sa tsochtheangeolaíocht acu a bheith feasach ar a leithéid. Ar ndóigh, tá an cheist seo fíorthábhachtach do chás na Gaeilge chomh maith mar a léiríonn Helena Ní Ghearáin in 'The Problematic Relationship between Institutionalised Irish Terminology Development and the Gaeltacht Speech Community: Dynamics of Acceptance and Estrangement' in *Language Policy*, 10 (4) (2011).

Is i gcomhthéacs ilteangach atá an cur síos ar theagmháil teangacha san alt 'Explaining the ordinary magic of stable African multilingualism in the Vaal Triangle region in South Africa' le Susan Coetzee-VanRooy. Maítear go neamhbhalbh go bhfuil neamhaird á déanamh ar fheinimeán an ilteangachais sheasmhaigh san Afraic Theas toisc go bhfuil formhór an phlé atá ar bun ag lucht na sochtheangeolaíochta ag díriú ar ollchumhacht an Bhéarla ar fud an domhain. Glactar leis i gceantar Vaaldriehoek go bhfoghlaimeoidh an pobal i gcoitinne trí theanga, ar a laghad, le linn a shaoil. Tá an t-ilteangachas á normálú sa cheantar seo agus maítear anois go bhfuil ilteangachas seasmhach i bhfeidhm i Vaaldriehoek. Ní mór a bheith airdeallach ar mhaíomh den sórt seo agus an fhianaise atá againn i litríocht na sochtheangeolaíochta ar uileláithreach an Bhéarla agus ar an dainséar a bhaineann le hollchumhacht na teanga sin i ngach gné den saol. Mar sin féin, tá na tuairimí a nochtar sna hagallaimh agus an cíoradh a dhéantar ar an suirbhé thar a bheith fiúntach agus géarchéim theangeolaíochta i gceist. Tá pobal Vaaldriehoek ilteangach faoi láthair ach tá mórtheangacha an domhain ag éirí níos cumhachtaí agus tá an t-iompú teanga mar chuid lárnach den saol iar-nua-aoiseach. Tá codarsnacht láidir le feiceáil idir cás Vaaldriehoek agus an 'mionteangú' atá á dhéanamh den Ghaeilge faoi láthair, mar a léiríonn Brian Ó Curnáin é in *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge, Léachtaí Cholm Cille*, (39) (2009), mar shampla.

Ní shealbhaítear teanga gan ionchur agus tá pleanáil corpais mar chuid lárnach den phleanáil ag an macraleibhéal. Dearadh foclóirí do theangacha atá i mbaol (Endangered Languages – EL) atá faoi chaibidil ag Vamarasi ina alt ‘The creation of learner-centered dictionaries for endangered languages: a Rotuman example’. D’fhoghlaim an t-údar an teanga Rotuman, teanga a labhraítear ar oileán Rotuma atá suite 340 míle ó phríomhoileáin Fiji. Shocraigh sé foclóir a dhearadh chun cuidiú le foghlaimeoirí na teanga sin agus tá dúshlán éagsúla an liteagrafaí á gcíoradh ag Vamarasi san alt seo. Tá roinnt den alt thar a bheith teicniúil agus sainiúil ach leathnaítear an plé ansin. Áitítear go bhfuil práinn le foclóirí EL a dhearadh do theangacha atá i mbaol. I gcás Rotuman is acmhainn riachtanach é an foclóir chun an teanga a chaomhnú agus a chur chun cinn d’foghlaimeoirí agus do chainteoirí dúchais araon. Deir Vamarasi gur cheart níos mó acmhainní a chaitheamh chun teangacha leochaileacha a chaomhnú – agus tá foclóirí EL ina gcuid thábhachtach den obair sin.

Tá an eolaíocht ag díriú ar mhothúcháin sa dá alt ina bhfuil teagasc teangacha á phlé. Cuireann na húdair Kormos, Csizér agus Iwaniec a gcuid taighde ar thairbhí foghlaimeoirí atá ag freastal ar chúrsa teanga thar sáile, i láthair san alt ‘A mixed-method study of language-learning motivation and intercultural contact of international students’. Tá go leor cainte ar na cineálacha deacrachtaí a bhíonn ag foghlaimeoirí, is cuma cén teanga nó tír atá i gceist – easpa féinmhuiníne, uaigneas, agus mar sin de. Mar sin, tá an taighde seo tábhachtach d’éinne a bhíonn ag plé le múineadh teangacha. De réir thorthaí an taighde, is minic a dhéanann mic léinn eachtrannacha iarracht ag tús a dtréimhse staidéir labhairt le cainteoirí dúchais lasmuigh den seomra ranga, ach de bharr easpa scileanna cainte, is minic a theipeann orthu agus goilleann sé sin orthu. Seachnaíonn siad tuilleadh iarrachtaí mar phróiseas féinchosanta ar a gcuid féinmheasa. Ar ndóigh, tá impleachtaí móra ag an bhfeiniméan seo ar dhream ar bith atá ag iarraidh clár tumoideachais nó a leithéid a réachtáil agus déanann na húdair roinnt moltaí faoi na bealaí ar féidir an fhadhb seo a fhuascailt – tuilleadh plé a dhéanamh sa seomra ranga ar an gcaoi ar féidir dul i ngleic le fadhbanna den sórt seo agus tuilleadh tacaíochta institiúidí a chur ar fáil do mhic léinn eachtrannacha.

Breathnaítear ar chúrsaí mothúcháin i réimse teagaisc teangacha san aiste dar teideal ‘Exploring the emotions and needs of English language learners’ le Jie Zhang agus Carole Peltari freisin. Is tuairisc í seo ar thaighde a rinneadh le céimithe agus le fochéimithe ollscoile i Nua-Eabhrac. Ba í aidhm na dtaighdeoirí modhanna teagaisc a chur i bhfeidhm chun go dtuigfeadh ábhar múinteoirí na mothúcháin a thagann chun cinn nuair a bhíonn páiste ag foghlaim teanga.

Creidtear go bhfuil baol ann nach bhfuil tuiscint ag múinteoirí aonteacha ar chastachtaí na foghlama teanga. Sa chás seo, d'fhreastail na mic léinn ar chur i láthair san Ollainnis agus ansin dáileadh ceistneoir orthu. Sa chuid sin den taighde cáilíochtúil, tuairiscíodh go raibh na rannpháirtithe trína chéile agus go raibh mearbhall orthu nuair a bhí an cur i láthair san Ollainnis ar siúl. Tuigeadh go raibh tábhacht le foighne, athrá agus tuiscint don fhoghlaimoir chomh maith le spás cairdiúil agus sábháilte a chruthú. Tá cur síos beacht san alt ar na modheolaíochtaí éagsúla a úsáideadh agus ar na torthaí a d'eascair astu dá bharr, torthaí arbh fhiú do mhúinteoirí na Gaeilge a scrúdú. Cé nach bhfuil conclúidí láidre le sonrú ón taighde taiscéalaíoch seo, maítear gur cheart deiseanna a chur ar fáil d'ábhar múinteoirí na deacrachtaí agus na buntáistí a bhaineann le foghlaim teanga a mheas. D'fhéadfaí a áiteamh gurbh fhiú d'aon teangeolaí, do mhúinteoir nó do dhaoine ar spéis leo cúrsaí teangeolaíochta an dá alt seo a léamh. Ní foláir a rá go bhfuil na moltaí a eascraíonn as taighde Zhang agus Pelttari úsáideach do thaighdeoirí chomh maith, de bharr an cur síos teicniúil atá ann ar na modhanna éagsúla taighde a bhí in úsáid acu.

Pléitear na deacrachtaí a eascraíonn as an gcoimhlint idir mórtéanga agus miontéanga go príomha sa réimse seo ach táthar ag breathnú ar mhórtéangacha i gcoimhlint le chéile san alt 'Reset or forge ahead? Is there a future and 'value' in the study of Spanish? Historical trends and calculations of the merit or dollar worth of the language' le HIsabel Dulfano agus Fernando Rubio. Breathnaítear ar mhúineadh na Spáinnise in ollscoileanna Stáit Aontaithe Mheiriceá le linn an chéid seo caite. Déantar scagadh ar luach agus ar fhiúntas mhúineadh na teanga sin chomh maith le forbairt na nDaonnachtaí ag an tríú leibhéal go ginearálta. Tá an t-alt seo ábharach chomh maith céanna toisc gurb iad na ciorruithe airgid atá ag cur cúrsaí teanga tríú leibhéal i mbaol i láthair na huair.

Is léargas cuimsitheach ar roinnt de phríomhghnéithe na sochtéangeolaíochta atá san iris *Journal of Multilingual and Multicultural Development*. Faightear blaiseadh de na deacrachtaí a bhaineann le miontéanga a chothú, chomh maith le teanga nua a shealbhú agus pleanáil corpais don teanga atá i mbaol san eagrán áirithe seo. Áitítear go bhfuil eolas tábhachtach anseo nach mór dúinn uile atá ag treabhadh i ngart na pleanála teanga agus i réimse teagaisc teangacha a bheith feasach air. Ní saothar é a bheadh feiliúnach don ghnáth-mhac léinn toisc go bhfuil cuid den ábhar rótheicniúil agus casta, ach don té atá ag obair go gairimiúil i réimse na sochtéangeolaíochta, na pleanála teanga nó teagaisc teangacha, is cinnte go mbainfí tairbhe as.

# Beathaisnéisí na Scribhneoirí 2014

## **Anna Lee**

Is as Baile Átha Cliath ó dhúchas d'Anna. Bhain sí céim sa Ghnó amach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in 2009 agus MA sa Léann Teanga in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2013. Tá sí anois ag obair le Foras na Gaeilge.

## **Belinda McHale**

Is as Co. Mhaigh Eo ó dhúchas do Bhelinda. Tá sí ag obair mar Fheidhmeannach Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ó mhí Eanáir 2004. Tá céim BA aici sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith leis an Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach, MA sa Nua-Ghaeilge agus Teastas Iarchéime sa Teagasc agus san Fhoghlaim ón ollscoil chéanna.

Tá seal caite aici ag obair i TG4 mar chúntóir léirithe agus mar mhaor craolacháin agus chaith sí tréimhse mar léirmheastóir ar Chúla 4 chomh maith. Tá spéis aici i dteagasc na Gaeilge ag an tréimhse agus san fhoghlaim fhéinriartha.

## **Tammy Ní Laoire**

Tá céim BA bainte amach aici sa Ghaeilge agus sa Fhraincis ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chomh maith leis an Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach, Ard-Diplóma san Oideachas agus MA i dTeagasc Teangacha (An Ghaeilge) ón ollscoil chéanna.

Chaith Tammy breis is deich mbliana ag obair mar iriseoir físe le Nuacht TG4 agus RTÉ sular cáilíodh í mar mhúinteoir meánscoile in 2008. Tá sí ag múineadh Gaeilge i gColáiste Éinde i mBóthar na Trá ó shin i leith. Tugann Tammy léachtaí ar na cúrsaí iarchéime oideachais, DGO agus PDE, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le straitéisí teagaisc na Gaeilge a chur chun cinn.

## **Dorothy Ní Uigín**

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge í Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Tá BA aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chomh maith le MA (Gaeilge), MA (Literature & Publishing), MA (Academic Practice) agus PhD sa Ghaeilge ón ollscoil chéanna.

### **Gabriel Rosenstock**

Is údar/ aistritheoir é Gabriel Rosenstock ar bhreis is 160 leabhar, dánta, haiku, úrscéalta, leabhair do dhaoine óga, drámaí, gearrscéalta, aistí agus eile ina measc. Rugadh i Co. Luimnigh é ach tá cónaí air i mBaile Átha Cliath anois. Is ball d'Aosdána é agus aithníonn sé nach bhfuil dóthain scríbhneoirí Gaeilge san eagraíocht sin.

### **Fergus Seoighe**

Is comhairleoir leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (An Roinn Oideachais agus Scileanna) é Fergus Seoighe atá ar iasacht óna phost mar Phríomhoide i nGaelscoil Uileog de Búrca, Clár Chlainne Mhuiris, Maigh Eo. Mar chomhairleoir, oibríonn sé le feabhsúchán scoile, le ceannaireacht scoile agus leis an TFC. Tá MA aige i dTeagasc Teangacha (An Ghaeilge) ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá PhD tosaithe aige le Coláiste Phádraig, BÁC, bainteach le CLIL – múineadh na hEolaíochta trí mheán na Gaeilge i mBunscoileanna Lán-Bhéarla.

### **Alan Titley**

Ollamh Emeritus le Nua-Ghaeilge in UCC, agus iar-Cheann Roinne na Gaeilge i gColáiste Phádraig DCU. Scoláire agus scríbhneoir a bhfuil úrscéalta, gearrscéalta, drámaí, filíocht agus saothar don scáileán scríofa aige. Colún seachtainiúil aige ar an *Irish Times* ar chúrsaí reatha agus cultúir.



## Beathaisnéisí na Mac Léinn 2014

### Catherine Francis

Is as an Spidéal, Co. na Gaillimhe ó dhúchas do Catherine. Bhain sí céim onóracha amach sa Ghaeilge agus sa tsocheolaíocht agus sa pholaitíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2013.

### Cillian Hanaphy

Is as Baile Átha Cliath do Chillian. Bhain sé céim onóracha amach sa tSean-Ghaeilge agus sa Nua-Ghaeilge i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in 2013.

### Maria Nic Chochláin

Is de bhunadh chathair na Gaillimhe í Maria. Tá céim onóracha bainte amach aici sa Ghaeilge agus san aistriúchán ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá an-spéis aici i dteangacha agus i gcúrsaí aistriúcháin.

### Brid Ní Chualáin

Is as Inis Oírr ó dhúchas í Bríd. Bhain sí céad onóracha amach sa Dioplóma i Múineadh na Gaeilge le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad in 2012. Roghnaigh sí speisialtóireacht sa phleanáil teanga don MA tar éis di seacht mbliana a chaith-eamh ag plé le teagasc agus caomhnú teanga san Ionad Seirbhísí Teanga ar an oileán. Reáchtáil sí Féile Joe Mháirtín dhá bhliain as a chéile ar an oileán.

### Siobhán Ní Chualáin

Is as Carna, Conamara do Shiobhán. Bhain sí céim sa Ghaeilge agus sa mhata amach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2003, agus Ard-Dioplóma sa Teicneolaíocht Faisnéise in Áras Shorcha Ní Ghuairim, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Carna in 2004. Tá sí ag obair le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ó 2006 i leith.

### Máire Rós Ní Loingsigh

Is as Baile Mhúirne, Gaeltacht Mhúscraí do Mháire Rós. Bhain sí céim onóracha amach sna Teangacha Feidhmeacha (an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Spáinnis) in Ollscoil Luimnigh in 2013.

**Helen Ó Catháin**

Is as Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo do Helen. Tá an Diplóma sa Ghaeilge chomh maith le Diplóma Iarchéime sa Ghaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán bainte amach aici. Tá leabhar Gaeilge do pháistí foilsithe aici.

**Ben Ó Ceallaigh**

Is as iarthar Ros Comáin ó dhúchas do Ben. Bhain sé céim amach sa tsocheolaíocht, sa pholaitíocht agus san fhealsúnacht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2010. Chuir sé spéis sa Ghaeilge trí bheith ag éisteacht le grúpaí *Anarcho-Punk* as Albain a chanann i nGaeilge na tíre úd.

**Declan Quinn**

Is as Contae an Chláir ó dhúchas do Declan. Tá céim aige sa Fhraincis agus sa Ghaeilge ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá MA san Aistriúchán aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.